


Cluas sa Cheannáras

L. 3



Cillian Murphy ar ais i nGaillimh le drama athscríofa de chuid Enda Walsh, 'Misterman'

L. 16



€1.65 (£1.50)
Uimh. 27



Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

● 08.07.2011

Neamhaird á déanamh ar an Dlí

FSS agus Ard-Mhúsaem na hÉireann ag sárú a ndualgas reachtúil teanga

Treasa Bhreathnach

DEN chéad uair riamh, mheas an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, go raibh air na cumhachtaí uile atá aige mar Choimisinéir Teanga a thabhairt san áireamh i leith dhá chomhlacht phoiblí atá ag sárú a ndualgas reachtúil teanga.

Tá dhá thuarascáil leagtha ag Oifig an Choimisinéara Teanga faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus is faoi Thithe an Oireachtais anois atá sé chun céimeanna breise a thógáil maidir leis an dá chomhlacht phoiblí.

Is iad Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus Ard-Mhúsaem na hÉireann atá i gceist agus cé go raibh sé de cheart acu achomharc Ard-Chúirte a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Choimisinéara Teanga, ní mar sin a rinne siad.

Níor chuir siad moltaí an Choimisinéara i bhfeidhm ach an oiread.

Dúirt an tUasal Ó Cuirreáin agus é ag seoladh na tuarascála, **"Is é seo an chéad uair ó bunaíodh an oifig seo go raibh orainn na céimeanna seo a thógáil. B'éigean dúinn**

é a bhagairt ó am go chéile ach ní raibh orainn an chéim a thógáil."

Rinne an Coimisinéir Teanga an dá thuarascáil seo a sheoladh ag Oifig an Choimisinéara Teanga chomh maith le moltaí don rialtas maidir leis an athbhreithniú a bhfuiltear ag súil lena dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 Dé Máirt na seachtaine seo.

Le linn na bliana 2009 rinne Oifig an Choimisinéara Teanga imscrúdú ar sheirbhísí áirithe de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann tar éis go ndearna duine den phobal gearán faoin bhféilire imeachtaí dá gcuid a bheith ar fáil i mBéarla amháin.

Tá sé de dhualgas, de réir foráil reachtúil, ar Ard-Mhúsaem na hÉireann go mbeadh dóthain foirne le cumas Gaeilge agus Béarla acu chun seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil don phobal.

San imscrúdú a rinne Oifig an Choimisinéara Teanga, ní raibh an Ghaeilge tugtha mar riachtanas le haghaidh ceann ar bith den 103 post a líonadh ann ó 2005.

Ar lean ar leathanach 2

Rí na cadhcála, Ruairí O' Toole



Tháinig muintir Chonamara amach ina gcáda le fáilte fhraochta fhíorchaoín a chur roimh sheaimpín áitiúil na cadhcála, Ruairí O' Toole (ar chlé), is é a dheartháir Pearse (ar dheis) an cóit-seálaí atá aige. Bhuaigh Ruairí an bonn óir sa 200m agus bonn airgid sa 500m ag Comórtas Domhanda Samhraidh na gCluichí Oilimpeacha Speisialta 2011. Bhí tinte cnámh an bealach ar fad ó Bhearna go dtí a áit dúchais, An Spidéal. "Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le chuile dhuine ó Chonamara a chuir an chóisir ar bun oíche Chéadaoin do Ruairí," arsa deirfiúr le Ruairí, Máire O' Toole, le Gaelscéal.

Éire ceann sprice do gháinneáil ar dhaoine?

Seosamh Ó Riain

TAR éis an ruathair is déanaí de chuid na nGardaí ar dhrúthlann eile, an ceann seo i Mainistir na Corann, Co. Chorcaí, tá craiceann chnámh lom na firinne á chur le tuairisc de chuid na Roinne

Stáit, Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le gáinneáil ar dhaoine (*human trafficking*) sa tír seo. Dé réir na tuairisce sin, bhí 75 fiosrúchán Éireannach i 2010 ar amhrastaigh lena mbaineann gáinneáil ar dhaoine. Sin naoi gcinn níos mó ná an bhliain roimhe sin.

Rinneadh cur síos ar Éirinn sa doiciméad mar thír "leibhéal 1", is é sin ná "ceann sprice, foinse agus tír idirthurais do mhná, fir agus páistí atá faoi lé gáinneála ar dhaoine agus oibre éigeantais."

Ar lean ar leathanach 3

OIDEACHAS

Ardleibhéal thuas, GCSE thíos

Anton Mac Cába

LE ceithre bliana anuas tá laghdú 33% ar líon na scoláirí a chuaigh faoin scrúdú Gaeilge GCSE ó thuaidh. Is é GCSE an scrúdú a dhéanann scoláirí ag deireadh na cúigiú bliain ar scoil.

Thit an líon gach bliain. In 2007, bhí 2,710 ag dul faoin scrúdú. I mbliana, ní raibh ach 1,845 ann.

Tá ceangal idir seo agus gan dualgas bheith ar dhaltaí níos mó nuatheanga a dhéanamh ag leibhéal GCSE. Tá sé amuigh ar theangacha go bhfuil siad 'deacair'.

Tá an scéal níos fearr ag an Ard-Leibhéal. Is é sin an scrúdú a dhéanann daltaí ag deireadh na scolaíochta.

Bhí méadú 14% ann. Chuaigh 329 faoin scrúdú i mbliana le hais 281 in 2007. Mar sin féin, tá tromlach na ndaltaí a dhéanann Gaeilge ag GCSE ag tréigint an ábhair i ndiaidh dóibh an scrúdú a bhaint amach.

I mí an Mhárta thug an tAire Oideachais ag an am, Caitríona Ruane, briseadh síos scoil ar scoil idir 2006 agus 2010.

Ar lean ar leathanach 4

NUAHT NÁISIÚNTA

Neamhaird á déanamh ar an Dlí

Ar lean ó leathanach a haon

Agus é ag labhairt ar gheallúint de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann go mbeadh féilire imeachtaí leasaithe á fhoilsiú acu i mí Eanáir 2011, deir an Coimisinéir Teanga sa tuarascáil a d'fhoilsigh sé, “Ba chúis iontais agus díomá dom nach ndearna Ard-Mhúsaem na hÉireann beart de réir briathair agus gur i mBéarla amháin a foilsíodh an féilire imeachtaí i mí Eanáir 2011.”

Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga dhá imscrúdú ar an FSS a tháinig chun críche in 2009 agus le linn 2010 rinneadh scrúdú ar an mbealach inar cuireadh na moltaí imscrúdaithe i ngníomh.

Is ar dhá ábhar faoi leith a bhí na himscrúduithe ag díriú: Scéim Teanga FSS (Limistéar an Iarthair), agus comharthaí maidir le fliú na muc.

Faoin scéim teanga do Limistéar an Iarthair de chuid an

FSS bhí roinnt gealltanais tugtha acu, gealltanais a ndearna siad sárú orthu, dar le hOifig an Choimisinéara Teanga; leaganacha dátheangacha d'fhoirmeacha a bheith ar fáil, earcaíocht agus socrúcháin i gceantair Ghaeltachta, cúram othar a bheith ar fáil sna hospidéal i rogha teanga an othair agus aonad riaracháin Gaeilge ar leith le foireann le Gaeilge líofa a bheith bunaithe i nGaeltacht na Gaillimhe.

Rinne an FSS roinnt leithscéalta maidir leis na fáthanna nár éirigh leo na geallúintí seo a bhaint amach, nascadh na mbord sláinte ar fad faoin bhFeidhmeannacht, gur tionscnamh náisiúnta a bhí iontu agus gur dá bharr sin a bhí moill, agus an ghéarchéim eacnamaíochta.

Deir an tUasal Ó Cuirreáin ina thuarascáil faoin FSS, “**Ba é mo bharúil nár leor aon cheann ná fiú gach ceann acu sin le chéile mar leithscéal chun dualgas a bhí daingnithe go reachtúil a leasú, a mhaolú, a mhoilliú nó a chur ar ceal.**”

Ó thaobh na heaspa comharthaí Gaeilge a bhí in airde ag an FSS i leith fhliú na muc agus nach raibh fáil ar an leabhrán faisnéise dar teideal Influenza A(H1N1) i nGaeilge,



An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, ag preasócaid ar an Spidéal. [PIC: SEÁN Ó MAINNÍN]

tháinig líon suntasach gearán ón bpobal go dtí Oifig an Choimisinéara Teanga.

Cheistigh an Coimisinéir Teanga sa tuarascáil, “an raibh coimhlínt i ndáiríre idir na dualgais thromchúiseacha sláinte a bhí ar an FSS in am na héigeandála agus dualgais i dtaca le cearta teanga?”

Tá an dá thuarascáil seo

anois faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus is orthu a thiteann sé cinneadh a dhéanamh cé acu a thógfaidh siad céimeanna breise dá bharr, nó nach dtógfaidh.

Rinne an Coimisinéir Teanga moltaí don rialtas d'athbhreithniú Acht na dTeangacha Oifigiúla ag an ócáid chéanna.

Achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla in 2003, ocht mbliana ó shin an tseachtain seo, agus cuireadh i bhfeidhm é cúig bliana ó shin.

Mhol an Coimisinéir Teanga sé leasú ar an Acht; rangú a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí ina gcatagóirí éagsúla (A, B, C) agus go mbeadh na leibhéil seirbhíse trí Ghaeilge

i gcomhréir leis an rangú sin.

Mhol sé freisin go mbeadh dualgais reachtúla ar chomhlachtaí poiblí go mbeadh a seirbhísí Gaeilge ar comhchaighdeán lena seirbhísí Béarla.

An an tríú moladh a rinne sé ná go mbeadh tábhacht á tabhairt d'aistriúcháin a dhéanamh ar cháipéisí agus foilseacháin a bhfuil éileamh ag an bpobal orthu.

Tá sé á mholadh ag Oifig an Choimisinéara Teanga chomh maith:

- Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú ar chóras na scéimeanna teanga faoin Acht ar bhonn straitéiseach agus comhsheasmhach nó go bhforbrófaí córas nua caighdeán a bheadh bunaithe ar rialacháin reachtúla mar atá beartaithe don Bhreatainis sa Bhreatain Bheag.

- Ba cheart córas nua earcaíochta agus oiliúna a chur i bhfeidhm a rachadh i ngleic leis an easpa foirne sa chóras poiblí le cumas dátheangach.

- Ba cheart chomh maith go mbeadh bonn reachtúil i gceist do dhaoine a n-ainm, sloinne agus seoladh a úsáid ina rogha teanga oifigiúil agus iad i mbun gnóthaí le comhlachtaí poiblí.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar

Eagarthóir

ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile

Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach

Iriseoir

treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Seosamh Ó Riain

Iriseoir

seosamh.oriain@gaelsceal.ie

Katie McGreal

Iriseoir

katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin

Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain

Soláthróir Ábhair Spóirt

grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Le cabhair ó:

Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhráíonn le litríú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Bua Chomhaontas an Bhia Mearsheirbhíse san Ardchúirt

Treasa Bhreathnach

RIALAIKH an Ardchúirt inné go raibh an córas faoina leagtaí síos bunrátaí pá d'oibrithe Chomhaontas an Bhia Mearsheirbhíse mífhunreachtúil.

Thug Comhaontas an Bhia Mearsheirbhíse (Quick Service Food Alliance), dúshlán bunreachtúil chun na hardchúirte agus iad ag ceistiú na ndlíthe a shocraíonn rátaí íosmhéid pá agus coinníollacha oibre d'os cionn 190,000 oibrí san earnáil.

Tá os cionn 170 bialann a thagann faoi scáth Chomhaontas an Bhia Mearsheirbhíse, Burger King agus Supermac's san áireamh, agus is iad an comhlacht 'John Grace Fried Chicken Ltd', atá lonnaithe i gCorcaigh, a thug an dúshlán cúirte.

Thug siad faoin mbóthar seo i mí Márta

na bliana seo, agus an cás á thabhairt acu i gcoinne chóras an chomhchoiste oibreachais (JLC), na Cúirte Oibreachais agus an stáit.

Rinne siad an argóint ag tús an cháis go raibh sé mífhunreachtúil gurbh iad JLC a leag síos na coinníollacha oibre agus rátaí íosphá oibre d'fhostaithe san earnáil.

Deir siad go raibh sé mífhunreachtúil gur tugadh an chumhacht d'eagraíocht eile taobh amuigh de Thithe an Oireachtais dlíthe a dhéanamh.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar láidir ag an rialú seo ar phleananna an rialtais agus iad ag iarraidh leasuithe a dhéanamh ar an gcóras faoina leagtaí síos bunrátaí pá agus coinníollacha oibre d'fhostaithe sna hearnálacha óstáin, bialainne, gruagaireachta agus slándála.

Tá an tAire Fiontar, Post agus Nuálaíochta, Richard Bruton, tar éis moltaí maidir le leasuithe ar an gcóras a chur os comhair an rialtais agus tá súil le cinneadh uathu go luath.

Cé go séanann an tAire Bruton go bhfuil scoilt idir an dá pháirtí ar an gceist seo, admhaíonn sé go bhfuil tuairimíocht de chineálacha éagsúla idir an dá pháirtí sa chomhrialtas, Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre, ar an gceist.

Deir an tAire Bruton go bhfuil iallach air leasuithe a dhéanamh ar an gcóras faoi chomhaontas an EU/IMF, ach tá Páirtí an Lucht Oibre i gcoinne aon leasú a dhéanfadh an bunráta pá níos ísle. Mar thoradh ar an rialú seo, tá súil go mbeidh iarratas á dhéanamh ag na ceardchumainn d'achomharc don Chúirt Uachtarach.

Leithscéal

IN EAGRÁN de chuid Gaelscéal le déanaí (3ú Meitheamh 2011), cuireadh ráiteas i leith Phríomhfheidhmeannach Chumann Peil Gael na mBan, Helen O'Rourke, maidir le stádas na Gaeilge san eagraíocht trí chéile agus go háirithe maidir le húsáid na Gaeilge ar lógó nua an Chumainn.

Admhaíonn Gaelscéal nár thug Helen O'Rourke aon ráiteas do Gaelscéal ar a son féin ná ar son an Chumainn maidir le stádas na teanga san eagraíocht ná maidir le haon ní eile bainteach leis an Ghaeilge.

Dearbhaíonn Cumann Peil Gael na mBan go dtugann siad tacaíocht don teanga agus go leanfaidh sé seo ar aghaidh mar go labhraíonn mórán imreoirí agus lucht riaracháin an Ghaeilge.

Gabhann Gaelscéal leithscéal gan chuntar le Helen O'Rourke as ucht an ráiteas seo a fhoilsiú agus as ucht an damáiste agus an chur trína chéile a bhain di agus tá muid sásta an ráiteas seo a tharraingt siar ina iomláine.

Cluas sa Cheannáras



Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, Colm Ó Broin

Willie 'Ó Deághaidh' Guevara

TÁ deacracht mhór ag Fianna Fáil gearán a dhéanamh faoin na hathruithe ar phá an Domhnaigh atá molta ag an Aire Fiontar Richard Bruton.

Aon uair a dhéanann Teachtaí FF clamh-



sán sa Dáil screadann an mathshlua ó bhinsí an Rialtais, “*You cut the minimum wage!*”

Is beag freagra a bhí air seo sa seomra, ach tá ceann aimsithe ar deireadh ag Willie O'Dea - chuir fostóirí dul amú ar Fhianna Fáil bocht faoin tionchar fostaíochta a bheadh ag an ngearradh ar an íosphá náisiúnta.

Creid nó ná creid, tá Fianna Fáil ag déanamh ionsaí ar chaipitlithe na tíre anois. Tá siad timpeallaithe ag Teachtaí den eite chlé sa Dáil anois agus is cosúil go bhfuil siad tagtha faoi dhraíocht na hanailíse Marxsaí-Leiníní!

Rinne Charlie McCreevy maíomh in 2005 go raibh triúr 'fíor'-shóisialach sa Dáil, Joe Higgins agus Bertie Bhuaigh mé é ar na capail! Ahern ina measc. Tuairiscíodh gur bhall eile de chuid Fhianna Fáil an triú ceann, Martin Brady. Is cosúil anois go raibh tuilleadh sóisialach rúnda i bhFianna Fáil. Dúirt Willie O'Dea le Gaelscéal: “Tháinig grúpaí gnó chuig an rialtas deireanach ag rá go n-earcódh siad go leor leor daoine dá laghdódh muid an t-íosphá náisiúnta, ach ní dhearna siad é sin nuair a laghdaíodh é.

“Anois tá na dreamanna gnó céanna ag rá gur cheart dúinn na rátaí JLC a laghdú chun fostaíocht a speagadh.”

Tá Willie in amhras anois an é leas na n-oibrithe an chloch is mó ar phaidrín diamaint na bhfostóirí.

Céard atá le rá ag na saoiistí leatromacha faoin dearcadh nua?

“Is athrú poirt iomlán é seo,” arsa urlabhraí Chumann Bhialanna na hÉireann, agus é ag tógáil sosa óna lón d'uibheacha geirge agus bradán deataithe. Ní

fios an é an Internationale an port nua atá i gceist aige.

“Tá Fianna Fáil imithe chomh fada ar chlé agus a d'fhéadfaidís agus iad ag iarraidh seasamh pobalach a ghlacadh ar an gceist seo.”

“Ba mhaith linn a rá go soiléir nach é seo an seasamh atá ag fostóirí ar fud na tíre,” ar seisean.

Tá do rabhadh faighte agat anois a Willie!

Gerry agus Jerry

CHUIR ceannaire Shinn Féin Gerry Adams brú ar an Taoiseach Enda Kenny sa Dáil Dé Máirt le sraith ceisteanna faoi 'ghealltanais bhriste'.

Bhí dhá bhealach ag Fine Gael le dul i ngleic leis an mbrú seo, fimíneacht a chur i leith Shinn Féin agus spochadh a dhéanamh as taithí pharlaiminte Gerry Adams.

Dúirt Adams go raibh sé íorónta go raibh Fine Gael ag cúlú ó ghealltanais a rinne siad tráth agus gealltanais Fhianna Fáil ó thaobh airgid do bhaincéirí móra agus bainc nimhiúla á gcur i bhfeidhm acu.

Cé na gealltanais a choimeád Sinn Féin agus iad sa rialtas ó thuaidh a d'fhiafraigh Jerry Buttimer, feisire FG ó Lár-Dheisceart Chorcaí.

Dúirt an Taoiseach go mbeadh tuairiscí faoi chur i bhfeidhm Chlár an Rialtais á bhfoilsíú ar shuíomhanna na ranna rialtais níos déanaí i mbliana.

Níor shásaigh sé seo Adams áfach agus é ag liostú sraith ábhar a bhí ag déanamh tinis dó, ina measc, gealltanais go gcoimeádfai seirbhísí timpiste agus éigeandála ar oscailt in ospidéal.

“Rinne Sinn Féin an rud céanna sa Tuaisceart roimh an toghchán Tionóil,” arsa Buttimer, agus é cinnte de go raibh modh éifeachtach aimsithe aige chun ionsaithe Shinn Féin a chosaint.

Bhí bealach níos caolchúisí ag Enda Kenny ceisteanna iar-MP Iarthar Bhéal Feirste a sheachaint.

“Tá an Teachta Adams ag foghlaim go han-tapaigh. Thóg sé ceist faoi na Cluichí Oilimpeacha Speisialta, méadair uisce, an muirear sóisialta uilíoch, dochtúirí sóisearacha agus Bille Comhalta Phríobháidigh a pháirtí i gcomhthéacs ceiste a bhaineann le dáileadh athbhreithniú foirméalta ar chur i bhfeidhm Chlár an Rialtais.”

Cleas chun ceisteanna dofhreagartha a fhreagairt

IS cinnte go bhfuil níos mó taithí ag Enda Kenny sa Dáil ná Gerry Adams, go deimhin féin tá níos mó ama caite aige sa Dáil ná aon TD reatha eile. Bhí an taithí sin ag teastáil go géar uaidh Dé Céadaoin nuair a threisigh an raic faoi chiorruithe ar sheirbhísí éigeandála in Ospidéal Ros Comáin.

Le linn Cheisteanna an Taoisigh, léigh ceannaire Fhianna Fáil Micheál Martin sliocht as bileog thoghchánaíochta de chuid Fhine Gael a gheall nach ndéanfaí

aon chiorrú ar na seirbhísí sin san ospidéal.

Bhí Martin ag déanamh aithris ar Vladimir Klitschko agus bhí Kenny i sáinn. Dúirt Fine Gael roimh an toghchán nach raibh siad chun seirbhísí a chiorrú ach anois bhí an gealltanais sin briste acu agus bhí an fhianaise i lámha an Chorcaigh.

Bhí an chuma ar chúrsaí go mbeadh Kenny buailte ag an tslat a bhain sé é féin. An raibh sé chun ról David Haye a ghlaacadh? Ní raibh, ná baol air!

An cleas is fearr atá ag polaiteoirí ná: mura bhfuil freagra agat ar cheist, ná freagair an cheist é fhéin.

Bhí an méid a bhí le rá ag Martin “tru-amhéalach” de réir Kenny, an chloch is mó ar phaidrín an rialtais ná sábháilteacht na n-othar. Sea, ní raibh an rialtas ag gearradh seirbhísí in ospidéal timpeall na tíre ar mhaithe le hairgead a choigilt chun sealbhóirí bannaí bainc a íoc, ach chun sláinte na ndaoine a fheabhsú!

Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl don rialtas go raibh imní orthu faoi shláinte agus sábháilteacht in ospidéal bheaga, arsa Enda.

Bheadh dochtúirí ginearálta ar fáil i rith na hoíche tar éis na n-athruithe chun clúdach a thabhairt do mhuintir Ros Comáin, ar seisean.

“Tá sé ráite ag na dochtúirí sin go gcuirfear saol daoine i mbaoil má leanann an Rialtas ar aghaidh leis an dúnadh seo,” arsa Gerry Adams i nGaeilge.

Tar éis dó moladh a dhéanamh go nglacadh daoine páirt in agóid in aghaidh na gcorruithe, spreag adh a shean-namhaid, Jerry Buttimer, chun cainte.

“Céard faoi na corruithe ar fad sa Tuaisceart?” ar sé. Cháin Adam U-chastaí an Taoisigh ó ceapadh é: “Céard faoi na U-chastaí atá déanta ag Sinn Féin sa Tuaisceart,” a dúirt Jerry.

Bhí sé ag marú madra marbh faoin dtráth seo áfach agus bhí a shá den taictic ag an gCeann Comhairle, Seán Barrett.

“A Theachta Buttimer, caithfidh mé labhairt leat gach uile lá. An bhfanfaidh tú i do thost le do thoil?”

“Tá sé dodhéanta air é sin a dhéanamh,” arsa Tom Hayes (FG, Tiobraid Árann Theas). “Ní cúis mhagaidh é seo,” arsa an Ceann Comhairle. Mar chuid den fhreagra fadálach a bhí ag an Taoiseach ar cheist Adams bhí an seod seo: “Ní féidir gach rud a bheith againn ag gach crosbhóthar.”

Seans go raibh sé ag déanamh iarrachta míshuaimhneas a chothú i measc Theachtaí Dála Fhianna Fáil agus croithe na léinte gorma a ardú trí bhuille glic a thabhairt d'oidhreacht Dev.

Bhí thart ar mhíle agóidí lasmuigh den Dáil oíche Chéadaoin agus na Teachtaí ag vótáil ar rún de chuid Shinn Féin a chur i gcoinne corruithe ar sheirbhísí ospidéal Ros Comáin. Vótáil Teachta Dála FG ó Ros Comáin, Frank Feighan, in aghaidh an rúin, agus vótáil a leathbhádóir, Denis Naughton, ar a shon.

An tseachain seo chonaic muid seirbhísí sláinte á ngearradh, rialtas atá ag brath ar fhocal an quango is measa sa stát (an HSE) agus ag diúltú ceisteanna a fhreagairt, na céadta agóidí bailithe lasmuigh den Dáil, cúlbinseoir (Tommy Broughan, Lucht Oibre) ag ceistiú an rialtais go dian faoi chiorruithe oideachais, agus cúlbinseoir eile ag vótáil in aghaidh an rialtais de bharr corruithe leighis - is cinnte go bhfuil mí na meala an rialtais nua thart.

Éire ceann sprice do gháinneáil ar dhaoine?

Ar lean ó leathanach a haon

Rinneadh an ruathar ar an drúthlann i Mainistir na Corann Dé Mháirt, tar éis gur chuir Gardaí i ngnáthéadach faireachas fadálach i gcric ar theach sa bhaile. Tháinig muintir an tí faoi amhras de bharr go bhfacthas roinnt fear ag dul isteach agus amach as an teach go mioninic.

Dúirt Garda ó Bhrairse na mBleachtairí i Mainistir na Corann le Gaelscéal gur gabhadh beirt bhan san oibríocht, nach as an tír seo ceachtar díobh, agus tógadh an bheirt chuig stáisiún na nGardaí áitiúil.

Scaoileadh bean amháin acu saor oíche Chéadaoin, ach gabhadh an bhean eile agus tugadh os comhair Chúirt Dúiche Mhainistir na Corann í, ag

10.30r.n. maidin inné. Cuireadh an Chúirt ar atráth, áfach, go Déardaoin, 14 Iúil, i Mainistir na Corann de thoradh nach rabhtas in ann aitheantas na mná a dheimhniú.

Thug Gardaí le fios gur féidir go mbeidh tuilleadh gabhálacha amach anseo sa chás.

De réir fiosrúcháin de chuid an BBC le gairid, caitear £500,000 in aghaidh na seachtaine ar striapachas sa Tuaisceart, agus dar leis na póilíní, tá thart ar 88 drúthlann ann.

Ní fios dúinn na figiúirí don taobh seo den tír, ach i mí Feabhra 2010, ciontaíodh TJ Carroll as bheith i bhfeidhm ar cheann de na slabhraí striapachais is mó i stair an Stáit. Rinne sé bainistíocht ar líonra de 48 drúthlann ar fud na 26 contae.



Department of
**Agriculture and
Rural Development**
www.dardni.gov.uk
AN ROINN
**Talmhaíochta agus
Forbartha Tuaithe**
MINISTRE O
**Fairms an
Kintra Fordèrin**

**Folúntas ar Bhord an Choimisiúin
Beostoic agus Feola**

**An bhfuil scileanna, eolas agus taithí agatsa ar
Earnáil Phróiseála na Feola Deirge?**

Tá ról tábhachtach le comhlíonadh ag **Coimisiún Beostoic agus Feola Thuaisceart Éireann (LMC)** maidir le forbairt thionscal an bheostoic (eallach agus caoirigh) agus na dtáirgí bainteacha. Áirítear leis seo smaointe straitéiseacha margaíochta a fhorbairt a rachaidh chun sochair don tionscal ina iomláine.

An speis leatsa an folúntas seo? Ní fada go dtiocfaidh folúntas anois le haghaidh iarrthóra a bheidh in ann scileanna, taithí agus eolas ar earnáil próiseála na feola deirge a thabhairt chuig an obair a dhéanann an LMC. Is féidir níos mó eolais a fháil ar an LMC, ar an ról atá ag Baill an Bhoird agus ar an dóigh le hiarraas a dhéanamh ach cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin na Roinne: www.dardni.gov.uk. Is féidir foirm iarratais a íoslódáil ón suíomh gréasáin seo. Faigheann Baill an Bhoird £6,485 in aghaidh na bliana mar aon le costais réasúnacha.

Is féidir pacáiste eolais agus foirm iarratais (is féidir a sholáthar i bhformáidí malartacha) a fháil ach litir a chur chuig Trevor Hanna, Brainse Polasaí Bia RTFT, Seomra 142, Teach Dhún Dónaill, Béal Feirste BT4 3SB. Is féidir teagmháil teileafóin a dhéanamh leis chomh maith: 028 9052 4616 nó ar theacsfón: 028 9052 4420 nó trí ríomhphost (trevor.hanna@dardni.gov.uk).

Is é an dáta agus an t-am druidte a nglacfar le foirmeacha iarratais 1700 a chlog Dé Céadaoin 10 Lúnasa 2011.

Tá an Roinn tiomanta do na prionsabail a bhaineann le ceapacháin phoiblí atá bunaithe ar thuilleamas, le measúnacht neamhspleách, le hoscailteacht agus le trédhearcacht próisis. Tá RTFT tiomanta chomh maith do chomhionannas deiseanna agus ós rud é go bhfuil na mná, daoine de chúlra eitneach agus daoine faoi mhíchumas faoi ghannionadaíocht i láthair na huair ar Bhord an LMC, cuirfear fáilte ar leith roimh iarratais ó na grúpaí seo.

CPANI
The Commissioner
for Public Appointments
Northern Ireland

REGULATED

www.dardni.gov.uk

Cultúr seachas teanga an tosaíocht ag ceannasaí úrnua Tha Boord o Ulstèr-Scotch

Admhaíonn Ian Crozier nach bhfuil sé líofa in Albainis Uladh

Tomaí Ó Conghaile

Is ar chúrsaí ginearálta cultúir seachas ar chur chun cinn teanga a bheas Ian Crozier ag díriú ina ról nua mar Phríomhfheidhmeannach ar Ghníomhaireacht Albainis Uladh. Ceapadh an tUasal Crozier, a bhí ina Chomhairleoir de chuid an DUP ar Chomhairle Bhéal Feirste ón bhliain 2001, ceapadh é sa ról an tseachtain seo agus tagann sé i gcomharbacht ar Hazel Campbell a bhí ag feidhmiú sa phost le 18 mí anuas.

Bunaíodh an Ghníomhaireacht mar thoradh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta chun ‘teanga agus cultúr Albainis Uladh a chur chun cinn’ agus is comhlacht trasteorann teanga é ar an dul céanna le Foras na Gaeilge.

Cé go bhfuil ‘staidéar, caomhnú, forbairt agus úsáid Albainis Uladh mar theanga bheo’ luaite go sonrach i sainchúram an eagrais áfach, is mó a dhíríonn obair na Gníomhaireachta ar chultúr ginearálta na hAlbainise – damhsa, ceol agus stair go príomha – seachas ar an chanúint féin.

Tá an bhéim sin le feiceáil sa cheapachán is déanaí seo a chuireann duine nach bhfuil líofacht Albainise aige i mbun obair na heagraíochta.

“Is as tuaisceart Bhéal Feirste mé agus cé nach bhfuil Albainis Uladh á labhairt sa cheantar tá go leor focal ag muintir na háite, fiú i ngan fhios dóibh féin,” ar sé.

“Tá an-suim agam san oidhreacht a thóg muintir na hAlbainise leo anseo go cúige Uladh agus tá baint agam le tograí cultúir le tamall anuas.

“Dar liomsa nach féidir na gnéithe



Príomhfheidhmeannach nua Gníomhaireacht na hUltaise, Ian Crozier.

Cé go bhfuil ‘staidéar, caomhnú, forbairt agus úsáid Albainis Uladh mar theanga bheo’ luaite go sonrach i sainchúram an eagrais áfach, is mó a dhíríonn obair na Gníomhaireachta ar chultúr ginearálta na hAlbainise – damhsa, ceol agus stair go príomha – seachas ar an chanúint féin. Tá an bhéim sin le feiceáil sa cheapachán is déanaí seo a chuireann duine nach bhfuil líofacht Albainise aige i mbun obair na heagraíochta.

éagsúla den chultúr - teanga, damhsa, ceol srl. - a bhaint as a chéile agus gur chóir dúinn tabhairt fúthu mar aonad amháin seachas díriú orthu ina naonar.”

Deir an tUasal Crozier gur féidir le cultúr na hAlbainise cur go mór le turasóireacht ar an oileán, thuaidh agus theas (tá oifig ag an Ghníomhaireacht i Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall), agus go bhfuil sé de rún aige eolas ar an chultúr a thabhairt a fhad leis an oiread daoine agus is féidir le linn a thréimhse sa phost.

“Tá an-chuid daoine anseo, in Albain agus sna Stáit Aontaithe, a bhfuil spéis acu i gcultúr níos leithne na hAlbainise agus tá deis againn tuilleadh turasóirí a mhealladh anseo dá bharr.”

Ag trácht dó ar an díospóireacht shíoraí pholaitiúil atá ann maidir le cé acu teanga nó canúint í Albainis Uladh, deir an tUasal Crozier go bhfuil Ullans aitheanta mar theanga faoi Chuid II den Chairt Eorpach um Theangacha Reigiúnacha nó Mionlaigh agus gur fearr leis díriú ar chur chun cinn an chultúir in ionad plé a dhéanamh ar cheisteanna teangeolaíochta.

Beidh aird bhreise ar chur chuige na Gníomhaireachta sa tréimhse amach romhainn de bharr an amhrais a caitheadh go minic ar éifeacht an eagrais.

In 2003 tháinig sé chun solais gur chaith an Cathaoirleach, Lord Laird, na céadta punt ar thacsaithe idir Baile Átha Cliath agus Doire agus ag deireadh 2009 d’admhaigh Aire Cultúir an Tionóil an ag am, Nelson McCausland, go raibh inní air faoin dóigh a raibh an Ghníomhaireacht á reáchtáil.

Ardleibhéal thuas, GCSE thíos

Ar lean ó leathanach a haon

As 87 scoil mar a raibh an Ghaeilge ar fáil mar ábhar GCSE, bhí laghdú ar líon na ndaltaí a chuaigh faoin scrúdú i 63 acu.

Dúirt Dominic Ó Brolcháin, Urlabhraí Oideachais an SDLP, gur thosaigh an laghdú ar an Ghaeilge sna scoileanna neamhroghnaithe. “Anois, tá sé ag leathnú chuig na scoileanna gramadaí,” ar seisean. “Is cúis inní é sin.

“Is deacair a rá cad chuige go bhfuil sé ag titim. B’fhéidir go bhfeictear do dhaltaí nach bhfuil rogha slí bheatha acu

ach múinteoireacht.

D’eisigh Comhar na Múinteoirí Gaeilge dlúthdhiosca leis na féidearthachtaí a bhaineann le Gaeilge.

Chuir siad sin thart ar na scoileanna.”

Dúirt sé, leis, go raibh deacrachtaí maidir le hábhar teagaisc. “Níl an cineál ábhair á chur ar fáil don Ghaeilge agus atá don Fhraincis agus don Ghearmáinis.

Ní dearnadh go leor infheistíochta sna hábhair teagaisc. Is ceist é a bhaineann le cóimheas bheith ar an teanga.”

Bás Frank Gallagher

Anton Mac Cába

FUAIR Frank Gallagher, iar-chomhairleoir ón Chomhaontas Glas ar Chomhairle Baile Leitir Ceanainn, bás in aois a 61 bliain.

Bhí sé ina pharaimílteach Poblachtach ó thuaidh, san IRA Oifigiúil agus ansin san INLA ag tús na 1970idí, ina bhall de Pháirtí Glas na Gearmáine, agus ina fheachtasóir ar chúrsaí timpeallachta i nDún na nGall.

Ba Bhéal Feirsteach é Frank ó cheantar Ard na bhFeá in iarthar na cathrach. Bhí sé tamall ina cheann foirne ar an INLA. Agus é ina oifigeach ceannais ar chimí an INLA sa Cheis Fhada, d’eagraigh sé 10 acu chun éalú i 1976. Bhunaigh sé Comhairle Champach. Bhí

ionadaithe ann ó na grúpaí paraimíleatacha ar fad, idir phoblachtach agus dhílseach.

Thit an INLA as a chéile ag tús na 1980idí. D’imigh Frank chun na Gearmáine agus chláraigh leis an Pháirtí Glas.

Bhuail ailse é. Shocraigh sé gurbh fhearr bás a fháil in Éirinn gur fhíll ar Dhún na nGall sna 1990idí. Bhí pleanálaithe ag tabhairt cead a gcinn d’fhorbróirí sa chontae. Thug Frank dúshlán an pholasáil sin. Ba bhrú uaidhsean a thug ar Chomhairle Baile Leitir Ceanainn seirbhís bus a chur ar fáil don bhaile.

Comhthoghadh ar an Chomhairle Baile é. D’éirigh sé as an Chomhaontas Glas mar nár réitigh sé le polasaithe an chomhrialtais Fianna Fáileach-Glasach.

Bás Oliver Napier

Gráinne Ní Ghillín

CUIREADH Oliver Napier faoin chré Dé Máirt in Ard Mhic Nasca, Contae an Dúin. Ba pholaiteoir ceannródaíoch é a bhí ar bhunaitheoirí pháirtí an Alliance.

Rugadh é ar 11 Iúil 1935 agus chaith sé a óige i mBaile Chrotail gar do Dhún Pádraig. Fuair sé a chuid meánscolaíochta i gColáiste Mhaolmhaodhóg i mBéal Feirste agus bhain céim amach sa dlí in Ollscoil na Banríona. Chuaigh sé ag obair mar dhlíodóir le comhlacht a athar, Napier & Sons, agus lean leis sin go dtí go ndeachaigh sé ar scor.

Chuir sé go mór i gcoinne an tseicteachais agus d’fhéach le tacaíocht pholaitiúil a fháil ó dhaoine de gach cúlra, muintir an ‘tríú traidis-

iún’ mar a thug sé féin orthu. Bhí sé dubh in éadan an imtheorannaithe agus rinne sé obair shuntasach i réimse na gceart daonna.

Tréimhse aon bhliain déag a chaith sé mar cheannaire ar Alliance, 1973 -1984, agus an bhliain i ndiaidh dó éirí as an cheannaireacht, rinneadh ridire de chuid na Ríochta Aontaithe de. Bhí sé orthu siúd a shínigh Comhaontú Sunningdale in 1973 agus ceapadh ina Aire Dlí é agus mar Cheann ar Oifig an Athchóirithe Dlí i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann in 1974. Bhí sé ar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste agus in 1979 fuair sé tacaíocht mhór ó na vótóirí in oirthear Bhéal Feirste nuair a sheas sé san olltoghchán. Ní raibh idir é agus Peter Robinson, a toghadh ina MP an iarraidh sin, ach isteach is amach le 900 vóta.



Fear groíúil ab ea Oliver Napier ar thaitin an comhluaдар agus an chaibidil go mór leis. Bhíodh fearadh na fáilte roimh chuairteoirí chun an tí agus togha na dtodóg agus na biotáille le fáil. B’aoibhinn leis plandaí a fhás agus bhí síciní, turcaithe agus piasúin fán áit aige, caitheamh aimsire a cothaíodh ina óige i mBaile Chrotail.

Más mór na héachtaí a rinne sé ina shaol mar dhlíodóir rathúil agus mar pholaiteoir, thug sé le fios sular éag sé gurbh é a theaghlach an taisce ba luachmhaire a bhí aige. Cheiliúir sé féin agus a bhean Breige, a bhí mar chrann taca i gcónaí aige, 50 bliain a bpósta i mí Aibreáin i mbliana. Maireann sí féin, ochtar de naonúr clainne, 22 garpháiste agus a dheirfiúr, Sarah.

Táillí fánaíochta ar fhóin phóca le ciorrú

Anton Mac Caba

TÁ táillí fánaíochta ar fhóin phóca le ciorrú, de bharr reachtaíochta nua ón Aontas Eorpach. Ní bhaineann seo amháin le daoine atá ar saoire. Is fadhb mhór é ag daoine sa réigiún ar fad thart ar an teorainn.

Tá an comhartha póca beag beann ar an teorainn. Is minic a bhíonn duine cois teorann ag fáil comhartha ón taobh eile. Is ar thaobh an Tuaiscirt is measa an fadhb, nó tá an clúdach níos fearr ar an taobh ó dheas.

Tarlaíonn sé ar fud na teorann. Mar shampla, i gCathair Dhoire, is

comhartha deisceartach atá ar fáil i gceantar Shráid an Easpaig i lár na cathrach. Bíonn comhartha deisceartach ar fáil ar an bhóthar idir Caisleán na Deirge agus an tSrath Bán, atá i dTír Eoghain, agus comhartha tuaisceartach ar fáil ar an bhóthar idir Leifear agus Caisleán na Finne i nDún na nGall.

Tá an Comhairleoir Brian McCafrey ina chónaí ar an Ros Liath in oirdheisceart Fhear Manach. Ainneoin an baile bheith sa Tuaisceart, is fóin phóca dheisceartacha a bhíonn ag cuid mhór daoine ann. “Má tá fón póca tuaisceartach agat, caithfidh tú

é a ghlasáil ar an ghréasán tuaisceartach,” ar seisean. “Beidh droch-chomhartha agat. Má ligeann tú dó fánaíocht a dhéanamh, beidh bille ard agat.”

Is as deisceart Ard Mhacha do Shéamus Murphy, oifigeach preasa leis an SDLP. “Má amharcaim ar an mhuintir thart ar an bhaile, is fóin phóca dheisceartacha atá ag 75%,” ar seisean. “Sa cheantar ó dheas ón mbóthar idir an tÍur agus an Baile Nua, is fóin phóca dheisceartacha atá ag tromlach na ndaoine. Ní bhacann daoine fá Chrois Mhic Linnáin fiú le fóin thuaisceartacha bheith acu. Tá

mise i mo chónaí ar an taobh ó dheas, fá Ó Méith Mara i gContae Lú, agus tá comhartha maith tuaisceartach agam.”

Tá Phil Flanagan ina Chomhalta den Tionól Reachtach ag Sinn Féin d’Fhear Manach-Tír Eoghain Theas. Dúirt sé go sroicheann an comhartha ón deisceart suas le dosaen nó 15 míle isteach sa Tuaisceart.

“Táimid ag éileamh go mbeadh táille uile-Éireannach ann,” ar seisean. “Mar shampla, is le comhlacht Spáinneach é 02. Gearrann siad táillí fánaíochta. Níl orthu airgead a dhíol le soláthraí ar bith eile, nó tá

tarchuradóirí ar dhá thaobh na teorann acu.”

Bíonn sé soiléir ar an scáileán cá as a bhfuil an comhartha ag teacht. Ach go minic ní thig le daoine gan é a fhreagairt.

Dúirt Séamus ‘Bush’ McGovern, gníomhaire eastáit a dhéanann gnó ar dhá thaobh na teorann, go mbuailtear le billí tubaisteacha fánaíochta é. “Má tá glaoch ag teacht isteach, tógann tú é,” ar seisean.

“Má ghlaonn duine éigin, agus muna bhfreagraíonn tú, cuirfidh siad scairt ar dhuine éigin eile a fhreagróidh.”

Ceisteanna le freagairt ag an dá rialtais maidir le taiscéalaíocht ar an teorainn

Danny Brown

D’FHÓGAIR an tAire Pat Rabbitte an tseachtain seo go bhfuil tús le cur le suirbhé nua geolaíoch ar na contaetha ar an teorainn le Tuaisceart Éireann.

Tellus a thugtar ar an suirbhé seo agus beidh siad ag tosú ar shuirbhéireacht aerga gan mhoill.

Rachaidh siad ar aghaidh le tástáil ar fhoinsí uisce agus ithreach níos moille agus, nuair a bheidh deireadh leis an suirbhé, beidh eolas acu ar na mianraí atá sa talamh sa cheantar.

Rinneadh an suirbhé céanna i dTuaisceart Éireann idir 2004 agus 2006 agus cheana féin tá gás nádúrtha, ór, lignít agus ola aimsithe acu ansin.

Tá súil ag lucht eagraithe Tellus i bPoblacht na hÉireann gurb amhlaidh a bheidh sé acusan freisin agus go n-aimseoidh siad mianraí luachmhara de thoradh an tsuirbhé.

Cosnóidh an suirbhé €5 milliún agus tá conradh faighte ag Sander Geophysics as Ceanada an suirbhé aerga a dhéanamh.

Beidh siad ag úsáid teicneolaíochta a cruthaíodh ag NASA le fáil amach caidé an cineál ithreach nó carraige atá ar phláinéid eile.

Rinne an comhlacht céanna an obair sin i dTuaisceart Éireann.

Is iad Dún na nGall,

Sligeach, an Cabhán, Muineachán, Lú agus Lia-troim na contaetha a bheas faoi shuirbhé sa scéim nua agus tá an rialtas ag súil go n-aimseoidh siad gás in áiteacha eile seachas Imchuach Loch Aillíonn ar tugadh ceadúnais taiscéalaíochta gáis dó ar na mal-laibh.

Cé go bhfuil an rialtas iontach dóchasach faoin scéim nua, tá daoine a bhfuil baint acu le grúpaí pobail agus eagraíochtaí timpeallachta ag caint cheana féin, fiú sula bhfuil tús curtha leis an obair, ar mhí-bhuntaistí na scéime.

Ardaíonn sé roinnt ceisteanna, dar leo.

Mar shampla, ar chóir don stát díol as suirbhé mór den chineál seo nuair a bheas sé le leas comhlachtaí móra agus corparáidí idirnáisiúnta?

Ardaíonn sé ceist cánach ar bhrabach na gcomhlachtaí seo fosta.

Nuair a bhí comhlachtaí ar nós Enterprise Oil agus Statoil ag dul don taiscéalaíocht do ghás amach ó chósta Mhaigh Eo, d’éirigh leo íslíú ráta cánach a fháil ón rialtas agus baineadh dleachtanna don stát amach as an áireamh.

Ag an am, dúradh go ndearnadh na rudaí sin le comhlachtaí a mhealladh le taiscéalaíocht a dhéanamh i limistéar iontach con-túirteach san aigéan ach deir na grúpaí timpeallachta nach bhfuil an scéal sin amhlaidh

leis an chineál taiscéalaíochta a bheadh i gceist ar an mhórhthír.

Dúirt fear amháin an tseachtain seo go bhfuil siad ag iarraidh ar roinnt polaiteoirí a bheadh báuil leo ceisteanna a chur sa Dáil maidir leis an cháin agus dleachtanna a bheadh ag teacht isteach chuig an stát ón taiscéalaíocht, go háirithe anois nuair atá brú ar achán ghné de shaol na ndaoine sa stát ó thaobh airgid de.

Ardaíonn sé sin ceist eile a thiocfaidh amach níos moille, de réir na ndaoine a bhfuil inní orthu faoin taiscéalaíocht.

Deir siad go mbeidh gás ag teacht amach as an aon imchuach amháin ach ar an dá thaobh den teorainn.

Is é an fhadhb is mó leis sin ná go bhfuil téarmaí i bhfad níos fearr ar an taobh ó dheas den teorainn ag na comhlachtaí fuinnimh agus, má bhíonn siad ag tarraingt gáis amach as faoin talamh i dTuaisceart Éireann agus á chur tríd an chóras ó dheas, níl rud ar bith le stop a chur leo an gás sin a dhíol leis an Ríocht Aontaithe ach cáin íseal a dhíol air le rialtas Phoblacht na hÉireann.

Beidh na ceisteanna sin agus ceisteanna eile le freagairt ag an dá rialtas ar an oileán seo sula dtosaíonn an obair mar is ceart ar ghás a bhaint amach as an talamh thart ar an teorainn.



Solas na gréine ar Chnoc na Teamhrach: Tá cead isteach saor in aisce go dtí na hionaid staire faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí sa tír, an chéad Chéadaoin i ngach mí, go dtí mí na Samhna.

[PIC: PHOTOCALL IRELAND]

Buama i dTamhlacht

D’ÉIRIGH le hAonad Diúscartha Buamaí an Airm buama a dhéanamh sábháilte i dTamhlacht i mBaile Átha Cliath go luath maidin inné. Fuair siad an glaoch ó na Gardaí ag 1 ar maidin chun dul go teach i gCéide an Ráithín in Achadh an Tobair agus bhí an áit sábháilte roimh 2m. Dúirt Óglaigh na hÉireann gurbh é seo an 141ú glaoch amach a fuair siad an bhliain seo agus ba é an buama seo an 25ú fíor-cheann a d’éirigh leo a dhéanamh sábháilte.

Fear marbh i dtine i nDún na nGall

Fuair seanfhear bás i dtine oíche Dé Céadaoin ar phríomhbhóthar sna Dúnaibh. Thosaigh an tine thart ar mheán oíche agus fuair na Gardaí glaoch thart ar 1m. Bhí an seanfhear sna 90 agus bhí cónaí air ina aonar. Ní cheapann na Gardaí go bhfuil aon rud amhrasach faoin eachtra ach déanfaidh siad mionscrúdú.

FOLÚNTAS

COMHAIRLE NA GAELSCOLAÍOCHTA



Athfhógairt

Príomhfheidhmeannach

Is í Comhairle na Gaelscolaíochta an eagraíocht ionadaíoch don ghaelscolaíocht ó thuaidh. Bhunaigh an Roinn Oideachais an Chomhairle in 2000 de réir a dualgas faoi Chomhaontú Bhéal Feirste.

I measc na gcrítear riachtanach don phost tá:

- Céim 3ú leibhéal;
- teacht ar mhodh cuí iompair;
- scileanna foirte cumarsáide Béarla agus Gaeilge;
- Taihi 2 bhliain ag forbairt eagraíochta, ag tabhairt ceannasaíochta d’fhoireann, á mbainistiú agus á spreagadh, agus cruthú ar an éifeacht;

Is conradh buan é. Cuirfear fáilte roimh iarratasóirí ar bhonn sabóideach. Tuarastal: Pointí Scála NJC 46 - 57 (£39k - £49k). Beidh Pinsean NILGOSC & liúntas úsáidte cairr ar fáil.

Tuilleadh sonraí le fáil ó: Comhairle na Gaelscolaíochta (Poist), 4 Sráid na Banríona, Béal Feirste BT1 6ED; Guthán 9032 1475 Facs 9032 4475; pomordha@comhairle.org

Dáta deiridh d’iarratais: 12.30 i.n. An Luan, an 11/07/11.

Is fostóir comhionannais í Comhairle na Gaelscolaíochta a chuireann fáilte ar leith roimh iarratais ón phobal Protastúnach agus ó mhná.

www.comhairle.org

An Gael Aonarach

Aonghas Breandán Mac Niall, an t-aon Ghaeilgeoir ó dhúchas atá i bParlaimint na Breataine, agus fear de bhunadh na hÉireann agus na hAlban faoi agallamh ag **Anton Mac Cába**

Tá Aonghas Breandán Mac Niall ar an aon Ghaeilgeoir ó dhúchas atá i bParlaimint na Breataine. Mar náisiúnaí Albanach, tá súil aige nach mbeidh post ansin aige mar Fheisire na nEileanan an Iar.

Is iad na hEileanan an Iar croí-lár an Phrotastúnachais soiscéalaíochta in Albain. Is Caitliceach é Mac Niall. Tá sé ar an chéad Chaitliceach a bhí ina fheisire don toghcheantar. Is minic lucht stocaireachta s'aige ag seinnt dhlúth-dhioscaí Willie McCrea, feisire de chuid an DUP.

Bhí riamh ceangal idir Mac Niall agus Gaeil na hÉireann, nó gurb as Baile na mBuitléarach i bPort Láirge dá mháthair, nach maireann.

“Tháinig sí go Barraigh mar bhanaltra,” ar seisean. “Sílím gurb í a suim sa Ghaeilge a thug go Barraigh í ag deireadh na seascaidí.” Casadh fear de bhunadh Mhic Néill ansin uirthi.

Thosaigh sí ag foghlaim Ghaeilge na hAlban agus a mac ag fás aníos. Ba Bhéarla a labhair sé léi, agus Gaeilge na hAlban lena athair.

Tá an-bhiseach ar staid na Gaeilge in Albain ón ré sin sna 70í agus tús na 80í. “Cinnté, chaill muid cuid den mhuintir aosta,” ar seisean. “Ach tá scolaíocht ar fáil trí mheán na Gaeilge, nach raibh ar fáil nuair a bhí mise i mo pháiste. Ardaíodh iomhá na Gaeilge go mór le cúpla bliain anuas. Leis an stáisiún teilifíse Gàidhlig BBC Alba, tá daoine cleach-



Aonghas Breandán Mac Niall, ball Parlaiminte de chuid Phàrtaidh Nàiseanta na h-Alban d'Eileanan an Iar.

taithe le bheith ag cluinistín Gaeilge.”

Más ball de Phàrtaidh Nàiseanta na h-Alba é, molann sé páirtithe eile ó thaobh na Gaeilge. “An chéad dream a chuir rudaí ag gluaiseacht, ó thaobh maoiniú don teilifís, ná na Coimeádaigh,” ar seisean. “Ansin thug an Lucht Oibre tacaíocht ó thaobh an oideachais. Mar sin, tá neart cúiseanna leis an Ghàidhlig a choinneáil neamh-pholaitiúil in Albain, dóchas bheith ann go ndéanfaidh páirtithe eile í a fhorbairt. Tá dinimic dhifriúil in Albain, sa dóigh is nach bhfuil an teanga polaitiúil

mar atá in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag - ar dhóigheanna difriúla. Ní thig leat a rá, más Gàidhliggeoir thú, go dtugann tú tacaíocht do pháirtí polaitiúil áirithe, go mbaineann tú le creideamh áirithe. Ní thiocfadh leat a rá go mbeadh dearcadh faoi leith ar bith agat ar neamhspleáchas na hAlban - ar an drochuair.”

Dar le Mac Niall nach féidir anois stop a chur leis an mhóimintim i dtreo an neamhspleáchais. Bhí riamh suas le 40% ar a shon, gan bheith den bharúil gur rud réalaíoch é. Anois tá daoine den bharúil gur

“Ansin thug an Lucht Oibre tacaíocht ó thaobh an oideachais. Mar sin, tá neart cúiseanna leis an Ghàidhlig a choinneáil neamh-pholaitiúil in Albain, dóchas bheith ann go ndéanfaidh páirtithe eile í a fhorbairt. Tá dinimic dhifriúil in Albain, sa dóigh is nach bhfuil an teanga polaitiúil mar atá in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag - ar dhóigheanna difriúla. Ní thig leat a rá, más Gàidhliggeoir thú, go dtugann tú tacaíocht do pháirtí polaitiúil áirithe, go mbaineann tú le creideamh áirithe. Ní thiocfadh leat a rá go mbeadh dearcadh faoi leith ar bith agat ar neamhspleáchas na hAlban - ar an drochuair.”

cheart cumhacht bheith ag Pàrlamaid na h-Alba.

“Tá mé den bharúil go bhfuil mé ar an bhealach mór chun na dífhostaíochta,” ar seisean. “Ní dóigh liom go mbeidh post agam i Westminster i gcionn deich mbliana, mar shampla.”

Bhí fód dúchais Mhic Néill, Eilean Bharraigh, leis an Lucht Oibre le glúnta. Agus é thart ar 14, d'iarr Mac Néill ar a athair - cad chuige nár chaith sé vóta do Phàrtaidh Nàiseanta na h-Alba? Dúirt a athair go raibh imní air go mbeadh Albain mar Éire, “Caitlicigh agus Protastúnaigh ag troid lena gcéile.”

Admhaíonn sé go mbíodh Caitlicigh in amhras faoi na náisiúnaithe. “Nuair a sheas mé do Phàrtaidh Nàiseanta na h-Alba, bhí daoine ag rá - nach páirtí Protastúnach sin?” ar seisean. Admhaíonn sé go raibh siad ann a deireadh gur ‘Say No Pope’ an chiall a bhí le ‘SNP’.

Dar le Mac Niall go ndearna Alex Salmond, ceannaire Phàrtaidh Nàiseanta na h-Alba agus Céad-Aire, obair iontach. D'éirigh le Salmond a chur ina luí ar an phobal Caitliceach go dtiocfadh leo muinín bheith acu as an pháirtí.

“Tá an toghcheantar is Cailvíni in Albain agam,” ar seisean. “Ní hionann bheith i do Chailvineach agus bheith i do bhiogóid. Achan mhinistír Cailvineach de mo lucht aitheantais, caitheann sé vóta do Phàrtaidh Nàiseanta na h-Alba.”

BLÚIRÍNÍ IDIRNÁISIÚNTA

Le Seosamh Ó Riain



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Bhí údar ‘Catcher in the Rye’ fós i mbun pinn

Táthar le tuiscint as litreacha a scaoileadh le gairid ó pheann údar ‘Catcher in the Rye’ gur lean sé air ag scríobh tar éis 1965.

De réir an New York Times, tugtar le fios sna litreacha idir an t-údar Meiriceánach, JD Salinger agus a sheanchara E Michael Mitchell go bhfuil lámhscríbhinní



neamhfhoilsithe de chuid Salinger fós ann. I litir a scríobhadh i 1982, rinne Salinger tagairt do “mo chuid lámhscríbhinní”, agus i litir eile chuig Mitchell sa bhliain 1994, scríobh sé “Oibrím ar aghaidh.” “Na sean-uaireanta, beagnach.”

Níor fhoilsigh an t-údar aon rud idir 1965, bliain ar foilsíodh an nóihille ‘Hapworth 16, 1924’, agus am a bháis i 2010.

Cásanna lán d'airgead faighte sa Bhaváir

Ar ámharaí an tsaoil tháinig saighdiúir Gearmánach ar roinnt cócasanna lán d'airgead arbh fhiú tuilleadh agus milliún Euro Dé Luain. Thit a lán cócasanna de charr armúrtha ar shliosbhóthar ar an Autobahn i mBad Kissingen, sa Bhaváir.

Thug an saighdiúir, 41, an t-airgead ar ais do na póilíní, ámh, dhá lá ina dhiaidh sin ar an gCéadaoin, agus ní fios fós an gcúiseofar é.

Chuardaigh na póilíní bealach an autobahn A7 ar feadh dhá lá chun teacht ar an airgead. Bhí fiú héileacaptar de chuid na bpóilíní curtha i

bhfeidhm san oibríocht cuardaigh.

Foréigean ag laghdú líon na n-inimircigh go dtí na Stáit Aontaithe

Ní raibh sé riamh éasca d'inimircigh as Meiriceá Láir bealach a fháil isteach thar teorainn idir Meicsiceo agus na Stáit Aontaithe, ach tá sé níos deacra fós na laethanta seo de bharr grúpaí cogaíochta éagsúla i Meicsiceo.

Tráth den saol, bhí an riosca ann go robálfaí nó go ndéanfaí ionsaí gnéis ar inimircigh, ach tá baol nach



beag ann sa lá atá inniu ann go bhfuadófaí nó fiú go marófaí agus go ndumpálfaí iad in olluagheanna. Tuairiscíodh gur fuadaíodh ar a laghad 11,333 inimircigh eachtrannach idir Aibreán agus Meán Fómhair anuraidh agus sa bhliain chéanna rinneadh sléacht ar 72 inimircigh i Stát Tamaulipas.

Longbhriseadh sa Mhuir Rua - beagnach 200 marbh

Creidtear gur bádh 197 teifeach Dé Máirt de bharr longbhriste laistigh d'uiscí teorann na Súdáine. Bhí an long ar an mbealach ón tSúdáin go dtí an Araib Shádach nuair a bhris tine amach ar bord agus iad ceithre huaire faoi sheol. Bhí an long ag cur thar maoil le daoine agus go nuige seo ní dheanadh tartháil ach ar thriúr. De réir tuairiscí, ghabh na húdaráis Shúdánacha ceathrar Éimíneach ar leo an long.

Veiniséala ag ceiliúradh 200 bliain saoirse

Bhí Veiniséala i mbun ceiliúrtha Dé Máirt mar gheall ar 200 bliain saoirse ón Spáinn. Ba chúis ionaidh é go raibh Hugo Chávez, uachtarán

na tíre, in ann teacht ar ais don cheiliúradh tar éis go ndeachaigh sé faoin scian i gCúba ar 20 Meitheamh de bharr ailse.

Bhí taispeántas tinte ealaíne ag meán oíche sa phríomhchathair Caracas, agus osclaíodh próca ina raibh forógra saoirse Veiniséala.

Ní raibh Chávez, 56, ábalta freastal ar an gceiliúradh agus lean sé é ó phálás an uachtaráin, áit ar sheol sé teachtaireacht ar Twitter, “Nílimid inár gcoilíneacht a thuilleadh d'aon impireacht agus ní bheidh muid choíche arís.”



Deireadh na hAislinge

Le beagnach deich mbliana anuas, bhí an comhlacht Y Byd ag obair le páipéar nuachta a bhunú i dteanga na Breatnaise. Bhí súil acu dá réir spreagadh a chur faoi léitheoireacht na Breatnaise, agus teanga na Breatnaise a bheith ar aon chéim le hiliomad teangacha a bhfuil páipéar nuachta laethúil acu. Ach chlis ar an togra ag an nóiméad deiridh. Scoireadh an comhlacht i mí na Bealtaine. Tuairisc le **Diarmuid Johnson**.

IDIR 2002 agus 2011, is in ionad Mercator in Ollscoil Aberystwyth a bhí Y Byd lonnaithe agus duine de Bhreataineoirí móra na linne Ned Thomas ina chathaoirleach air. I measc na ndaoine eile a bhí ar an mbord stiúrtha bhí Elin Haf Gruffydd Jones, stiúrthóir Mercator, an Dr Sioned Rowlands, ceannasaí Welsh Literature Abroad, Robat Gruffydd, stiúrthóir Y Lolfa, ceann d'fhoilsitheoirí móra na Breatnaise, agus Robin Llywelyn, bainisteoir óstán Port Meirion, agus scríbhneoir aitheanta.

Cuireadh béim ó thús ama ar neamhspleáchas an pháipéir. Neamhspleáchas airgid ar an gcéad dul síos. Tuigeadh gur bhaol go gceannófaí an páipéar nua Breatnaise ar mhaithe le Béarla a chur ann dá n-éireadh go ró-mhaith leis nó dá mbeadh tuairimí ró-láidre á bhfoilsíú ann. Faoi 2007, bhí scéim airgeadais ag Y Byd agus an togra slán ón taobh sin de. Cuireadh agallamh ar iarrthóirí le haghaidh trí phost eagarthóireachta i ndeireadh na bliana 2006. Ceapadh Aled Price ina eagarthóir, iar-iriseoir de chuid an BBC. Bean darb ainm Catrin Rogers a ceapadh ina leas-eagarthóir. Bhí sise

ina heagarthóir ar pháipéar áitiúil i Londain lena linn. Fuair an comhlacht oifigí feiliúnacha. Chuir siad eagrán samplach i gcló.

Le linn cuid mhór d'fheachtas Y Byd, is comhrialtas de chuid Plaid Cymru agus Páirtí an Lucht Oibre a bhí in Caerdyff (Cardiff). Is é Rhodri Glyn Jones, feisire ó Caerfyrddin (Carmarthen) a bhí ina Aire le cúrsaí cultúir agus teanga cuid den am sin. I mí Feabhra 2008 d'fhógair seisean deontas £200,000 d'earnáil na foilsitheoireachta Breatnaise. Ach go dtí an lá sin, bhí £600,000 geallta aige do thogra Y Byd. B'ionann an fógra seo agus creill an bháis don togra, mar bhí airgead na hEorpa ag brath ar thacaíocht ó Caerdyff. Bhain an scéal sin stangadh as saol na Breatnaise.

Cén fáth ar shéan rialtas Caerdyff an t-airgead ar an togra? Is dóigh le Elin Haf Gruffydd Jones, Ollscoil Aberystwyth, go raibh col leis an togra ó thus i measc na bpolaiteoirí ach gur choinnigh siad srian orthu féin go dtí uair na cinniúna. Ach luadh údar eile leis an gcinneadh chomh maith.

Is in Carmarthen atá Luibhghairdíní Náisiúnta na Breataine

Tá laghdú caiteachais i ngach réimse sa Bhreatain faoi láthair, agus ní biseach atá á thuair. I mí na Bealtaine 2011, más ea, shocraigh Bord Stiúrtha Y Byd an comhlacht a scor agus a gcuid airgid a athbhronnadh ar na scairshealbhóirí.

Beag. Bhí fadhbanna móra airgid ag an togra sin. Is togra é a bhí i dtoghcheantar Rhodri Glyn Thomas. Meastar go raibh baint idir an t-airgead a séanadh ar an bpáipéar agus an t-airgead a aimsíodh i gcomhair na ngairdíní. B'fhéidir nach fíor sin go hiomlán áfach. Bhí fadhbanna eile ag Rhodri Glyn Thomas timpeall an ama chéanna. Labhair sé go poiblí uair nó dhó agus rian an óil ar a chuid cainte. Seans gur thuig an Lucht Oibre gur aire lag a bhí ann. I mbeagán focal, nuair a tháinig an crú ar an tairne, ní raibh dóthain tacaíochta do thogra an pháipéir in oifigí an rialtais.

Chuir fógra Rhodri Glyn Thomas múchadh ar lucht an Pháirtí. Tar éis cheithre scór bliain ag streachailt leis an gcóras, is ó bhéal aire dá gcuid féin a tháinig fógra báis an pháipéir. Go leor de lucht tacaíochta Plaid Cymru, bhí siad ina scairshealbhóirí i gcomhlacht an pháipéir Y Byd. Cuid den teacht in inmhe a bhí sa tuiscint gur treise an real politik ná na hidéil.

D'éirigh an t-eagarthóir as a phost. D'fhógair Y Byd go raibh a gcuid pleananna caite in aer acu. Chuir ráiteas uathu an milleán ar Rhodri Glyn Thomas faoi easpa macántach-

ta agus mí-eolas.

Thionóil Bord Stiúrtha Y Byd cruinniú na scairshealbhóirí in 2009. Chuir an Bord dhá rogha faoi bhráid na scairshealbhóirí. An comhlacht a scor láithreach bonn.

Sin nó taighde a dhéanamh faoi bhealach éifeachtach leis an bhfuíolach airgid a chaitheamh ar thogra foilsitheoireachta eile. Vótáil formhór na scairshealbhóirí ar son an dara rogha. Le linn na bliana 2010, rinneadh breis taighde faoi bhealaí leis an togra a athmhúnlú. B'é deireadh an scéil nach raibh dóthain cinnteachta ann maidir leis an airgead fógraíochta le daoine a fhostú ar an leibhéal riachtanach le hobair chomh huaillmhianach léi seo a chur i gcrích.

Tá laghdú caiteachais i ngach réimse sa Bhreatain faoi láthair, agus ní biseach atá á thuair. I mí na Bealtaine 2011, más ea, shocraigh Bord Stiúrtha Y Byd an comhlacht a scor agus a gcuid airgid a athbhronnadh ar na scairshealbhóirí.

An mbeidh páipéar laethúil ann i mBreatnais go deo? Ní móide é. Is ríbhéag nár éirigh an feachtas le Y Byd sa Bhreatain Bheag. Ach d'imigh an deis le gaoth.

Airgead Bronnta ag Lucht Tacaíochta Rangers ar Naíscoil Ghaeilge

Anton Mac Cába

MUNA luaitear tacadóirí Rangers Ghlaschú leis an Ghaeilge in Éirinn, ní hamhlaidh in Albain. Bhronn an club tacadóirí Harris True Blues £500 ar an croileagan (naíonra Gaeilge na hAlban) ar an Tairbeart sna Hearadh.

Dúirt Angus Morrison ón gclub go raibh an-bhród ar na baill uilig as a ndúchas Gaelach. "Cuid de bhu-naitheoirí an chlub [Rangers], tháinig siad ó theaghlaigh a labhair Gaeilge na hAlban," ar seisean. "Bhí riamh Gaeilgeoirí sa chlub. Bhí Alasdair Morrison, Teachta de Párlamaid na h-Alba, ina chain-teoir líofa Gaeilge agus ar bhord Rangers."

Tá neart Gaeilgeoirí ar choiste Harris True Blues. Is fá Ghlaschú is láidre an club. Muintir na n-Eileanan Siar fán chathair atá cláraithe leis. Tá, leis, neart ball sna Hear-



adh.

Tá an-tacaíocht ag Rangers sna h-Eileanan Siar. "Tá ceann de na clubanna

tacadóirí is mó ar domhan i Steòrnabhaigh," arsa Morrison.

Dúirt sé go raibh moladh

faoi bhráid an chlub tacadóirí chun airgead a thabhairt amach anseo don naíscoil ar an Ob sna Hearadh.



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Spéis agat i bpost maith le Gaeilge?

Tapaigh do dheis agus bain cáilíocht aitheanta ollscoile amach!

Tá na cúrsaí iarchéime seo a leanas le fáil in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2011-2012:

- MA / Dioplóma Iarchéime (Ateangaireacht Chomhdhála)
- MA / Dioplóma Iarchéime (Aistriúchán Reachtaíochta agus Dlí)
- MA (Léann an Aistriúcháin)
- Ard-Dioplóma (Léann an Aistriúcháin)

Eolas:
091 869 022 / 595101
ateangaistriú@oegaillimh.ie
www.oegaillimh.ie/acadamh



www.oegaillimh.ie

Dóchas le mothú ag Seimineár ar an Údarás



Ciarán Dunbar

Géarchéim airgeadais, géarchéim teanga, dhá rud a luadh níos mó ná uair amháin le linn an tseimineáir ar Údarás na Gaeltachta a bhí mar chuid de Thionól Gaeltachta Chonradh na Gaeilge Dé hAoine seo caite, ach ní raibh rian den éadóchas ná den díomuachas le mothú ann d'ainneoin sin.

Fiú agus daoine buartha faoi thodhchaí na Gaeltachta, níorbh fhéidir le duine ar bith a rá go bhfuil an dream seo in isle brí.

Bhí scata breá i láthair do sheimineár Thionól na Gaeltachta, halla lán, agus daoine de gach aois agus as gach cearn den tír ann, gníomhairí, lucht an Chonartha agus polaiteoirí.

Ba é an t-aon dream nach raibh i láthair go tréan ná muintir na háite féin, cé go raibh corrdhuine áitiúil go cinnte.

Ba é Pádraig Ó hAoláin, iar-phríomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta an chéad duine a labhair ar an oíche.

"Tá muid ag staid an-tábhachtach,"

a d'fhogair sé, **"am cinniúnach don Ghaeilge mar theanga theaghlach agus pobail."**

Mhínigh Ó hAoláin go bhfuil an tÚdarás "ag maireachtáil ar éigean" ach d'admhaigh sé nárbh fhéidir a bheith ag súil le níos mó airgid don Údarás ag an pointe seo.

Go fóill féin, mhaigh sé go raibh an cumas fós ag an Údarás chun 1000 post a chruthú in aghaidh na bliana.

Maidir le bord an Údaráis, dúirt sé go bhfuil "idir shaineolas agus dhaonlathas de dhíth."

Léirigh sé go bhfuil sé ar son meascán de shaineolaithe agus baill thofa, 7 mball tofa agus 6 shaineolaí, ar an bhord.

Léirigh sé tuairim láidir i dtaca leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge - tá an sprioc aici "míréadúil" agus "ró-uailmhianach" dar leis agus dúirt sé go bhfuil "gá le sprioc nua."

Mhol sé "tumoideachas" ar fud na Gaeltachta mar bhunchloch phleananna teanga sa Ghaeltacht agus caithfidh pobail "a n-intinn a dhéanamh suas maidir le scolaíocht agus a stádas Gaeltachta," a dúirt sé.

Leag sé béim ar ról na réamhscolaíochta i gcosaint na Gaeltachta ach ar an lámh eile, dúirt sé, "ar bhealach, sop in aghaidh na scuaibe iad na naíonraí."

Mhol sé an scéim Cúntóir Baile atá curtha chun cinn ag Guth na Gaeltachta chun áit Scéim Labhairt na Gaeilge a ghlacadh.

Mar fhocal scoir, dúirt sé go bhfuil **"géarchéim teanga buailte linn sa Ghaeltacht - am dúinn díriú air."**

Léirigh an bualadh bos mór a tugadh dó an t-armmheas atá air go coitianta.

Ba é Peadar Mac an Iomaire, príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, an dara cainteoir agus thug sé caint láidir.

D'iarr sé ar dhaoine "muid" a úsáid in áit 'mé'" chun daoine a thabhairt leat chun gníomh a chruthú agus chun ceannródaíocht a spreagadh. "Ní leanann an pobal pleananna, leanann siad cúis," a dúirt sé, "agus is iad na ceannródaíthe a chruthaíonn na cúiseanna."

"Teastaíonn gluaiseacht cheannródaíochta fhéinchabhrach sna Gaeltachtaí chun seasamh láidir a ghlacadh," a dúirt sé.

Léirigh sé imní faoin dóigh nach bhfuil muintir na Gaeltachta róthógtha ná buartha faoin dóigh a bhfuiltear ag plé leis an Údarás i láthair na huaire. Dúirt sé go raibh "cás na Gaeltachta i ndroch-chaoi faoi láthair" ach go raibh sé "dóchasach gur féidir le ceannródaíocht é sin a athrú."

"Níl sé soiléir go bhfuil ceannródaíthe, daoine óga, ag teacht chun tosaigh chun institiúidí na Gaeltachta a chosaint," a dúirt sé áfach.

Mar fhocal scoir, ar seisean, "tugaimis aird ar an ngníomh dearfach, bímis dearfach, tugaimis

neamhaird orthu siúd atá neamhdhóchasach."

Ba í Caitlín Neachtain, iarfhaidhmeannach forbartha Chomhchoiste Náisiúnta na gColáistí Samhraidh (CONCOS) a labhair ansin. Dúirt sí gurb iad "an dream óg an dream is tábhachtaí, ach iad gaibhte thar sáile anois."

Cé nach raibh sé ar an chlár mar chainteoir, ní raibh aon leisce ar Éamonn Mac Niallais ó Ghuth na Gaeltachta labhairt amach nuair a tugadh an deis dó.

"Is maith an rud dioscúrsa ach tá sé in am do ghníomh anois," a d'fhógair sé.

"Tá na polaiteoirí báuil - is iad na státseirbhísigh na daoine nach bhfuil dearfach," dar leis.

"Bac é an Roinn Oideachais ar dhul chun cinn na Gaeilge - caithfear dul i ngleic leofa," a dúirt sé, "Cuid mhaith den chaint déanta, tá a fhios againn cá háit a bhfuil na fadhbanna."

Bhí ar a laghad ceithre pholaiteoir áitiúla i láthair ann: Seán Kyne TD ó Fhine Gael, Seosamh Ó Laoi, Éamon Ó Cuív agus an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh ó Shinn Féin. Níor labhair éinne acu ach an Clochartach áfach.

Chomh maith leis sin bhí Caitríona Ruane, MLA de chuid Sinn Féin don Dún Theas i láthair in éineacht lena deirfiúr, Thérèse, atá ina comhairleoir baile i gCaisleán an Bharraigh.

Labhair an Seanadóir Ó Clochar-

taigh go paiseanta ar bhord an Údaráis agus an pholaitíocht. Dúirt sé go raibh díomá air maidir le caighdeán na ndíospóireachtaí ar an Ghaeltacht i dTeach Laighean agus "cronyism" amháin a bheas i gceist le bord nua an Údaráis.

I measc na ndaoine a labhair ón urlár bhí Pádraig Mac Fhearghusa, iar-uachtarán an Chonartha a chuir ceist faoin easpa ionadaíochta tofa a bheas ann agus Sorcha Ní Chéileachair ó Thuismitheoirí na Gaeltachta a labhair faoin easpa tacaíochta atá ann don ghníomh is tábhachtaí - páistí a thógáil trí Ghaeilge. Mhaigh cainteoir eile ón urlár gur eachtranaigh leath de na daoine atá ag freastal ar ranganna an Chonartha i mBaile Átha Cliath faoi láthair.

Agus é ag druidim imeachtaí formálta na hoíche, rinne Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Donncha Ó hAodha, tagairt don dóchas agus don easpa éadóchais a bhí le mothú ag an chruinniú.

Mar a dúirt Pádraig Ó hAoláin, is é an dúshlán ná **"fás a chur in áit bhagairt an bháis."**

Tá físeáin den seimineár seo ar fáil ar Gaelscéal TV - www.gaelsceal.ie

BLÚIRÍNÍ GAEILGE

Le Ciarán Ó Braonáin



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie



Daithí Ó Sé le pósadh

Briseadh croíthe mhná na hÉireann (agus roinnt fear!) ag tús na seachtaine seo nuair a tugadh le fios go raibh Daithí Ó Sé nua-gheallta. Is

cosúil gur chuir an Ciarraíoch cáil-iúil an cheist ar a ghrá, iar-Rós New Jersey, Rita Talty, am éigin an tseachtain seo caite. De réir an scéil ní raibh srian ar a ghliondar agus é ag baint úsáide as Facebook chun an domhan a chur ar an eolas faoi.

Oireachtas Ceanada

D'fhreastail thart fá 200 duine ar an gcéad Oireachtas Gaeilge lasmuigh d'Éirinn riamh, ag an deireadh seachtaine seo caite i nGaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir, Tamworth, Ceanada. Ghlac 60 iomaitheoir páirt sna comórtais, le hÉireannaigh, Meiriceánaigh, agus Ceanadaigh i measc na mbuaiteoirí. D'éirigh le Michael Newell, Éireannach atá ina chónaí i mBostún ó 1979, an lámh in uachtar a fháil sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós, agus beidh sé ag tabhairt



faoi Oireachtas na Samhna i gCill Airne dá thoradh.

An Béirín is Deisbhéalaí Riamh

Ó Shamhain na bliana seo beidh an chéad bhéirín bréige riamh le Gaeilge na hAlban curtha ar fáil do pháistí óga ag an bhfoilsitheoir leabhar Acair Limited. Tá 33 focal, idir uimhreacha, dhathanna, agus chruthanna, ag an mbéirín cainteach seo agus táthar ag súil go mbeidh sé mar áis chabhrach do



thuismitheoirí atá ag iarraidh an teanga a thabhairt dá gclann, chomh maith le foinse spraoi ar dóigh do na páistí iad féin.

Scoláireachtaí Fiontar

Is é 31 Iúil sprioclá na n-iaratas do scoláireachtaí móra Fiontar DCU. Tá deich scoláireacht €2,000 ar fáil do mháistreachtaí Fiontar DCU do mhic léinn a chláraíonn don chúrsa MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais, agus don MA sa Ghaeilge (Sochaí agus Teanga). Dáilfear na scoláireachtaí ar an gcúigear is fearr a n-éiríonn leo ar an dá chúrsa ag deireadh na chéad bhliana. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ar an suíomh www.dcu.ie/fiontar.



Leabhar Siúlach, Scéalach

Beidh Leabhar Mhic Cárthaigh Riabhaigh á thaispeáint i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh idir 22 Iúil agus 30 Meán Fómhair. Is é seo an chéad uair riamh don leabhar iomráiteach seo, de chuid an cúigiú haois déag, dul os comhair an phobail. Tá an Ollscoil an-bhuíoch de na hÍontaobhaithe Chatsworth, gur leo an leabhar, as ucht é a thabhairt ar iasacht agus beidh roinnt lámhscríbhinní agus nithe stairiúla, spésiúla eile ina theannta le linn sheal an taispeántais.

TRÁCHTAIREACHT

Caithfear bheith cothrom nó ní éireoidh linn



Scott De Buitléir

Scríobh Colm Ó Broin alt a foilsíodh sa nuachtán seo ar 30 Meitheamh, alt a chuir isteach orm ar chúpla cúis, ach alt a d'aontaigh mé leis ag an am céanna.

Chuir sé an cheist: cén sórt athbheochana (Gaeilge) atá uainn? Is brónach nach raibh sé in ann freagra a thabhairt ar a cheist féin, ach spreag sé plé ar an gceist. Dar leis, áfach, 'tá an chuid is mó againn ar aon fhocal faoi aidhm na hathbheochana, an Ghaeilge a athréimniú mar phríomhtheanga na hÉireann.'

Tá an ráiteas seo ina chúis iontais domsa; más é seo aidhm na 'hathbheochana' (úsáidim an téarma sin go héadrom), is nuacht domsa é agus chiallódh sé sin nach cuid den 'chuid is mó' sin mise.

Tá mise den tuairim nach mbeidh an Ghaeilge ina príomhtheanga arís go brách sa tír seo (Poblacht na hÉireann atá i gceist agam agus 'tír' á scríobh agam - scéal iomlán eile is ea Tuaisceart Éireann, tír eile, dar liom), ach go bhfuil seans ann di le bheith ina mionteanga shláintiúil. Gan trácht a dhéanamh ar an nGaeilge, ní haon ionadh go bhfuil canúintí difriúla sa Bhéarla i ngach contae in Éirinn. Más Baile Átha Cliath atá i gceist, bíonn difríochtaí le cloisteáil ó Dhomhnach Broc go Sord, agus ó Bhinn Éadair go Tamhlacht.

An bhfuil éinne in Éirinn ag rá gur cheart do mhuintir na príomhchathrach an chanúint nó an blas céanna a úsáid?

Níl, mar níor cheart. Chomh fada agus atá leagan caighdeánaithe den Ghaeilge ann - agus tá - níor chóir go gcuirfeadh difríochtaí teanga isteach ar chainteoir ná ar fhoghlaimeoir teanga.

Níor thuig mé riamh an imní a chuireann Gaeilgeoirí orthu féin agus canúintí na Gaeilge á bplé acu.

Táthar buartha go bhfuil na canúintí chomh difriúil sin óna chéile nach bhfuil éinne in ann a chéile a thuiscint.

Nílím ag rá gurb ionann iad, ach má thagann cainteoir teanga ar bith, bíodh foghlaimeoir nó dúchasach i gceist, má thagann siad ar abairt, fhrása nó bhlás nua, ba cheart go mbeadh siad in ann



tairbhe a bhaint as an taithí nua sin.

Ní dóigh liom gur eisceacht mise, agus mé in ann a rá go bhfuil cairde agam ó Ghaoth Dobhair, ó Dhaingean Uí Chúis, ón Rinn, agus ó Bhaile Munna, agus tá mé breá ábalta gach duine acu a thuiscint go héasca.

Ní féidir a shéanadh go bhfuil bealaí éagsúla acu chun an rud céanna a rá, ach is amaideach an duine nach bhfuil in ann foghlaim ó thaithí nua.

Pé scéal é, tá tionchar na meán ag cabhrú le tuiscint Ghaeilgeoirí ar a chéile trí TG4 agus cláracha eile teilifíse.

Níos gránna fós, áfach, tá a fhios agam go bhfuil sé de thuairim ag roinn Ghaeilge ollscoile faoi leith i mBaile Átha Cliath nach gceapann siad gur cheart dá gcuid mac léinn éisteacht le Raidió na Life toisc go gceapann siad nach bhfuil caighdeán teanga na láithreoirí maith go leor. In ionad a bheith ag éisteacht le stáisiún áitiúil a fhreastalaíonn ar an bpobal, agus gur iad an pobal a dhéanann an freastal sin, is cosúil gurbh fhearr éisteacht le stáisiún 'náisiúnta' atá dírithe ar réigiún beag faoi leith den tír an chuid is mó den am (nó an t-am uilig, uaireanta).

Stáisiún a bhfuil an-chuid clár seanfhaiseanta á gcróladh air, in ionad stáisiún a bhíonn ag iarraidh nascadh leis an bpobal agus caidreamh a chruthú leis. Is deacair do Chasla nascadh le phobal Shráid Grafton ná Chearnóg Mhuirfean. Ní féidir liom easaontú go hiomlán leis an tuairim áirithe a bhí ag an roinn Gaeilge sin, áfach. Tá roinnt láithreoirí iontacha ar Raidió na Life, ach tá caighdeán Gaeilge lofa ag cuid acu.

Sin ráite, is cosúil go bhfuil dearcadh faoi leith ag lucht acadúil na Gaeilge nach bhfuil caighdeán Gaeilge chain-teoirí na príomhchathrach chomh maith le cainteoirí as an nGaeltacht.

Tá an dearcadh sin feicthe agam go pearsanta, faraor, agus ní thuigim é. I gcás tipiciúil, má deir duine Gaeltachta rud éigin nach bhfuil 'caighdeánach', ghlacfaidh lucht acadúil na Gaeilge leis mar chuid den chanúint a labhraíonn sé. Má deir duine Galltachta rud éigin nach bhfuil 'caighdeánach', ghlacfaidh an lucht céanna leis mar bhotún ina phróiseas foghlamtha, á cháineadh gan smaoineamh eile. I ndiaidh ceithre bliana de staidéar a bheith déanta agam ar an nGaeilge, tá mé lánchinnthe go

Níos gráinní fós, áfach, tá a fhios agam go bhfuil sé de thuairim ag roinn Gaeilge ollscoile faoi leith in Áth Cliath nach gceapann siad gur cheart dá gcuid mac léinn éisteacht le Raidió na Life toisc go gceapann siad nach bhfuil caighdeán teanga na láithreoirí maith go leor. In ionad a bheith ag éisteacht le stáisiún áitiúil a fhreastalaíonn ar an bpobal ag an bpobal, is cosúil gurbh fhearr éisteacht le stáisiún 'náisiúnta' a bhfuil dírithe ar réigiún beag faoi leith den tír don chuid is mó den am (nó don am uilig, uaireanta).

bhfuil an iomarca béime ar an nGaeilge sa 'Ghaeltacht' bheo ar éigean, gan díriú isteach ar fhás, fhorbairt agus athrú na teanga atá ar siúl in áiteanna eile san oileán seo.

Ó thaobh Ghaeilge Laighean, aontaím le Colm Ó Broin nuair a scríobh sé go bhfuil taighde ann le deimhniú go labhraíodh cineál Gaeilge Uladh i dtuaisceart an chontae.

Is é rian den bhunchanúint Dhuibhlinneach sin ná go bhfuaimníonn mo mháthair agus cara ar comhaois liom an focal 'Gaeltacht' gan an 't' deireanach, ar nós na 'Gáidhlig'.

Chuir Colm Ó Broin deireadh lena alt féin le ráiteas a dúirt George Bernard Shaw: dhá dhream atá scoilte ag an teanga chéanna. Briotanaigh (bhí Éireannaigh san áireamh ag an am sin) agus Meiriceánaigh a bhí i gceist ag Shaw, ach má bhí sé ag caint faoi lucht na Gaeilge, níl a fhios agam cé mhéid dream a bheadh ann. Ní bheidh ráth ar athbheochan na Gaeilge go dtí go nglacfar le dhá fhíric: nach deacracht í an éagsúlacht, agus go bhfuil Gaeilge na Gaeltachta agus na Galltachta ar comhchéim lena chéile anois.

Ní hiad na gaimbíní a itheann a ndinnéar i lár an lae a scrios an tír seo



Conubhar Ó Liatháin

Tá sé in am do dhuine éigin labhairt ar son lucht an ghaimbíneachais. Tar éis an méid a tugadh chun solais mar gheall ar na glaoanna gutháin a deineadh ar son Michael Healy-Rae ó ghutháin i dTeach Laighean, is gá an fód a sheasamh ar shon mhuintir Healy-Rae agus go leor eile costúil leo.

Nílím ar son calaois a dhéanamh ar an gcáiniócóir. Is é sin atá liomh-naithe sa chás seo.

Cuireadh breis is 3000 glaoch ar uimhir ghutháin a chuidigh le Michael Healy-Rae an chéad áit a bhaint amach sa chlár teilifíse, ‘*Celebrities Go Wild*’.

Chosain sé breis agus €2600 ar an gcáiniócóir agus cé nach bhfuil sé a admháil gur deineadh calaois, tá sé ráite ag an Uasal Healy-Rae, atá anois ina TD, go n-íocfaidh sé an t-airgead sin ar ais leis an Státhiste.

Agus mé ag cuardach sainmhíthe ar an téarma ‘gaimbín’ ar son an ailt seo, thug mé faoi ndeara gur luadh na focail ‘*small time*’ agus ‘*shady*’ in aon abairt leis ar an suíomh údarásach úd, Wikipedia. Is cinnte go bhfuil an tsuim airgid atá i gceist íseal go maith ar an scála. Lena chois sin deineadh

an rud ba chúis leis an gcostas sna scáthanna i dTigh Laighean.

Sa ré seo go ndéintear beag de shuimeanna chomh mór le €2.6 billiún, is suim bhídeach ar fad é €2,600 ach is é an prionsabal is mó atá ar chúl na conspóide seo seachas aon suim airgid, de réir dealraimh.

Is é an chonspóid atá ann nár cheart go mbainfeadh ionadaithe tofa, go háirithe, agus daoine atá ag obair san earnáil phoiblí úsáid ná mí-úsáid as an áit ina bhfuil siad chun a leasa féin ná leas a ngaoilte ná a gcairde. Tá conspóid eile ar a chúl seo, agus is é sin an choimhlint bhuan idir an aicme chathrach agus pobal na tuaithe. Ach ní hé sin an rud a mbíonn na tráchtairí atá ag líonadh na n-aerthonnta ag díriú air.

Is ceart agus is cóir go ndíreofaí ar gach pingin a ghoidtear ón gcáiniócóir. Is ionann é sin agus goid uaimse agus uaitse.

De réir na dtráchtairí a bhíonn ag cabaireacht ar na ceisteanna seo, is féidir an locht a chur ar pholaitíocht an ghaimbín as na tubaistí ar fad atá tite amach sa tír seo. Agus b’fhéidir go raibh lámh ag an ngaimbíneachas i gcuid de na tubaistí sin ach is cinnte go raibh rud éigean níos mó i gceist leis an ruathar a deineadh ar thaiscí na mbanc agus an Stáit. Ní raibh aon rud ‘small time’ faoi na billiúin a thug baint ar iasacht d’fhorbróirí talúin chun tithe atá anois ina luí folamh a thógaint. Deineadh é seo ar fad faoi sholas an lae - is cuimhin liom bheith ag léamh faoin scuaine bainc éirí a bhí ag iarraidh iasachtaí na gcéadta mil-

De réir na dtráchtairí a bhíonn ag cabaireacht ar na ceisteanna seo, is féidir an locht a chur ar pholaitíocht an ghaimbín as na tubaistí ar fad atá tite amach sa tír seo. Agus b’fhéidir go raibh lámh ag an ngaimbíneachas i gcuid de na tubaistí sin ach is cinnte go raibh rud éigean níos mó i gceist leis an ruathar a deineadh ar thaiscí na mbanc agus an Stáit. Ní raibh aon rud ‘small time’ faoi na billiúin a thug baint ar iasacht d’fhorbróirí talúin chun tithe atá anois ina luí folamh a thógaint. Deineadh é seo ar fad faoi sholas an lae

liún a thabhairt do Sheán Dunne chun suíomh cúpla óstán i mBaile Átha Cliath 4 a cheannach.

Anois tá na suíomhanna sin agus go leor cosúil leo i seilbh NAMA, áisínteacht stáit atá bunaithe chun na sóchmhainí seo a thabhairt ar láimh agus brabús éigean a shaothrú astu taobh isteach de dheich mbliana.

Bhíos ag éisteacht leis an raidió le déanaí agus chuala Frank Daly, Cathaoirleach NAMA agus iar-Ardbhailitheoir Cánach, ag trácht ar an obair. Thug sé le fios don agallóir go raibh na billiúin Euro á n-íoc ag NAMA le comhlachtaí dlíodóirí agus cuntasáiochta ar mhaithe leis an gcomhairle a bheadh á cur ar NAMA mar gheall ar bhainistiú cúinsí dlí agus airgid.

Na billiúin. Abair é ós árd, go mall. Dein iontas den tsuim airgid sin. Isteach is amach le deich mbilliún Euro san iomlán. Suim ollmhór airgid é sin a choimeádfadh an tír faoi sheol ar feadh ráithe nó mar sin.

Ba bheag nár thit mé as mo sheasamh mar gur léir go raibh an tUasal Daly sásta go maith leis an margadh a bhí á fháil aige. Dúirt sé gur cuireadh an obair ar thairiscint agus gur roghnaíodh na comhlachtaí ar bhonn ‘eacnamúil’. Cheapfa go raibh sé ag magadh, go háirithe nuair a dhearbhaigh sé go raibh ceann de na comhlachtaí ina chuntasóir ag an mBanc Angla-Éireannach le linn don bhanc sin a bheith ag cur ‘iasachtaí’ chuig cathaoirleach an bhainc, Seán Fitzpatrick, faoi cheilt. Ach ní raibh aon mhagadh ann.

Anois ní gaimbíneachas é sin. Tá sé á dhéanamh go hoscailte. Níl aon rud ‘small time’ faoi na suimeanna atá i gceist. Agus beimid ag íoc as ar feadh na nglún atá le teacht.

Fós féin, tá níos mó dúigh á chaitheamh ar cheist Michael Healy-Rae agus an ‘*Ring of Kerry*’.

Má tá calaois déanta ag muintir

Healy-Rae, bhuel is ceart agus is cóir pionós a ghearradh de réir an dlí.

Ach is ionann an gleo agus an buaileam sciath go léir faoin gcás sin - an dearcadh ‘níl aon rogha againn ach an t-airgead a íoc’ atá le sonrú i gcás na mbanc - agus an breitheamh ag dao-radhu chuig Van Diemen’s Land an fhir a ghoid bulóg aráin chun a chlann a chothú le linn an Ghorta Mhóir agus gan aon suntas a thabhairt do na bithiúnaigh a bhí ag an am céanna ag cur cruithneachta agus bia eile ar bháid i gcuin Chorcaí chun iad a chur thar sáile.

Más fir ghaimbín iad Michael Healy-Rae agus a leithéid, bhuel is féidir bheith cinnte go saothraíonn siad gach pingin a fhaigheann siad. Tá bóithre breátha isteach is amach as Cill Garbháin agus ar fuaid Dháilcheantar Chiarraí Theas.

An lá a toghadh é ina TD, tharla go raibh mé ag gabháil trí Chill Garbháin agus chuala mé é ag tabhairt oráide ag ócáid cheiliúirtha. Ba léir go raibh sé istigh i ngach tigh sa toghcheantar ar thóir vóta agus go raibh sé amuigh luath is déanach le linn an gheimhridh ag stocaireacht agus an chuid eile againn istigh cois tine. Tá ceacht le foghlaim uaidh sin. Tá seachbhóithre timpeall ar Oileán Chiarraí agus ar Thrá Lí agus ospidéal le tógaint agus an chreidiúint dó seo ag dul don Ghaimbín! Tá gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh Michael Healy-Rae sa Dáil go ceann tamall fada eile.

Ní hiad na fir - agus na mná - gaimbín, an dream a itheann an dinnéar i lár an lae a scrios an tír seo.

Imeoidh na Cloigne Dearga nuair a



Eoghan Ó Néill

‘Gotcha!’

Ní raibh d’easnamh ar ard-drámaíocht na seachtaine seo sa Bhreatain ach ceannlíne chlúiteach ‘*The Sun*’.

Bhí an Sluaisteoir Salach, Rupert M, agus a impireacht suas go dtí an dá

shúil sa chlabar agus nárbh aoibhinn an radharc é. Dá mbeadh sé ina bheatha bheadh an drámadóir Dennis Potter sna trithí gáire.

‘Rupert’ a thug sé ar an aipse a mharaigh é nó dar leis gur truailliú a bhí san aipse agus san Astrálach araon. Ar ndóigh dúirt Rebecca Brooks nár mhothaigh sise faic.

Agus Andy Coulson?

Níorbh eol do Andy tada.

Rud a chiallódh gurbh iad seo na heagarthóirí ba mhí-éifeachtaí riamh i stair na hiriseoireachta nó gur bréagadóirí déanta iad. Gheobhaimid

amach go luath.

Nó ní hionann agus scannail eile faoi lucht tablóide na Breataine tá cosa ag an scéal seo. Is cuma le pobal na Breataine mórán go mbíonn an paparazzi is ‘hacks’ na gCloigne Dearga ag céasadh Max Mossley.

Nó ag caint faoi nicéirí na ngleoiteog mná ar Hollyoaks.

Ach is dona leo maidríni leatha Rupert Murdoch a bheith ag cúléis-teacht le clann Holly Wells agus Jessica Chapman am a raibh a gcuid iníonacha ina luí i gcónra.

Chaith an ‘*News of the World*’ na

blianta á mbrú féin chun tosaigh mar ‘nuachtán teaghlach’.

An nuachtán ‘*a labhair amach*’ go neamhbhalbh ar son chlann Milly Dowler, is Holly Wells agus Jessica Chapman. Chan an ‘*News of the World*’ go hard agus go sollúnta faoi mhoráltacht agus faoi luachanna.

Agus i rith an ama ní raibh i Sarah Payne agus Maddie McCann ach ceannlíne ghasta.

Bhíodh iriseoirí an ‘*News of the World*’ i seomra amháin ag scríobh altanna tochtacha faoi fhulaingt na n-íospartach agus i seomra eile bhí

daoine ar an phá-rolla acu ag bradaíl fhóin phóca na n-íospartach ar mhaithe le scéaltaí suaracha a fháil.

Ach i bhfírinne, ar chuir sé iontas ar dhuine ar bith?

Níor chuir sé iontas ar mhuintir Learphoill. Chonaic siad sin ‘*The Sun*’ i mbun gnó am Hillsborough agus chuir siad baghcat air. Níor nuacht é ach oiread ag an phobal dubh sa Bhreatain a fuair ciceáil gach uair a bhí ceannlíne ghasta de dhíth ar an NOTW.

Agus níor chuir sé iontas dá laghad ormsa. Chonaic mé iriseoirí na Breataine i mbun an chleachtais seo le

Céard is fiú dochtúir?



Conall Ó Móráin

Céard is fiú dochtúir? Má tá do chnámha briste nó do chloigeann ag titim díot thabharfá aon airgead in aon chor do dhochtúir chun biseach a chur ort. Ach ansin, nuair a bhíonn tú ceart arís, agus nuair a bhreathnaíonn tú ar an mbille, is beag nach mbíonn tú tinn arís.

Ní féidir bheith cuimsitheach agus mé ag déanamh cur síos ar chostais dochtúirí ach is féidir liom bheith cinnte gur gearradh €180 orm nuair a thug mé cuairt deich nóiméad ar speisialtóir an lá faoi dheireadh. Bhí an speisialtóir gnóthach agus scuaine bheag ach tapa sa seomra feithimh. Níl sé cóir ná ciallmhar aon sórt anailís ghnó a dhéanamh ar bhonn cuairt deich nóiméad ach déanfaidh mé amhlaidh. Agus mé ag comhaireamh ar mo chuid méaracha is féidir liom tomhas go raibh ar a laghad ceithre othar san uair an chloig ag dul tríd an lialann.

Beidh mé coimeádach le mo chuid figiúirí agus déanfaidh mé tomhas, dá mbeadh an speisialtóir ag obair an ghnáthlae agus seachtaine oibre agus gan breis agus ceathrar san uair ag lorg leighis, bheadh breis agus €28,000 sa tseachtain dá thuilleamh ag an dochtúir. Sin breis agus milliún Euro mura gcaitheann an duine céanna ach daichead seachtain ag obair sa bhliain. Dála an scéil is airgead tirim nó seic amháin a bhí dá ghlacadh ag an bhfáil-teoir.

An bhfuil aon ionadh orainn go mbíonn sé ina raic gach uair a dhéantar iarracht srianta de shaghas éigin a chur ar chaiteachas sa chóras leighis? Tá oiread sin daoine, idir riarthóirí, dhochtúirí agus fiú altraí agus an córas ragoibre atá acu, ag fáil na milliún agus na milliún Euro as an gcóras go bhfuil siad sásta aon saghas troda a



Denis Naughten TD de chuid Fhine Gael a chuaigh i gcoinne an rialtais an tseachtain seo faoin Aonad Timpistí agus Éigeandála a dúndadh síos i Ros Comáin. PIC: EAMONN FARRELL/PHOTOCALL IRELAND

dhéanamh chun greim docht, daingean a choimeád ar a n-ioncam.

Ach ní i dtéarmaí ioncaim a dhéanann siad a gcuid troda. Ní hea, ach go ciniciúil úsáideann siad maith-eas an othair mar armlón. Féach an méid atá ag tarlú faoi láthair le hospidéal Ros Comáin. Tá gach speisialtóir seachtrach tar éis moladh a dhéanamh, i gcás othar a bhfuil dianchúram ag teastáil go géar uathu, go bhfaighidh siad aire i bhfad níos fearr má chuirtear go dtí ospidéal níos mó iad. De ghnáth bíonn idir threalamh agus speisialtóireacht níos fearr in ospidéal mhóra mar go mbíonn níos mó daoine oile iontu agus go mbíonn níos mó cásanna de ghalair éagsúla le feiceáil iontu, agus tuiscint níos fearr ar fhéidearthachtaí leighis dá bharr.

Tá córas brústocaireachta den scoth ag dochtúirí agus speisialtóirí, dhá dhream dhifriúla, chun iad féin agus a gcuid tuarastal a chosaint. Nuair a chloiseann tú go bhfuil ospidéal le dúndadh díriú ann an dá dhream seo ar na

An bhfuil aon ionadh orainn go mbíonn sé ina raic gach uair a dhéantar iarracht srianta de shaghas éigin a chur ar chaiteachas sa chóras leighis? Tá oiread sin daoine, idir riarthóirí, dhochtúirí agus fiú altraí agus an córas ragoibre atá acu, ag fáil na milliún agus na milliún Euro as an gcóras go bhfuil siad sásta aon saghas troda a dhéanamh chun greim docht, daingean a choimeád ar a n-ioncam.

himpleachtaí don othar - nó sin a deir siad. “Beidh turas rófhada ann chun iad a thabhairt go dtí ospidéal eile, beidh ar a gcuid gaolta na céadta míle breise a thaisteal chun cuairt a thabhairt orthu, ní bheidh cabhair ann i lár na hoíche nuair atá gá leis...”. Seo an sórt pléadáil mhothúchánach a chloisfidh tú uathu ar chlár *‘Morning Ireland’*. Ach, mar is gnách, níl an scéal chomh simplí leis sin.

Lorgann muid tuairim ó dhochtúir mar glacann muid leis gurb é ár leas an chloch is mó ar a bpaidrín agus tá mé cinnte, sa saol casta seo, gur mar sin atá sé cé go bhfuil súil eile ag roinnt mhaith acu ar an seicleabhar. Má deir formhór na ndochtúirí linn gur fearr freastal ar ionad nó aonad speisialtóireachta, agus comhar leighis a lorg ansin, de bharr na bhfáthanna thuasluaite, cén fáth go n-athraíonn an argóint go tobann nuair atá ospidéal le dúndadh (nó, níos dochreidte fós i gcás Ospidéal Leanáí an Mater, nuair atá ospidéal nua le hoscailt). An iad na

hothair nó na dochtúirí a bhfuil freastal á dhéanamh orthu anois? Ní féidir leo dhá thaobh an bhóthair a thabhairt leo leis an argóint. Caithfidh go bhfuil rud amháin nó rud eile níos fearr agus an rún Hipeacratlach a ghlac siad, agus iad ag baint a gcéime amach, ar aigne acu.

Fad taistil an dara hargóint a bhíonn acu. Nuair a bhíonn speisialtóireacht nó ardcúram dá lorg againn in ospidéal, taistealaíonn daoine go Londain nó Nua-Eabhrac más féidir leo é mar tá caighdeán speisialtóireachta ar fáil sna háiteacha sin nach bhfuil ar fáil anseo. Ach má tá cúram éigeandála dá lorg uainn, teastaíonn sé uainn cois baile. Cúpla lá ó shin fógraíodh go raibh an t-aonad cúram éigeandála in Ospidéal Bhaile Uí Lachnáin, a d’fhreastail ar Thuaisceart Chontae Chill Mhantáin, le dúndadh. Agus in ainneoin go bhfuil droch-chlú ar an aonad céanna ó thaobh cúraim de, agus an t-ospidéal féin go mór ar gcúl leis na blianta ó thaobh sláinteachas bunúsach de, bhí sé ina raic mar nach mbeadh teacht ag daoine ar chúram tapa. An é gur fearr le daoine dul sa seans ar mhíchúram in áit taisteal 15 nóiméad breise go dtí Ospidéal Naomh Uinseann i ndeisceart Bhaile Átha Cliath? An féidir le hurlabhraí na ndochtúirí bheith lom macánta agus a rá le daoine go hoscailt go bhfuil sé níos fearr d’othair, ar gach leibhéal, má thugtar cúram dóibh in ospidéal go bhfuil ainm in airde acu maidir le cúram, agus ní a mhalairt?

Rud amháin gur féidir a rá faoin Aire Sláinte nua, James Reilly, ná go dtuigeann sé an modh oibre atá ag brústocairí na ndochtúirí mar is iar-Uachtarán ar Chumann Leighis na hÉireann an dochtúir úd, agus b’eisean a rinne an sórt stocaireacht chéanna ar a son suas go dtí cúpla bliain ó shin. B’fhéidir go gcloisfidh muid athrú poirt uathu dá bharr má bhíonn orthu argóintí nua a chumadh má theastaíonn uathu leanúint ar aghaidh ag cosaint nithe dochosanta cé nach dóigh go mbeidh an téarma ‘tuarastal dochosanta’ le feiceáil in aon phreasráiteas acu go luath.

stopann muid dá gceannacht

dhá scor bliain sa Tuaisceart. Chothaigh na tablóidigh ar an ‘mhóthrí’ a dtablóidíní féin anseo sa Tuaisceart agus an nósmaireacht chéanna ag cuid acu.

Ó dheas tá tablóidigh na Breataine ag dul i dtreisi rith an ama. *‘The Sun’* agus the *‘News of the World’* go háirithe.

Agus tá nósmaireacht thablóidigh na Breataine ina cuid den tsaol ag go leor de na nuachtáin Éireannacha.

B’fhéidir nach bhfuil siad ag bradaíl na bhfón póca.

Ach tá an dearcadh céanna acu agus an cur chuige céanna. Píoc ar an dream

is laige sa tsochaí.

Agus luigh isteach orthu.

Ó, agus ná déan dearmad de.

Ná dearmad gur siamsa é an nuacht. Ní rud é is gá a scagadh is a iniúchadh, a mheas is a thuairisciú go beacht. Siamsa atá ann.

Sin an fhoirmle a d’oibrigh ag nuachtáin thablóideacha Rupert Murdoch riamh anall. Agus oibríonn sé dá gol ceathracha anseo in Éirinn.

Cá mhéad léitheoir den nuachtán seo a cheannaíonn an *‘Irish Times’*?

Is maith an rud againn maíomh as iriseoireacht mhaith ach an bhfuil

muid sásta íoc as?

Seachas sin ceannaíonn na céadta míle againn an *‘Sun’* agus nuachtáin thablóideacha eile mar é gach lá.

Agus Dé Domhnaigh ceannaíonn 130,000 Éireannach an *‘News of the World’*. Fíric shimplí.

Ní bheadh na nuachtáin thablóideacha beo ann murab é go gceannaíonn na céadta míle againn iad. Is leisc linn a admháil.

Ach tá ceachtanna le foghlaim anseo in Éirinn ó shíorfhas impireacht Murdoch. Agus síorfhas impireacht Tony O’Reilly. Ar na ceachtanna sin is léir go

bhfuil sé ar leas an pobail go mbeadh úinéirí éagsúla ag nuachtáin seachas a mbunús a bheith faoi smacht ag duine amháin.

Is rí-shoiléir go bhfuil gá le rialaitheoir láidir.

Ní chun stopadh d’iriseoirí maithe a bheith ag déanamh obair mhaith.

Ach chun cinntiú de go mbíonn pionós cuí ann d’iriseoirí má sháraíonn siad an dlí nó má imíonn siad ó dheachleachtas. Is breá liom an *‘Irish Times’* - cé nach n-aontaím lena dhearcadh ar an tsaol go minic.

Ach is breá liom an bhrí is an faobhar

is an dearcadh ar leith atá ag an *‘Irish Daily Mail’* nó an *‘Irish Star’*.

Agus an leagan amach.

Cé gur annamh a d’aontóinn lena ndearcadh. Tá áit don dá shórt nuachtáin sa tsaol.

‘Lou Grant’ agus *‘All the President’s Men’* a chéadspreag suim s’agamsa san iriseoireacht. Agus iriseoirí maithe.

Ó Ristead Ó Glaisne is Breandán Ó hEithir, go Robert Fisk is Lara Marlowe.

Is mó i bhfad iriseoirí sa traidisiún sin go fóill ná mar a shílfeá agus tú ag léamh faoi na suaracháin atá sna ceannlínte i láthair na huaire.

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na GaillimheRéiteach Éireannach ar
Fhadhb Éireannach

IS féidir cearta teanga a bheith agaibh go cinnte, ach déanfar neamhaird orthu agus má dhéantar aon ghearán faoi, baistimis ‘antoiscigh’ oraibh.

Sin mar a oibríonn ‘cearta teanga’ in Éirinn, cur i gcéill, réiteach Éireannach ar fhadhb Éireannach.

Tá colúnaí bocht i mBaile Átha Cliath agus tá sí “scanraithe” ag muintir na Gaeltachta ag iarraidh a gcearta teanga!

An tseachtain seo, d’fhoilsigh an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, dhá thuarascáil inar léiríodh an neamhaird atá á déanamh ag dhá áisíneacht stáit maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla de.

Mheas an Coimisinéir nach raibh an dara rogha aige ach tuarascáil ar an dá dhream seo, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)

agus Ard-Mhúsaem na hÉireann, a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais – sin an chumhacht is láidre dá bhfuil aige.

Beidh le feiceáil cad a thioctas amach as.

Tá an Coimisinéir Teanga agus a fhoireann le moladh as a ndíograis agus an obair ar fad a dhéanann siad.

Is maith an rud é go bhfuil Oifig an Choimisinéara Teanga agus Acht na dTeangacha Oifigiúla ann ach níl sé maith go leor ná aon bhaol air.

Ba mhaith linn ár dtacaíocht a thabhairt do na leasuithe atá molta ag an Choimisinéir maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, is léir go bhfuil siad de dhíth agus go bhfuil Acht níos láidre de dhíth.

Tá cumhachtaí níos láidre de dhíth ar Oifig an

Choimisinéara féin chomh maith nó leanfaidh áisíneachtaí áirithe ar aghaidh ag déanamh neamhairde ar an reachtaíocht.

Ní féidir a bheith ag súil go leanfaidh muintir na Gaeltachta ar aghaidh ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge muna bhfuil na seirbhísí ar fáil.

Is é an dóigh a bhfuil rudaí faoi láthair ná, má bhíonn fadhb shláinte nó foghlama nó fadhb de chineál ar bith eile ag páistí, go mothaíonn tuismitheoirí sna Gaeltachtaí nach bhfuil an dara rogha acu ach iad a thógáil le Béarla mar tá a fhios acu nach bhfuil na seirbhísí cuí ar fáil i nGaeilge agus go mbeidh Béarla de dhíth ar a gcuid páistí chun seirbhísí an stáit a úsáid.

Is náire náisiúnta é.

Tá sé ag marú ár gcultúir.

Réitímis é.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Moladh

A Eagarthóir,
Chuirfeadh sé go mór leis an bpáipéar dá bhféadfadh sibh clár na seachtaine do RnG agus TG4 a liostáil.
G. Ó Catháin

Níos mó
tacaíocht de
dhíth ón
Roinn
Oideachais

A Eagarthóir
Ceann-líne ar Ghaelscéal na

seachtaine seo caite "Níl go leor spásanna sna Gaelscoileanna..." Cloisim gach lá go bhfuil liosta fada ag feitheamh le haghaidh Oiliúna sna Ghaelscoileanna agus molaim an caighdeán a thagann amach óna hIonaid sin, gan dabht. Tá bunscoileanna dha-theangacha ar fúid na tíre go bhfuil árd-chaighdeán na Gaeilge fíor-thabhachtach freisin agus tá árd-mheas agam orthusan chomh maith.

Sílím gur cheart níos mó tacaíocht a hofráil dóibhsan ó Roinn Jimmy Deenihan mar tá siad ag cur béime ar ábhar na Gaeilge go speisialta, cé nach bhfuil na hábhair eile á mhúineadh tré mheán na Gaeilge. Ní haontaím go pearsanta, le múineadh ghach ábhar tré Gaeilge ach ba mhian liom béim níos géire a chur ar

Ghaeilge mór ábhar i dtreo is go dtiocfadh na daltaí amach chuig Dara leibhéal le caighdeán árd gramadaí.

Is maith an dul-chun cinn go bhfuil Gaeilge labhartha níos airde ar Chúrsa na hArdteiste agus sílim gur cheart obair ar sin san bhunscoil agus muinteoir le hár-d-chaighdeán na teangan a bheith i ngach scoil ag stiuriú chúrsaí na Gaeilge. Tá cinnlínte go leor faoi hobair na nGaelscoileanna agus molaim sin ach níl go leor á dheanamh lasmuigh de sin chun spéis an scoláire a choimeád beo, fíorasach, caidéasach maidir lenár dteanga álainn fíorbhlasta.


Mise le meas
Eilís Uí Bhriain
Caisleán Uí Liatháin
Co. Chorcaí

CEIST na Seachtaine

Íslítear na praghsanna ar chluichí
CLG: Lucht léite Gaelscéal

An tseachtain seo, chuir muid an cheist seo a leanas oraibh: De bharr titim i líon na ndaoine ag freastal ar chluichí CLG i mbliana mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta, ar chóir don CLG praghsanna táilli iontrála a íslíú a thuilleadh?

Bhí tromlach mór agaibh, 72%, den tuairim gur cheart na praghsanna a íslíú! Níor aontaigh mionlach agaibh leis sin, 20%. D’fhreagair 8% agaibh nach raibh sibh cinnte cén seasamh ba cheart a ghlacadh ar an cheist - 8%.



Le cúpla seachtain anuas bhí ailt ó leithéidí Scott De Builteir agus Choilm Uí Bhroin inar luaigh siad ceist na gcanúintí, caint na nGaeltachtaí, Gaeilge na nGalltachtaí agus eile. Spreag alt Choilm an-chuid díospóireachta ar fad; is é ceist na seachtaine seo mar sin ná:

An mbíonn Gaeilgeoirí ro-thógtha faoi cheist na gcanúintí?

Tá! - Ba cheart labhairt cibé dóigh ar mian leat agus gan a bheith buartha faoi na ceisteanna seo!

Tá! - B’fhéarr do gach duine an caighdeán oifigiúil a labhairt!

Níl! - Ba cheart do fhoghlaiméoirí níos mó stró a chur orthu féin chun teanga na Gaeltachta a fhoghlaim

Níl! - Ba cheart do dhaoine in oirthear na tíre níos mó a fhoghlaim faoi na canúintí a bhíodh á labhairt ann agus iad a athbheochan arís.

Níl a fhios agam / Is cuma liom



Cuirtear litreacha chuig litreacha@gaelisceal.ie.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

Bíodh sé cruinn, bíodh sé tapa ach bíodh sé cruinn



Páidí Ó Lionáird

Is ionann an ceannteideal agus sean-nath gairme a mbítear de shíor ag iarraidh a sheachadadh i measc mac léinn iriseoireachta. Go bunúsach ciallaíonn sé go bhfuil gá le gastacht i dtaobh scéalta nuachta. Tá an comórtas leis na scéalta is úire a chraobhscaoileadh géar, fiamhach; cé is túisce a 'bhrisfidh' iad. Leis an gcomórtas sin, tá caighdeán tar éis sleamhnú go mór.

Is iomaí foilseachán maith a cuireadh go tóin poill de dheasca scéal amháin a bhí míchruinn (nó b'fhéidir cruinn ach gan dóthain fianaise leis an scéal a sheasamh). Tá sochaí na linne seo tar éis éirí anchigilteach i dtaobh leabhair agus clúmhille. Tacaíonn na cúirteanna leis an tsochaí formhór an ama agus tá cásanna móra ag dul ós comhair breithiúna níos minice ná riamh le glúin anuas.

Is féidir na cásanna móra a mheabhrú go héasca, leithéidí Denis O'Brien a thóg trí cheathrú milliún euro mar luach a chlúmhille ón Irish Mirror Group in 2007.

In 2009 bronnadh luach €1.87 milliún ar Monica Leech mar chúiteamh ar leabhal a deindeadh ina haghaidh san Evening Herald in 2004.

Níl iontu sin ach dhá chás a tharraing aird an phobail níos mó ná iad siúd a bhíonn dá n-éisteacht ag cúirteanna na tíre ar bhonn fíorrialta. Cad a cheapaimse, mar iriseoir, den 'nós' seo atá tagtha chun aibíochta i sochaí na hÉireann rith chuig na cúirteanna a luaite a chaitear smál le duine? An bhfuil dhá léamh ar gach scéal? Tá agus níl.

Nuair a smaoiním ar na nuachtáin mhóra agus na tithe foilsitheoireachta móra atá sa tír againn, an Herald mar chuid d'impireacht Irish News and Media (INM) ina measc, níl aon leithscéal acu. Tá foirne dlí, abhcóidí agus speisialtóirí i ndlí an chlúmhille agus an leabhair fostaithe acu le gach uile fhocal a phromhadh sara dtéann dúch ar phár. Íoctar luach na mbinsí fiosruithe leo le tástáil dlí na hÉireann a chur ar gach téacs. Agus fós teipeann orthu.

Ní bhíonn na hacmhainní sin ag foilseacháin réigiúnacha ná áitiúla. Bítear ag brath ar an eagarthóir blas



Céad leathanach an Sun, 12 Márta 1986, le ceann de na ceannteidil is clúití i stair pháipéirí, 'Freddie Starr Ate My Hamster', Dála an scéil, níor ith Freddie Starr hamstar ná baol air!

an chlúmhille a mhaolú agus bíonn sise nó seisean ag brath ar aibíocht, ar stuamacht agus níos tabhachtaí ná aon ní eile, bítear ag brath ar chiall an iriseora. Níl aon áit do chiall cheannaithe sa ghnó seo.

Tá an fhírinne i gcónaí níos tréine ná aon bhréag, is cuma cé chomh leamh agus atá sí. Deirtear má insítear an fhírinne nach bhfuil aon ghá lena bheith ag cuimhneamh ar bhréaga.

An-simplí, nach bhfuil? Agus sin

botún a dheineann iriseoirí, go háirithe iad siúd atá ag iarraidh a n-ainm a chur in airde agus an 'scúp' a thabhairt chun na hoifige. Má chloítear leis an gceannteideal, b'fhéidir nach mbeadh na scéalta chomh spleodrach sin ach ar a laghad bheifí in ann iad a chlóg gan scáth ná faitíos roimh eascaire na n-abhcóidí.

Ta cás á réiteach san am i lathair ag an mbainisteoir cáiliúil popcheoil, Louis Walsh. Foilsíodh

scéal bréagach amach is amach faoi i bpáipéar coicís ó shin agus tá seisean chun cás fíorláidir a thógaint chun na cúirte. Tá an lánc-heart aige. Níl agat ach ainm amháin ach ní gá ach smál amháin le d'ainm agus do chlú a mhilleadh.

Mar a luas ó chianabhair, tá margadh na nuachta agus na bhfoilseachán tar éis éirí fíochmhar. Tá gach uile cheann ag iomaíocht don phota fógraíochta céanna, pota atá áitithe go mór le bliain nó dhó

Ta cás á réiteach san am i lathair ag an mbainisteoir cáiliúil popcheoil, Louis Walsh. Foilsíodh scéal bréagach amach is amach faoi i bpáipéar coicís ó shin agus tá seisean chun cás fíorláidir a thógaint chun na cúirte. Tá an lánc-heart aige. Níl agat ach ainm amháin ach ní gá ach smál amháin le d'ainm agus do chlú a mhilleadh.

anuas. Leis sin, tagann brú ar bhainisteoirí na foirne iriseoireachta a laghdú, tagann brú ar iriseoirí iad féin a chruthú le bheith níos luachmhaire ná an té in aice leo agus mar sin de go dtí go dtógtar an cinneadh mícheart, dul céim nó dhó rófhada le scéal.

Agus mé á scríobh seo, tá scéalta ag teacht chun solais in aghaidh na huaire nach mór ón mBreatain faoi iriseoirí agus imscrúdaitheoirí a bhris gach cód eiteice na hiriseoireachta trí bhoscaí guthphoist iad siúd a bhí ar iarraidh a rochtain agus iad a ionrmháil ar mhaithe lena mí-úsáid féin. Is scéalta uafásacha iad seo, scéalta a mbeidh an t-iriseoir seo ag súil a mhúscloídh gach neart dlí ina n-aghaidh siúd atá ciontach agus na bhfoilseachán cuí.

Níos gaire don bhaile arís agus chuala mé go bhfuil ciapadh de shórt eile á dhéanamh ar dhuine de mhórlaochra spóirt na hÉireann le scór bliain anuas, iarbhainisteoir iomána Chontae an Chláir, Ger Loughnane, atá ag fáil cóir leighis do thinneas aille faoi lathair.

Chuala go bhfuil sé faoi ghlas ina sheomra ospidéil, ina aonar agus dallóga na bhfuinneog dúnta de dheasca an oiread ciaptha, crá agus cur isteach atá ar bun ag iriseoirí air.

Níl sé seo ceart. Ní spéis liomsa scéalta na n-iriseoirí seo a léamh agus ní ceart gur spéis leatsa iad ach oiread. Ní ar mhaithe an phobail atáthar á chrá agus ó mo thaobhsa, gabhaim leithscéal agus guím téar-namh tapa duit, a Ger.

Bíodh sé cruinn, bíodh sé tapa agus más féidir liom cur leis an nath, bíodh sé cruinn agus tuisceanach.

TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Dúshlán úr Google do Facebook

Pléann **Diarmuid Ó Muirgheasa** Google+

IS beag suíomh idirlín atá chomh huilíoch le Facebook. Níl sé díreach go fóill ag gach aon duine, admhaím é sin. Tá sé cóngrach a dhóthain leis, áfach, le nach ndéanfá an iomarca argóinte le hiriseoir leisciúil a dúirt go bhfuil sé, go liteartha, i ngach áit. Níl suíomh idirlín ar bith, fiú Google, a itheann suas an oiread ama le Facebook.

Deir Facebook féin go gcaitheann daoine ar an iomlán timpeall 700 billiún nóiméad in aghaidh na míosa ar an suíomh. Ciallaíonn sé sin go gcaitheann muintir Facebook in imeacht ocht n-uaire an chloig an méid céanna ama a caitheadh ar chruthú Vicipéide ó thús deiridh. D'fhéadfá argóint faoi na figiúirí, cinnte, ach tá siad iontach, iontach mór, pé slí a mbreathnaíonn tú orthu.

Sin ráite, ní faoi Facebook atá an t-alt seo, nó ní go díreach. Is faoi Google+ atá sé, an iarracht is déanaí ag Google le roinnt den ghaoth a bhaint ó sheolta an Uasail Zuckerberg. Cad go díreach atá i gceist le Google+, mar sin?

De réir a bhfuil feicthe go dtí seo, an cur síos is fearr ar féidir a dhéanamh

ar Google+ ná go bhfuil sé iontach cosúil le Facebook. Le bheith ionraic, cad eile a bheadh uait?

Tá rudaí nua ann freisin, áfach, agus rudaí a bheidh mar chúis bhuartha ag lucht Facebook.

An chéad rud ná na ciorcail. Slí nuálach iad le grúpaí a chruthú, chun do chlann a scaradh amach ó chairde agus iad siúd ó chomhoibrithe, nó pé slí ar mian leat rudaí a bhriseadh suas. Tá léiriú beag ag plus.google.com a léiríonn conas go díreach a oibríonn sé. Ní fhuaimníonn sé iontach nuálach - níl ann, i ndáiríre, ach slí shnasta le grúpaí a chruthú. Tá an cumas in Facebook le fada grúpaí a chruthú agus rudaí áirithe a roinnt díreach le grúpa nó grúpaí ar leith.

Áit a bhfuil drogall ar Facebook a leithéid de rud a bhrú, áfach, tuigean Google go bhfuil daoine ag éirí rud beag corraithe mar gheall ar an méid eolais atá ar fáil mar gheall orthu. Ní hamháin go bhfuil sé éasca é seo a réiteach ar Google+, ach tá sé snasta a dhóthain go mbeidh tú ag iarraidh é a réiteach.

Is cosúil go bhfuil Google ag díriú isteach ar thuairim cheannasaí Face-

Is cosúil go bhfuil Google ag díriú isteach ar thuairim cheannasaí Facebook, Mark Zuckerberg, go bhfuil gach éinne lánsásta a gcuid eolais ar fad a roinnt le duine ar bith, nó go mbeidh siad go luath. Tá siad ag díriú isteach air sin, a rá go bhfuil sé mícheart, agus ag brú go láidir na slí eile.

book, Mark Zuckerberg, go bhfuil gach éinne lánsásta a gcuid eolais ar fad a roinnt le duine ar bith, nó go mbeidh siad go luath. Tá siad ag díriú isteach air sin, a rá go bhfuil sé mícheart, agus ag brú go láidir na slí eile.

Leanann an tsuim seo i ngrúpaí síos tríd Google+. Tá Huddle ann, córas grúpa-théacsála a dhéanann níos éasca é ócáid a eagrú idir grúpa cairde.

Tá slite ann leis seo a dhéanamh ar Facebook, ach níl sé chomh snasta céanna. Ag an am céanna, is deacair seirbhís dá leithéid a úsáid muna bhfuil do chairde uilig ag baint úsáide as chomh maith, mar sin beidh le feiscint conas a éiríonn leis an gcuid seo de Google+.

Tá cúig mhórhointe á gcur chun cinn ag Google maidir le Google+. An dá cheann thuas, Circles agus Huddle, bheinn dóchasach go bhfuil úsáid leo. Instant Upload, a choipeálann chuile phictiúr a ghlacann tú ar d'fhón Android díreach go Google+, tá úsáid, cinnte, leis sin chomh maith (ní roinntear le duine ar bith go huathoibríoch iad, rud atá tábhachtach, ar ndóigh).

Tá úsáid chomh maith le Sparks, atá leathshlí idir StumbleUpon agus Facebook. Cosúil le StumbleUpon, insíonn tú don ríomhaire cé na rudaí a bhfuil suim agat iontu agus soláthraíonn an ríomhaire liosta duit d'ailt agus suíomhanna a oireann duit. Cosúil le Facebook, ligeann Google+ duit na rudaí seo a roinnt le cairde, agus labhairt fúthu le cairde.

Má tá cur amach agat ar Facebook,

táim cinnte go bhfuil tú ag ceistiú anois cén fáth, go díreach, go mbacfa le Google+. Gach rud atá luaite agam go dtí seo déanann Facebook cheana féin é, agus tá do chairde uilig ar Facebook cheana féin, gach seans (muna bhfuil, ní dócha go bhfuil siad ar Google+ ach oiread). An rud amháin atá ag Google+ nach bhfuil rud ar bith dá leithéid ag Facebook ná Hangout. Coincheap ait atá ann. Go bunúsach tá sé cosúil le MSN Messenger, nó an chat atá in Facebook féin, go in Gmail, nó in an-chuid áiteanna eile.

Tá sé cosúil leo siúd ach gur físchomhrá ata i gceist, agus go bhfuil sé dírithe go speisialta ar ghrúpa cairde a chur ag comhrá le chéile. D'fhéadfá a shamhlú go dtaitneodh sé go mór le daoine, nó ar an láimh eile d'fhéadfá a shamhlú go mbeidh easpa suime iomlán ann. An bhfuil daoine ag iarraidh suí cois ríomhaire, ag crochadh amach lena gcairde trí nasc idirlín? Tá Google ag súil go mbeidh.

Tá leagan Beta de Google+ dúnta do shíntiúsóirí nua, ach tá gach seans ann go mbeidh breis spáis ann go luath. Cuir d'ainm ar an liosta feithimh ag plus.google.com.

Microsoft Bing agus Baidu lámh ar láimh sa tSín

Seosamh ó Riain

TÁ Microsoft ag súil le cur lena sciar fíorbheag de mhargadh na n-inneall cuardaigh sa tSín tar éis gur fhógair an comhlacht go mbeidh sé ag dul i gcomhpháirtíocht le Baidu, an t-inneall cuardaigh is mó sa tír sin. Creidtear go gcuirfear an plean i gcrích faoi dheireadh na bliana.

Déantar beagnach 10 milliún cuardach as Béarla go laethúil trí Baidu ach is iad Microsoft Bing a chuirfidh na torthaí ar fáil amach anseo. Cuirfear cuardaigh Bhéarla ar Baidu ar aghaidh chuig Microsoft Bing, a chuirfidh na torthaí ar ais chuig leathanaigh ghréasáin Baidu dá réir.

Tá 80% den mhargadh cuardaigh ag Baidu sa tSín, tír ina bhfuil thart ar leathbhiliúin úsáideoir idirlín, agus níl i gceist leis sin ach 30% de dhul i bhfód ar an margadh. Dar le Analysis International, comhlacht a dhéanann taighde margaidh, níl ach sciar 1% den mhargadh ag Microsoft Bing faoi láthair.

Glactar leis go mbeidh ar Microsoft cinsireacht a dhéanamh ar thorthaí cuardaigh mar gheall ar éilimh ón rialtas i bPeicing, go háirithe maidir le fais-

néis atá íogair ó thaobh polaitíochta de, lena n-áirítear easaontóirí polaitíochta, na tarluithe i gCearnóg Tiananmen agus an chonspóid faoin Tibéid.

Is go mion minic Google agus rialtas na Síne in adharca a chéile de bharr cúrsaí cinsireachta ó rinne bradaithe ionsaí ar Google ag tús na bliana seo caite. Is ar éigean nár chaill Google a cheadúnas chun feidhmiú sa tSín dá dheasca, agus tá a sciar den mhargadh sa tír tar éis titim ó níos mó ná 30% síos go thart ar 20%. Tá Google thíos agus Baidu thuas, ach Google sa dara háit fós sa tSín mar inneall cuardaigh.

Is é Baidu, gan cheist, atá in uachtar maidir le cuardaigh sa tSínis, agus níos mó ná trí cheathrú de thrácht idirlín na Síne faoina lámha cheana. Ach is dócha go dtógfaidh sé píosa níos faide chun dul i ngleic le cuardaigh an Iarthair. Tá siad ag dul sa seans, áfach, leis an gcomhpháirtíocht le Microsoft. Nach ndearna Yahoo! rud cosúil blianta siar, tráth ar úsáid siad Google lena gcuid cuardach a dhéanamh. Fuair Yahoo! réidh le Google mar sholáthróir theicneolaíocht cuardaigh sa deireadh thiar thall, ach bhí an damáiste déanta cheana. Bhí an G mór ar an bhfód.



FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE



SCÉIMEANNA DEONTAS / SCOLÁIREACHTAÍ 2011/2012

- (a) Scéim Scoláireachtaí Choistí Gairmoideachais
(b) Scéim Deontas Cothaithe Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe

Fáilteofar roimh iarratais ar Scoláireachtaí Choistí Gairmoideachais agus/nó Deontais Chothaithe Tríú Leibhéal d'Oiliúnaithe uathu seo a leanas:

1. Daoine a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoi chúrsa lánaimseartha oideachais atá ceadaithe ag Institiúidí/Coláistí tríú leibhéal aitheanta i 2011/.
2. Daoine a bhfuil Teastas Náisiúnta, Dioplóma Náisiúnta nó Ard-Dioplóma Náisiúnta de chuid na Comhairle Oideachais Gnó agus Teicneolaíochta (BTEC HND) acu.
3. Mic léinn lánfhásta/aibí, sé sin, daoine atá 23 bliain d'aois ar 1 Eanáir na bliana iontrála nó athiontrála chuig Coláiste.

SCÉIM DEONTAS COTHAITHE DO CHÚRSAÍ IAR-ARDTEISTIMÉIREACHTA (PLC) 2011/2012

Fáilteofar roimh iarratais ar dheontais chothaithe do Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta ó dhaoine a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoi chúrsaí lánaimseartha oideachais atá ceadaithe ag scoileanna/coláistí dara leibhéal.

Tabhair faoi deara go bhfuil na deontais ar fad thuasluaite faoi réir ag tástáil acmhainne.

Is féidir foirmeacha iarratais agus mionsonraí uile maidir lena bhfuil luaite thuas a fháil ar an suíomh idirlín www.studentfinance.ie. Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a sheoladh chuig:

An Rannóg Deontas Mac Léinn
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
Coiléar Bán
Baile Átha an Rí
Co. na Gaillimhe
Uimhir Theileafóin: (091) 874536

Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte 31 Lúnasa 2011.

Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE



Cuirfidh an Coiste fáilte roimh iarratais ó dhaoine atá cáilithe go hoiriúnach, le taithí, ar an bpost bainistíochta seo a leanas, a mbeidh éifeacht leis ó 1 Meán Fómhair, 2011.

PRÍOMHOIDE: Coláiste Ghobnait, Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe Catagóir: 111

Tuarastal/Liúntais

Beidh cáilíochtaí, coinníollacha seirbhíse agus scálaí tuarastail de réir rialachán na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Dírítear d'aird ar shuíomh Gréasáin an Choiste www.countygalwayvec.com le haghaidh tuilleadh sonraí poist.

Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.

Tá folúntas do Chuntóir Riachtanais Speisialta (CRS) i Scoil na Maighdine Muire gan Smál, Camus, Co. na Gaillimhe, Uimhir Rolla: 11290W.



Post lae naíonáin atá i gceist (sealadach) le tosú ar an 1ú Meán Fómhair, 2011.
Beidh gnáthdhúlgaí CRS i gceist mar atá leagtha amach ar www.education.ie

Riachtanas íosta oideachais:

1. Mórcháilíocht leibhéal 3 FETAC ar Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí NÓ
2. Trí ghrád D, ar a laghad, sa Teastas Sóisearach, NÓ
3. Ionannmhail

Riachtanas eile:

Ní mór d'iarrathóirí taithí a bheith acu ar obair le páistí

Ní mór C.V. sonraí moltóirí agus litir iarratais a sheoladh chuig:

An Cathaoirleach
An tAthair Consaidín
Scoil Náisiúnta Mhuire gan Smál
Camus
Co na Gaillimhe

roimh an 5.00i.n ar an 21ú Iúil, 2011.

Is Scoil Ghaeltachta í an scoil seo, mar sin beifear ag súil le Gaeilge líofa agus le 'chuile iarratas a bheith i nGaeilge. Coinneofar liosta de na hiarthóirí ar feadh na scoilbhliana, 2011/12 agus cuirfear iad san áireamh ma bhíonn aon fholúntas eile dá shórt sa scoil.

Comhordaitheoir ar Thionscadal Oidhreacht

Tá Comhordaitheoir Tionscadail de dhíth ar Choiste Forbartha Charn Tóchair fá choinne a dtionscadail oidhreacht bunaithe ar Chóras Faisnéise Geagrafaí "Envision" (CFG), ina gcuimsítear an comhshaol, seandálaíocht, an oidhreacht thógtha agus an Ghaeilge. Beidh an té a cheapfar freagrach as comhordú agus as cur i bhfeidhm uile an tionscadail ó lá go lá, lena n-áirítear bheith ag obair le scoileanna & ollscoileanna.

Ar chritéir riachtanacha an phoist tá:

- Bliain ar a laghad de thaithí oibre in earnáil na héiceolaíochta nó na hoidhreacht
- Céim tríú leibhéil nó a comhionann
- Taithí i mbainistiú agus i riar tionscadail den chineál seo
- Leibhéal ard inniúlachta le ríomhairí agus taithí le córais CFG

Ar chritéir thosaíochta an phoist tá:

- Cáilíocht san éiceolaíocht, sa chaomhantás nádúir nó i réimsí gaolmhara eile
- Eolas praiticiúil ar an Ghaeilge
- Taithí ar mhaoiniú deontais a riar san earnáil phoiblí nó dheonach
- Cáilíochtaí aitheanta sa bhainistiúocht tionscadail

Fá choinne foirm iarratais déan teagmháil le: Coiste Forbartha Charn Tóchair, An Carn, Tír Chiana, Machaire Rátha, Co. Dhoire BT46 5NH, nó ar ríomhphost eolas@ancarn.org. Ní mór foirmeacha iarratais bheith istigh faoi 12.00pm Dé Luain 25 Iúil 2011.

Tuarastal: thart ar STG £22,000 p.a. + ranníocaíocht phinsin.

Fostóir comhdheiseanna is ea Coiste Forbartha Charn Tóchair.



Bhfuil mionfhógra agat?

Tá Gaelscéal ag
glacadh le
mionfhógraí ar
phraghas íseal.
Fógra báis, ceann
pearsanta, teach le
ligean ar cíós, rud
éigin le díol, srl.

Déan teagmháil le
Patricia ag 086
0234251 nó
fograi@gaelisceal.ie

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le
Gaelscéal,
lascaine
le fáil ar
leathanach
folúntais.

Déan teagmháil le
Patricia ag
086-0234251
nó
fograi@gaelisceal.ie

CÚRSAÍ SAOIL

Cillian Murphy ar ais i nGaillimh le drama athscríofa de chuid Enda Walsh, 'Misterman'



Treasa Bhreathnach

Is in 1999 a scríobh Enda Walsh an dráma *'Misterman'* ar dtús agus is é a ghlac an phríomhpháirt sa dráma aon aisteoir seo ag an am. Tá sé féin agus Cillian Murphy ag comhoibriú lena chéile arís ar an léiriú seo, tar éis dóibh a léiriú deiridh, *'Disco Pigs'*, a dhéanamh 15 bliain ó shin.

Díríonn an dráma ar scéal Thomas Magill atá ag iarraidh briathar Dé a scaipeadh ar fud phobal beag Inish-free agus an scéal inste i stíl dhorchaghrinn atá coitianta do Walsh. Mar aon lena lán de charachtair Enda Walsh, tá Thomas láidir agus é ar imeall an tsaoil. “Bíonn a lán buairimh agus imní ar mo chuid carachtar. Bíonn siad i gcónaí ag rith síos cnoc nó ag brú carraige suas cnoc, agus tógann sé a lán fuinnimh chun páirt ceann de mo charachtair a ghlacadh,” a deir Enda agus é ag gairí. “Tá siad díreach cosúil liomsa ar oíche oscailte, nó an chéad uair do cheann de mo chuid drámaí a bheith á thaispeáint os comhair lucht féachana. Bíonn mise mar *'wreck'* ceart, lán le himní agus iomlán neirbhíseach.”

Oslaíonn an drama seo le radharc ina ngoideann Thomas ubh, agus deir Enda go mbíonn sé d'aidhm aige fuinneamh éigin a thabhairt do dhráma sula dtosaíonn sé in aon chor. “Ligim do na carachtair an scéal a stiúradh, mar nuair a bhím ag scríobh bím saite go huile is go hiomlán sa scéal agus sna carachtair. Ní bhíonn a fhios ag

na carachtair céard atá chun tarlú sa chéad nóiméad eile, agus mar gheall air sin ní bhíonn a fhios ag an lucht féachana. Bíonn na carachtair saite sa nóiméad ina bhfuil siad. Tá fadhb agamsa le cúrsaí ama i ndrámáí ar aon nós, más léiriú uair agus fiche nóiméad atá ann, sin mar atá sé ar stáitse.”

Mar aon le gach duine, athraíonn am intinn agus meon duine, mar sin cé chomh deacair a bhí sé do hEnda Walsh athchuaire a thabhairt ar dhráma a scríobh sé agus é deich mbliana níos óige? “Bhí sceitimíní orm a bheith ag féachaint ar an dráma arís, ní déarfainn go raibh sé deacair ach go raibh mé iontach tógtha bheith ar ais leis. Cheap mé i gcónaí go raibh sé beagán tanaí mar script agus gur cheart tuilleadh taiscéalaíochta a dhéanamh air. Bhí mé iontach tógtha leis na carachtair i gcónaí ach is dóigh an difríocht is mó a tháinig air thar thréimhse deich mbliana ná gur i suíomh níos réalaíche atá an léiriú suite an babhta seo, bhí sé lonnaithe i saol sort fantaisíochta deich mbliana ó shin.”

Is léiriú iomlán difriúil atá i gceist an babhta seo, le foireann cruthaíochta den scoth ag obair; Jamie Vartan mar dhearthóir seit, soilsiú le hAdam Silverman, dearadh fuaime le Gregory Clarke agus scór nuascríofa le Donnacha Dennehy.

Is é Cillian Murphy duine den fhoireann cruthaíochta seo, agus glacann sé páirt Thomas Magill. Le tréimhse 15 bliain ón uair a d'oibrigh siad lena chéile, ar mhothaigh Enda go raibh mórán athruithe tagtha ar a gcuid stíleanna oibre? “Bhí Cillian an-óg nuair a rinne muid *'Disco Pigs'* le chéile, ach níl a chuid aisteoireachta athraithe go mór i ndáiríre. B'aisteoir iontach instinneach (instinctive)

a bhí ann i gcónaí agus tagann sé isteach ag an obair agus é go hiomlán réitithe i gcónaí. Le seo aon aisteoir, caithfear scrúdú a dhéanamh ar bheagnach gach uile shoicind agus is maith liom bheith ag éisteacht i gcónaí agus ligean don charachtar teacht amach i mbealach orgánach.”

Síleann Enda gur comhoibriú a bhíonn i gceist i gcónaí le haon léiriú, ach an mbeadh sé ina chabhair dó dá mbeadh duine éigin eile ag stiúradh an dráma, chun go mbreathnóidís air le súile úra? “Bímse iomlán áiféiseach sa seomra cleachtaidh, airím caillte i gcónaí agus go bhfuilim ag streachailt chun mo bhealach a fháil. Ach, bíonn ionchur i gcónaí ag aisteoirí sna léirithe agus sílim má fhágann tú an doras oscailte dóibh go dtarlaíonn an t-ionchur sin agus gur maith an rud é.”

Ní mar dhrámadóir amháin a fheidhmíonn Enda agus é tar éis a bheith mar chomhscríbhneoir ar an scannán cumhachtach, *'Hunger'*. Scríobh sé an script d'athchóiriú *'Disco Pigs'* le haghaidh scáileán na scannánaíochta chomh maith. An bhfuil aon cheann de na disciplíní seo ab fhearr leis? “Tá sé iomlán difriúil a bheith ag scríobh don stáitse i gcomparáid leis na scannáin. Leis an drámaíocht caithfidh tú dul i muinín ort féin ach le scríbhneoireacht do na scannáin, is ceird atá i gceist. Bhí sé d'ádh orm cairdeas a dhéanamh le scríbhneoir scáileáin iontach in Hollywood, atá 85 bliain d'aois, a bhuaigh a lán gradam, Oscar ina measc agus bíonn seisean fós ag bualadh a chloiginn in aghaidh balla in amanna leis an scríbhneoireacht scáileáin. Ach, má fhaigheann tú i gceart é, is rud iontach é.”

Tá dlúthbhaint ag Enda Walsh le Gaillimh le fada an lá agus leis an gcompántas amharclannaíochta Druid



agus é tar éis chúig cinn dá chuid léirithe a dhéanamh leo. An bhfuil sé ag súil le cuairt a thabhairt ar Ghailimh arís d'Fhéile Ealaíon na Gaillimhe? “Is aoibhinn liom Gaillimh; tar éis dom a bheith ag obair leis an Druid ann ar feadh cúig bliana airím sa bhaile ann. Airím go bhfuil an chathair ar imeall na hEorpa i mbealach éigin agus go mbíonn an deis ag daoine i gcónaí eispéireas nua a bheith acu ag an bhféile le drámaíocht, ceol agus na healaíona uile taobh le taobh.”

An bhfuil aon cheo sa chlár go bhfuil sé féin ag súil le srachféachaint a thabhairt air, tar éis a oíche oscailte féin le *'Misterman'*? “Táim ag súil go mór le taispeántas ealaíne Hughie O'Donoghue a fheiceáil, *'The Road'*, agus tá roinnt léirithe de chuid an

chompántais Propeller feicthe agam cheana a bhí iontach, mar sin tá mé ag súil leis na léirithe sin. Ach sílim gurb é an taibhsiú is mó a sheasann amach domsa (ach b'fhéidir go bhfuilim beagán claonta) ná léiriú de chuid Corcadorca, *'Request Programme'*. Is aisteoir den scoth í Eileen Walsh.” Bhí páirt ag Eileen Walsh in *'Disco Pigs'* chomh maith nuair a léiríodh ar dtús é agus dlúthbhaint ag Enda Walsh leis an gcompántas Corcadorca atá lonnaithe i gCorcaigh. Deir sé féin go bhfuil sé ag súil go mór le sult a bhaint as an bhféile, tar éis dó sceitimíní a oíche oscailte féin a chailleadh, ar ndóigh. Beidh *'Misterman'* le feiceáil sa Dubhlann i nGaillimh ón Déardaoin seo chugainn. www.galwayartsfestival.com

Rogha imeachtaí ag Féile

Damhsa & Drámaíocht:

'The Comedy of Errors', le William Shakespeare, Iúil 19-23, Amharclann na Cathrach, Gaillimh (€25)

'Richard III', le William Shakespeare, Iúil 20-23, Amharclann na Cathrach, Gaillimh (€25)

'Controlled Falling Project', drámaíocht corcais le gleacaíocht, Iúil 19-22 (€18)

'Bás Taismeach Ainrialaf' faoi stiúir Phádraic Uí Thuairisc, leagan iarthar na hÉireann de, 'Accidental Death of an Anarchist' le Dario Fo. Iúil 19-24, Seanscoil Shailarna (€15)

Ceol:

'Blondie' le tacaíocht ó Keywest sa 'Big Top' ar an Satharn 20 Iúil (€39.50)

'Afrocubism', meascán de na ceoltóirí is fearr ó Mhaifí agus Cúba chomh maith le Toumani Diabaté agus Eliades Ochoa, sa 'Big Top' ar 18 Iúil (€35)

'The Callino Quartet', ag seinm Schubert, Octet in F major D803, 13 Iúil i dTuaim (€25)

'Richmond Fontaine' sa Roisín Dubh, 19 Iúil (€14)

Ealaín:

'The Road', taispeántas nua le Hughie O'Donoghue, 11-24 Iúil i ndán-

Cultúr an cheoil san fhuil ag an ‘*Hypnotic Brass Ensemble*’

Treasa Bhreathnach

Is ochtar deartháir as clann de “21 nó 23 páiste” atá sa *Hypnotic Brass Ensemble* chomh maith le drumadóir nach deartháir leo é. Deir Gabriel Hubert, a sheinneann an trumpa, “Is mic muid uile le Phil Cohran, bhíodh seisean ag seinm le, ‘*Earth, Wind and Fire*’ sular tugadh an t-ainm sin ar an mbanna.

Sheinn sé mar chuid de bhannaí éagsúla sna 60í agus 70í agus ar ball shocraigh m’athair go raibh sé ag iarraidh ceol a mhúineadh dá chuid páistí chomh maith le páistí eile sa phobal gorm in Chicago. Bhí sé ag iarraidh go mbeadh muid réidh agus an domhan réidh d’fhuaim nua a bhí chun teacht as Chicago, mar gheall go raibh an ‘*World Fair*’ ag teacht go Chicago in 1986. Níor tháinig an ‘*World Fair*’ riamh, agus stop a lán de na páistí sa phobal ag teacht chuig na cleachtaí, ach choinnigh m’athair agus ár gcuid máithreacha leis. Bhí orainn éirí ag a sé a chlog ar maidin gach lá, roimh an scoil agus roimh bhriceasta, chun an ceol a fhoghlaim agus chun fáil faoi réir d’imeachtaí nó taispeántais a bhí againn ar fud na cathrach.”

B’as Mississippi ó dhúchas é Kelan Phil Cohran agus cáil air de bharr a chuid ceoil ar an trumpa chomh maith lena chuid gníomhaireachtaí ar son cearta sibhialta i Meiriceá sna 60í. Ní hé an trumpa amháin a raibh scil aige ann ach meascán ollmhór d’uirlisí práis (brass) agus cnagtha



agus an cháil air a bheith mar pháirt de na bannaí ‘The Arkestra’ agus ‘Sun Ra’.

“Sna 90í agus i dtreo na bliana 2000, bhí muid fós ag seinm ceoil, ach ní faoi theagasc ár n-athar, agus muid ag iarraidh ár gceol féin a chruthú agus ár n-aitheantas féin a chruthú agus is as sin a tháinig an ‘*Hypnotic Brass Ensemble*’,” a deir Gabriel. “Fós féin cé gurbh é ár gceol féin a bhí ann, bhí muid á gceangal le

traidisiún ceoil ár dtuismitheoirí agus muid ag iarraidh an traidisiún sin a choinneáil beo. In 1999 thosaigh an banna agus thosaigh muid ag taifeadh ceoil.”

Go dtí seo tá cúig albam taifeadta ag an ‘*Hypnotic Brass Ensemble*’, chomh maith le dhá EP. Táthar ar chamchuart dhomhanda faoi láthair ar feadh ceithre bliana, ach ar fhoghlaim siad aon cheachtanna uaidh scéalta chamchuarta n-athar siar sna blianta? “Faraor bhí ár n-athair ‘*blackballed*’ mar gheall gur sheas sé suas ar son cearta sibhialta agus gur labhair sé amach ar son an ghnáthdhuine. Mar sin, is in Chicago den chuid is mó a bhí sé lonnaithe nuair a bhí muidne ag fás aníos. Bhí sé sin iontach dúinne mar gheall go raibh deis aige an ceol a mhúineadh dúinn. Bhí a chuid ceoil mar scáil ar an tsochaí ag an am rud a chiallaigh nach raibh éileamh air do chamchuarta. Ach ós rud é go raibh sé sa bhaile, bhí neart deiseanna aige an ceol a mhúineadh dúinne. Chur sé ar an eolas muid faoinár bpearsantachtaí féin agus na freagrachtaí fir a bhí orainn.”

Is mic iad na deartháireacha le triúr máthair éagsúil agus is iad an dream is óige i gclann uile a n-athar iad. “Rinne ár máithreacha treisiú

gceist acu iarracht a dhéanamh tionchar chomh mór sin a bheith acu ar a gcuid páistí féin? “Is é an plean atá againne ná an rud céanna a dhéanamh agus an ceol a thabhairt don ghlúin óg ach faraor níl muidne sa bhaile an méid céanna agus a bhí ár n-athair. Ach sa chaoi a raibh comhoibriú idir ár n-athair agus ár máithreacha lena chéile, ní raibh sé d’ádh orainne ceoltóirí a roghnú mar pháirtithe, mar sin ní thuigeann máithreacha ár bpáistí an tábhacht sa chaoi chéanna agus a thuig ár máithreacha. Sílim féin ó thaobh an cheoil de go bhfuil mianach an cheoil iontu ar fad, ach ó thaobh na traenála agus mar sin de níl muid thart an dóthain chun iad a thraenáil. Sa todhchaí nuair a bheidh níos mó páistí againn, is dóigh arís, cosúil linne, gurb iad na páistí is óige a bheidh ag piocadh suas an cheoil uainn. Ní shílím go gcaithfidh muid brú a chur ar ár bpáistí mar go bpiocann an dara nó an tríú glúin suas an ceol go nádúrtha.”

Caithfidh sé go bhfuil bród thar cuimse ar a n-athair go bhfuil siad tar éis cultúr agus traidisiún an cheoil a thabhairt leo? Deir Gabriel, “Is é an rud a thugann an bród is mó dár n-athair, ná gurb iad a chuid páistí féin, seachas na daoine uile eile a mhúin sé, a thug aitheantas dó don teagasc ceoil sin. Den chuid is mó níor thug na daoine a d’fhoghlaim uaidh an t-aitheantas sin dó, go bunúsach bhí siad mar ‘*parasites*’.” Tá an banna díreach tar éis a bheith ag comhoibriú lena n-athair ar albam de cheol a nglúine féin agus a chuid ceoil féin a bheidh á sheoladh san fhómhar seo chugainn.

Beidh an ‘*Hypnotic Brass Ensemble*’ ag seinm i dteannta an ghrúpa, ‘*De la Soul*’ sa ‘Big Top’ ag Féile Ealaíon na Gaillimhe ar an Satharn an 23 Iúil. An bhfuil siad ag súil le seinm in Éirinn arís? “Is aoibhinn linn sibhse. Tá an oiread fuinnimh agaibh a chabhraíonn lenár bhféinmhuinín. Is rud amháin é a bheith ag seinm i do chathair féin, rud eile ag dul go cathair eile agus rud eile arís ag dul chuig an taobh eile den domhan. Thar thréimhse cheithre bliana ag taisteal ar fud an domhain is í Éire an áit is mó ina bhfuil muid tar éis seinm agus cuirtear fáilte iontach romhainn i gcónaí. Tá sibh mar chuid den turas seo atá á thógáil againn.”

Ealaíon na Gaillimhe

lann na Féile Absolut (saor in aisce).

‘Nude: Blatant Exhibitionism’, meascán de 50 ealaíontóir Éireannach agus idirnáisiúnta agus iad ag díriú ar an chruth dhaonna, ina measc John Behan agus Mia Funk. 11-23 Iúil, Dánlann Kenny (saor in aisce).

‘14-5=126’, saothar suiteála ina gcruthóidh naoi n-ealaíontóir saothar suiteála, ceann in aghaidh an lae agus deis ag an bpobal cruthú na n-ealaíon a fheiceáil nuair atá sé ag tarlú. 11-23 Iúil, dánlann 128 (saor in aisce)

Eile:

‘Colm Tóibín’, caint ó údar ‘The Mas-

ter’ chomh maith le sé úrscéal eile. 23 Iúil, Óstán an Meyrick (€10)

‘David O’Doherty’, seó grinn ón rannpháirtí rialta ar ‘Never Mind the Buz-zcocks’, 19 Iúil, Amharclann na Cathrach, Gaillimh (€17.50)

‘Paráid na Féile – This Fierce Beauty’, ag tosú ag an bPóirse Cooch ar an Domhnach 17 Iúil @ 8.45in (saor in aisce)

Níl anseo ach blaiseadh beag d’imeachtaí na féile, téigh chuig www.galwayartsfestival.ie chun an clár iomlán a fheiceáil.

NUAHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUAHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Conamara

Cúrsá nua FÁS sa gcolbhú agus sa bpábháil ar an gCeathrú Rua

Caroline Ní Chualáin

BEIDH cúrsa dhá rith ag FÁS sa gcolbhú (*kerbing*) agus sa bpábháil (*kening and paving*) ar an gCeathrú Rua ag tosú an 8ú lá de mhí Lúnasa. Is cúrsa seacht seachtaine atá i gceist agus tá áiteanna teoranta do 20 duine ar an chúrsa.

Tá an cúrsa ar fáil do dhaoine atá i dteideal cúrsaí FÁS. Chun clárú a dhéanamh ar an chúrsa caithfear dul chuig oifigí FÁS in Island House, Cearnóg na hArdeaglaise, Gaillimh. Is iad 'Begin Again', tar éis seisiúin eolais timpeall Chonamara, a chonaic an riachtanas le haghaidh an cúrsa seo a rith agus a chuaigh chuig FÁS chun iarraidh orthu an cúrsa a rith. Deir Maureen Griallais uaidh Begin Again, "Tá dea-chlú ar FÁS as

Lucht timpiste eitleáin gan chúiteamh tar éis 4 bliana

Máirtín Ó Catháin

NÍL oiread na fríde cúitimh faighte fós ag seisear fear a gortaíodh go dona sa timpiste eitleáin a tharla ag Aerphort na Minne ceithre bliana ó shin an tseachtain seo. Tuigtear go bhfuil cur agus cúiteamh ann faoin seasamh a bhí ag an árachas ar an eitleán ar an turas idir Inis Meáin agus Aerphort na Minne ar 5ú Iúil 2007. Maraíodh beirt fhear agus gortaíodh seisear eile a bhí ar bord - cuid acu go han-dona - nuair a tháinig an t-eitleán anuas ar chnocán le taobh an aerphoirt. Tá dlíodóirí ag láimhseáil éilimh ar chúiteamh ach tá cuid acu siúd a gortaíodh inmíoch nach bhfaighfear tada as. Níl an comhlacht árachais, atá lonnaithe i Sasana, ag géilleadh do na héilimh - go dtí seo ar aon nós.

Tuigtear go ndéantar idirdhealú géar ar árachas ar eitilt phríobháideach agus eitilt ar bhun íocaíochta - is é sin árachas tráchtála. De réir an eolais a tugadh ag an gCoiste Cróinéara faoin timpiste cuireadh ar fáil an t-eitleán do "ghrúpa Aerphort an Chlocháin" ar



Timpiste eitleáin, Indreabhán, Iúil 2007.

5ú Iúil 2007 le go bhfaighidís léargas ar thréithe an eitleáin. Ní raibh aon chaint ar íocaíocht a bheith tugtha ar son na seirbhíse ag an gCoiste Cróinéara. Is é an Coiste Cróinéara an t-aon áit ar cíoradh cás na timpiste go poiblí. Bhí suim ag an ngrúpa as tuaisceart Chonamara, nó ag cuid acu, an t-eitleán de dhéanamh Cessna Caravan a cheannacht.

Tuigtear go bhfuil éilimh chomh

hard le €3m déanta ag cuid de na daoine a gortaíodh sa timpiste. Ceaptar go mbeidh éilimh ann freisin i dtaobh na beirte a bhásaigh, an píolóta, Matt Masterson as Baile Átha Cliath agus Paul McNamee, cuntasóir as Baile Locha Riach. Ach tuigtear go bhfuil cás an chúitimh ag éirí an-chasta ag an bpointe seo agus go bhfuil stádas na heitilte i gceist. Tá billí troma ospidéal agus costaisí

eile tagtha sa mhullach ar chuid mhaith den dream a gortaíodh.

Mar a tharlaíonn sé tá costas an eitleáin féin íoctha le cúpla bliain. Dheimhnigh an t-úinéir Dave Courtney go raibh an t-airgead faighte ag an mbanc a chuir an t-airgead ar fáil leis an eitleán a cheannacht, an Banc Angla-Éireannach san am.

Idir an dá linn tá glactha ag an gcomhlacht Meiriceánach Yingling, a chuireann fearaistí éagsúla ar fáil d'eitleáin, go gcuirfear cruth níos feiceálaí as seo amach ar an trealamh a bhaineann le timpistí. Mhol an tAonad Timpistí Air anseo go mbeadh an bosca a chuireann fuaimeanna amach agus bhí sé an-deacair ag na saineolaithe a theacht air lena stopadh. A fhad agus a bhí an trealamh seo ag obair bhí an chuid eile den chorás éigeandála raidió VHF as alt ar chósta thiar na hÉireann.

Nuair a tharla an timpiste ag Aerphort na Minne bhí an trealamh seo ag cur fuaimeanna amach agus bhí sé an-deacair ag na saineolaithe a theacht air lena stopadh. A fhad agus a bhí an trealamh seo ag obair bhí an chuid eile den chorás éigeandála raidió VHF as alt ar chósta thiar na hÉireann.

scileanna a sholáthar do dhaoine chun feidearthachtaí a thabhairt dóibh i bhfostaíocht agus féinfhostaíocht le go mbeidh todhchaí mhaith acu."

Is é uimhir thagartha an chúrsa ná EG202 agus is féidir tuilleadh eolais a fháil uaidh Pádraic Lydon in oifigí FÁS ag 091-534400 nó padraic.lydon@wr.fas.ie.



Ó chlér : Angelina Foley (cóitséalái cúnta), Shaun Bradley, Ruairí Ó Tuathail, Theresa Maguire, Celine Mulready agus Pearse Ó Tuathail (cóitséalái cadhcála) lena mboinn a bhain siad amach ag Comórtas Domhanda Samhraidh na gCluichí Oilimpeacha Speisialta, san Aithin, sa chadhcáil an tseachtain seo caite. [PIC: MÁIRE O'TOOLE]



Lucht 'Macnas' ag réiteach dá dtaispeántas 'This Fierce Beauty' ar shráideanna Chathair na Gaillimhe, 8.45 in 17 Iúil. C-D: Holly Linneman, Brendan Macken, Katie Coghlan, Mark Watter, Shaun Leonard, Vicky McCormack, agus Serjal Pachisia. [PIC: COLM HOGAN]

Imeachtaí Chonnacht

• **Féile ‘Cairde’, Co. Shligigh.** 3-10 Iúil. Teil: 087 221 4079, Suíomh: www.cairdefestival.com.
• **Fleadh Scannán na Gaillimhe.** 5-10 Iúil. Teil: (091) 562 200, Suíomh: galwayfilmfleadh.com.
• **Giorcal Comhrá Samhraidh** (mic léinn sa chéad agus sa dara bliain). Oifigí Gaeilge Locha Riach, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe. €2. Gach Céadaoin, 3.30-4.30in, 6 Iúil - 31 Lúnasa. Teil: (091) 870718, Rphost: oifig@lochariach.com.
• **Taispeántas ‘TÍR’,** Áras Éanna, Inis Oírr, Co. na Gaillimhe. 8 Iúil - 31 Lúnasa. Teil: (099) 75150.
• **Scoil Samhraidh Dheisceart Shligigh.** Scoil don cheol agus don damhsa traidisiúnta. 10-16 Iúil. Teil: (071) 912 0912.

• **Féile Ealaíon na Gaillimhe.** 11-24 Iúil. Teil: (091) 509700, Suíomh: www.galwayartsfestival.com.
• **Féile Bhia na Mara Acla,** Co. Mhaigh Eo. 14-17 Iúil. Teil: (098) 47353, Suíomh: www.feilebianama-ra.com.
• **Seoladh Leabhair - Tomás Bairéad:** Rogha Scéalta, Áras Uilinn, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe. 6.30in, 15 Iúil. Teil: (091) 593307, Rphost: cic@iol.ie.
• **Féile Mhic Dara, Carna, Co. na Gaillimhe.** 15-17 Iúil. Teil: (095) 32523.
• **Bás Taismeach Ainrialai** (Léir-iúchán de chuid Thaibhdhearc na Gaillimhe), Seanscoil Shailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. 18-24 Iúil. Teil: (091) 562024, Suíomh: www.antaibhdhearc.com.

Siúlóid Chuimhneacháin Joe Kelly

Caroline Ní Chualáin

BEIDH siúlóid i gcuimhne ar Joe Kelly, fear óg as Muicineach a fuair bás ó thaom croí mí Mhéan Fómhair, ar siúl 11 Meán Fómhair ag 1.00in chun airgead a bhailiú don charthanas CROÍ. Beidh an tsíúlóid ag tosú ag teach tábhairne Tigh Khitt i gCasla. Deir Owen Conroy atá

ar an choiste atá ag eagrú na siúlóide cuimhneacháin, “Bhí an pobal ag iarraidh rud éigin a dhéanamh i gcuimhne ar Joe tar éis dó bás a fháil agus bheartaigh muid obair a dhéanamh ar son an charthanais CROÍ chun daoine a chur ar an airdeall faoi thaomanna croí agus strócanna. Tá an carthanas ag tabhairt tacaíocht 100% dúinn leis an tsíúlóid.” Is féidir cártaí urraíochta a fháil uaidh Owen Conroy ach glaoch ar aon cheann de na huimhreacha seo: 086 8054291, 087 7594408, 086 8052491. Tá CROÍ an Iarthair i mbun

foirgneamh nua a thógáil. Deir Barry Mc Cann, Bainisteoir Tiomsaithe Airgid, “Tá maoiniú againn don fhoirgneamh a thógáil ach tá muid ag lorg maoiniú chun tograí leanúnacha a chur ar siúl. Tá an rogha ag daoine a bhailíonn airgead seomra sa bhfoirgneamh a ainmniú as duine.” Deir Owen Conroy, “Tá siúl ceann de na seomraí nua san fhoirgneamh nua CROÍ a ainmniú as Joe.”

Maigh Eo

Féile Iorrais 2011

TÁ Féile Iorrais 16 bliain ar an bhfód i mbliana. Cuirfear tús le Féile Iorrais 2011 ar an Aoine 15 Iúil agus leanfar ar aghaidh leis go dtí an Domhnach 24 Iúil. Tá cead isteach chuig na ceardlanna ar fad saor in aisce agus tá cuid de na himeachtaí eile saor in aisce freisin. Is gá áit a chur in áirithe do na ceardlanna - cuir glaoch ar 097 81079. Más ball de Chlub Scannáin Iorrais tú, tá na scannáin saor in aisce - ballraíocht €5 agus is féidir ballraíocht seachtaine a fháil. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach logáil isteach ar www.feileiorrais.org, ríomhphost a sheoladh chuig feileiorrais@eir-com.net nó glao a chur ar 097 81079. Sonraí ar fáil freisin ar www.errisevents.com. Beidh imeachtaí na Féile ar siúl ar fud Iorrais, ó Ionad Deirbhle in Eachléim go dtí an Trá Bhuí i nDumha Thuama.



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Bhaile Átha Cliath

le Katie McGreal

Ceardlanna leis an Ionad Buail Isteach

BEIDH dhá cheardlann ar siúl ag an Ionad Buail Isteach an mhí seo. Tá ceardlann drámaíochta do dhéagóirí beartaithe agus ceardlann ríomhaireachta do dhaoine fásta. Beidh na ceardlanna dátheangacha drámaíochta ar siúl i Leabharlann Bhaile Bhlaínséir ó 11rn - 1in ar na dátaí seo a leanas: Dé Luain, 18 Iúil, 20 Iúil, 22 Iúil, 25 Iúil, 27 Iúil, 29 Iúil. Beidh ceardlann ríomhaireachta do ghlantosaitheoirí ar siúl Dé hAoine, 15 Iúil, 3in agus ceardlann d'fheabhsaitheoirí an lá dar gcionn, 16 Iúil, 11rn. Beidh siad ar siúl i gCaifé Idirlín Nethouse, Cé Wellington i mBaile Átha Cliath 2. Faigheann an tIonad Buail Isteach cabhair ó Fhoras na Gaeilge agus tá tuilleadh eolais ar fáil ó ionadbuailisteach@gmail.com nó 087 6662903.

Loisceoir Conspóideach sa Pholl Beag

DÉ Luain na seachtaine seo, rinne bainisteoir cathrach Bhaile Átha Cliath, John Tearney, iarracht tacaíocht a fháil chun iasacht níos mó ná €50 milliún a fháil don loisceoir conspóideach sa Pholl Beag i mBaile Átha Cliath ach níor éirigh leis. Bhí Tearney ag iarraidh iasacht a fháil ionas nach mbeadh rótharraingt ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Bhí vóta oifigiúil ag an gComhairle agus bhí 26 comhairleoir as 38 i gcoinne na hiasachta. Tá leas-mhéara Bhaile Átha Cliath, Maria Parodi, i gcoinne na

hiasachta freisin. Beidh 320,000 tonna de bhruscar ag teastáil gach bliain don loisceoir. Dúirt an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan i dtuairisc an mhí seo caite go mbeadh ar cháiniocóirí €350 milliún a íoc munar féidir leis an rialtas an méid seo bruscair seo a fháil. Ag an am céanna, dúirt sé nach seasfadh sé i gcoinne an loisceora.

Ospidéal na Leanaí nua

GHLAC an rialtas le tuairisc ón ngrúpa neamhspleách, Grúpa Ospidéal na Leanaí Nua, a léiríonn gurb é an suíomh in aice leis an Ospidéal Ollscoile Mater i mBaile Átha Cliath an áit is fearr d'Ospidéal na Leanaí nua. In 2006, ghlac an rialtas deireanach leis an suíomh céanna i ndiaidh moltaí a fháil ar an ábhar. Ach, bhí roinnt ceisteanna faoin mbealach isteach go dtí an t-ospidéal, ionad páirceála agus cé chomh hoiriúnach is a bhí áis ardéirí sa chathair do leanaí. Beidh 445 leaba agus 16 urlár san ospidéal nua. Molann an tuairisc a tháinig amach an tseachtain seo gur cheart dóibh an méid urlár a ísliú. Beidh costas €650 milliún ar an ospidéal agus tá siad ag siúl go n-oscldóid sé in 2015. Ach, sula féidir leo tús a chur leis, tá cead pleanála agus maoiniú ag teastáil.

Club Leabhar Gaeilge Nua

"DEIS a thabhairt do dhaoine litríocht na Gaeilge a phlé, agus léamh na Gaeilge a chur chun cinn", b'shin i aidhm an ghrúpa bhig a tháinig le chéile i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, an Aoine seo caite. Agus mar an gcéad chéim i dtreo club leabhar Gaeilge nua a bhunú, is cosúil gur éirigh ar dóigh leis an ócáid, de réir léitheoir amháin: "Táimid thar a bheith sásta leis an tús atá curtha leis. Bhí díospóireacht thar a bheith fóna is fiúntach againn, bhí na pointí a ardaíodh an-suimiúil, agus ba léir go raibh an-tuiscint ag an dream ar an saothar a bhí faoi chaibidil againn." In ainneoin go bhfuil an club lonnaithe ar champas na hollscoile tá fáilte is fiche roimh éinne atá ag iarraidh saothair na Gaeilge a léamh agus a phlé. Is ar bhonn coicíse a reáchtálfar an club agus beidh siad ag tabhairt aghaidh ar réimse leathan leabhar: "Beidh gach sórt leabhair á léamh againn. Léamar úrscéal searbhasach a rinne aoir ar litríocht na Gaeilge mar a bhí, An Béal Bocht, sa chéad seachtain, beidh cnuasach gearrscéalta á léamh againn don dara seachtain, b'fhéidir go mbeidh dráma á dhéanamh againn amach anseo..." arsa Breandán Mac Ardáil,

Próiseas pleanála lochtach ag Comhairle Contae na Gaillimhe i bhforbairt thuirbíní gaoithe Chonamara

Caroline Ní Chualáin

THÁINIG muintir Ros an Mhíl agus na ceantair máguaird le chéile oíche Dé Máirt seo caite in Ionad Pobail Ros an Mhíl chun an fhorbairt do thuirbíní gaoithe ollmhóra atá ceadaithe sa cheantar a phlé le Comhairleoirí Contae agus leis an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh. Tá muintir na háite míshásta de bharr gur cheadaigh an Chomhairle Chontae forbairt tuirbíní gaoithe a thógáil ag Tóin an Chnoic, Baile an tSléibhe, Caorán na gCearc agus an Chloch Mhór Theas sula raibh siad curtha ar an eolas faoi. An t-am ina bhféadfadh muintir na háite a gcuid aighneachtaí in aghaidh na dtuirbíní gaoithe a chur isteach, bhí sé istigh, agus is é Séan Ó Dubháin, a bhíonn ag plé le cúrsaí pleanála, a thug muintir na háite le chéile chun iad a chur ar an eolas faoin fhorbairt ag cruinniú eolais i Ros an Mhíl an tseachtain seo caite. Deir Séan Ó Dubháin, “Ní raibh sé soiléir don phobal sna fógraí a chuir siad sna páipéir agus ar an raidió go raibh tuirbíní gaoithe le bheith buailte ar a gcuid tithe, bhí an fógra faoin teideal “athrú sa phlean forbartha”. Mura léifeá é sin go mion ní bheadh a fhios agat go raibh tuirbíní gaoithe chun a bheith le do thaobh. Níl a fhios againn cén fáth gur roghnaíodh na háiteanna agus cén fáth nár cuireadh muintir na háite ar an eolas faoi.” Dúirt duine áitiúil ag an gcuinniú, “Is ionsaí díreach ar an phobal é seo. Tá bean ghnó nó fear gnó amuigh ansin ag ceapadh gur féidir leo ár mbaile a úsáid mar pháirc spraoi chun na tuirbíní seo a chur ann.” Léirigh an pobal ag an gcuinniú a míshástacht nach raibh an pobal curtha ar an eolas ag Comhairleoirí Contae Chonamara. Deir an Comhairleoir Contae Séamus Breathnach leis an

phobal, “Tá brón orainn gur tháinig an scéal chomh sciobtha sin oraibh agus tá an locht orainn nach raibh níos mó ama agaibh.” Thug Séan Ó Dubháin pointe eolais ag an chruinniú nach raibh bac na dtuirbíní gaoithe á chur i limistéirí caomhantais speisialta. Níl zónáil i gceist leis an talamh fós ach táthar ag ceapadh gurb é sin an chéad chéim eile. Bhí Frank Ó Domhnaill atá ag plé le forbairtí feirmeacha gaoithe i gCill Chríost i láthair ag an chruinniú agus léirigh sé sin a imní freisin faoin fhorbairt tuirbíní gaoithe sa cheantar mar mhothaigh sé nach raibh an próiseas ceart dhá leanúint ag an gComhairle Chontae. “Bhí mise i láthair ag an chruinniú comhairliúcháin in Óstán an Menlo ar an 12 Bealtaine. Ní raibh an fhógraíocht faoin fhorbairt go maith, ní raibh na saineolaithe ag éisteacht ag an chruinniú agus rinneadh aighneacht ann agus níor éisteachd leis,” ar sé. Ag an chruinniú freisin tháinig sé chun solais go raibh an próiseas chun cead a thabhairt do thuirbíní gaoithe i gceantar Leitir Mucú agus Chamuis lochtach. Dúirt Seán Ó Dubháin, “Rinne pleanálaí sa Chomhairle Chontae an cinneadh an t-iarratas pleanála chun na tuirbíní gaoithe a chur sa cheantar a dhiúltú ach tháinig feidhmeannach sinsearach isteach sa Chomhairle Chontae agus d’athraigh sé an cinneadh faoin iarratas pleanála agus ceadaíodh é.” Dúirt an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh, “Caithfear ceisteanna láidre a chur ar an gComhairle Chontae faoin bpróiseas ceadúcháin a bhí i bhfeidhm acu i gcás na dtuirbíní gaoithe i gCamus agus Leitir Mucú.” Bhí cruinniú ag Comhairleoirí Contae na Gaillimhe aréir chun ceist na dtuirbíní gaoithe a phlé.

'Baile Gaelach' meánaoiseach le hathchruthú

Colm Ó Broin

BEIDH Baile Gaelach mar chuid d'athchruthú ar shaol na meánaoise i gCairlinn, Contae Lú, an mhí seo chugainn.

Is sráidbhaile meánaoiseach é Cairlinn agus tá sé beartaithe cuid de a rangú mar 'an Pháil' agus cuid eile mar Bhaile Gaelach le linn Sheachtain Oidhreachta 2011 ó 21-28 Lúnasa.

'Saol na Meánaoiseanna agus an Ghaeilge' an teideal atá ar an imeacht agus moltar do chuairteoirí Gaeilge amháin a labhairt agus iad sa Bhaile Gaelach.

Chuir Cumann Turasóireachta Chuaille agus Chairlinn tús le hathchruthú ar shaol na meánaoiseanna sa bhaile anuraidh, agus bheartaigh siad gné Ghaelach a chur leis i mbliana.

"Theastaigh uainn léiriú a dhéanamh ar an mbealach a mhair na Gaeil lasmuigh de bhallaí an bhaile sa tréimhse," arsa Frances Taylor, oifigeach turasóireachta sa cheantar.

"Tá an pobal sa bhaile an-tógtha leis an smaoineamh agus tá muid an-dóchasach go dtiocfaidh borradh faoi úsáid na Gaeilge i rith na seachtaine."

Beidh comharthaí Gaeilge in airde sa Bhaile Gaelach agus beidh siopadóirí ag déanamh iarrachta an teanga a labhairt lena gcustaiméirí. Beidh cainteoirí líofa ag dul timpeall an Bhaile Ghaelaigh le linn na seachtaine freisin ag déanamh comhrá le cuairteoirí i nGaeilge. Laistigh den Pháil beidh rannpháirtithe ag maireachtáil i gCaisleán Taaffe agus ag léiriú modhanna feirmeoireachta agus ceardaíochta na meánaoiseanna.

Gléasann muintir an bhaile in éadaí meánaoiseacha i rith na seachtaine agus baineann páistí go háirithe an-sult as an athchruthú de réir Frances Taylor.

Tá os cionn 20 áit darb ainm *Irishtown*/an Baile Gaelach in Éirinn, formhór acu i gCúige Laighean. Geiteoanna a bhí iontu do chainteoirí Gaeilge a bhog go bailte gallda le linn na meánaoiseanna.



Rinne an tAire Iompair, Turasóireachta, agus Spóirt, Leo Varadkar, síneadh nua ar Líne Dearg an Luas, idir Belgard agus Teach Sagard, a oscailt ar an 2 Iúil, i mBaile Átha Cliath.

ball den chlub.

Pléifear 'An Deireadh Seachtaine agus Scéalta Eile', le Mícheál Ó Laoghaire, ar an 15 Iúil nuair a bhuailfidh an club le chéile arís ag 6.30in sa Seomra Caidrimh, Roinn na Gaeilge, COBÁC. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag [Twitter@club_leabhar](https://twitter.com/club_leabhar), nó trí Club Leabhar - An Cumann Liteartha + An Cumann Gaelach, a chuardach ar Facebook.

Cill Dara Oxygen 2011

Katie McGreal

TOSÓIDH an Fhéile Oxygen níos déanaí inniu ar ráschúrsa Bhaile Phúinse i

gCill Dara. Beidh cúig stáitse ann ar feadh an deireadh seachtaine agus beidh níos mó ná 130 grúpa ceoil ag seinm agus ag canadh. Beidh The Script, Black Eyed Peas, Foo Fighters agus Coldplay san áireamh. Bhí ar Jessie J tarraingt siar ón bhféile níos luaithe sa mhí seo mar bhris sí a cos. D'oscail an t-ionad campála ag meán lae inné. Bhí costas €224 ar thicéid ceithre lá campála agus tá siad ag súil le thart ar 85,000 duine, an chuid is mó ag campáil.

Tá srianadh tráchta curtha i bhfeidhm sa cheantar ag na Gardaí agus beidh siad féin agus foirne leighis ar fáil ag an bhFéile.

Imeachtaí Laighean

- **Taispeántais Gearrscannán 2011** ag an Day Care Centre, Mainistir Eimhín, Co. Chill Dara, Dé Luain, 18 Iúil, 9in, saor in aisce.
- **Taispeántais Gearrscannán** ag Seery, Daingean, Co. Uíbh Fhailí, Dé Céadaoin 27 Iúil, 9in, saor in aisce.
- **Campa Samhraidh in Áras Chrónáin**, Ionad Cultúrtha i mBaile Átha Cliath ar feadh cúig lá ó 4 Iúil agus ceann eile ó 11 Iúil le haghaidh páistí 7-12 bliain d'aois.
- **Ciorcal Comhrá gach Luan**, 9rn - 10.15rn i nGaelscoil Inse Chór, Cuarbhóthar Theas, Baile Átha Cliath
- **Seisiún Ceoil Traidisiúnta**, Schoolhouse Pub ar Bhóthar Northumberland gach Satharn ó 8.30in



Steve Larkin agus Kevin Rowsome ag seinm san Eaglais Úinitéireach i mBaile Átha Cliath ag Steeple Session a bhíonn ar siúl gach Máirt agus Déardaoin ag 8in. PIC: EILEEN HASSETT

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Cúrsaí Caide

AN tráth seo bliana is caid nó peil a bhíonn ag dó na geirbe ag an muintir seo againne. Ar an Domhnach seo caite thug na mílte as seo a n-aghaidh ar Chill Airne agus iad ag súil go mbainfeadh Ciarraí an bhearna dá gcomharsana, na Corcaigh. Caithfear a admháil go raibh scata Éireann den tuairim go bhféadfadh an lá a bheith leis na Corcaigh go rábach. Toisc go raibh Tomás Ó Sé agus Ó Griffin ar iarraidh mheasadar gur dhóichí nach mbeadh rith an ráis leo. Bhí eagla ar chuid acu go ndéanadh Corcaigh scrios, ach bhí an beagán ann a mheas go bhfuil seamróg na gceithre gcluas ag an mbainisteoir Jeaic Ó Conchúir agus nach bhfuil aon teora leis ina éifeacht agus ina éirim le himreoirí a ghríosadh. “Go deimhin tá ar a chumas an deoir dheireanach a bhaint as a mbíonn aige,” arsa Mícheál Mac Gearailt ó Leataoibh Mór, fear go bhfuil an dó agus ceithre fhichead slánaithe aige, ach gur beag a bhaineann le cúrsaí caide a théann i nganfhis dó. Níl aon teora leis an meas atá ag Mícheál ar Dhéaglán Ó Súilleabháin, duine de na peileadóirí is fearr a chonaic sé riamh, dar leis. Tá an-mheas aige ar Jeaic Ó Conchúir, fear, dar leis, go bhfuil an-tuiscint aige agus géaraíocht as an ngnáth ag baint leis i gcúrsaí caide. “Ní fear cosanaíre ná fastaoim fear Uíbh Ráthaigh,” arsa Mícheál.

Is baolach gur lucht leanúna iad na Ciarraigh nach mbíonn sásta go mbíonn Sam gnóthaithe acu, ach mheasfa go raibh faoiseamh mór le braith orthu siúd, agus b’iad sin an tromlach, a mheas nach raibh aon seans ag Ciarraí an lá cheana. Níl a fhios agam cé chomh fada a mhairfidh an solás aigne sin.

Níl a fhios agam an le gliondar é ach roghnaigh Mícheál Ó Muircheartaigh agus beirt saineolaithe foireann an leathcheid i rith an deireadh seachtaine.

Seo iad ar eagla nár thugais leat iad nuair a léigh Mícheál amach na hainmneacha ar Raidió na Gaeltachta ar an Luan.

Poist bhreise cruthaithe le gnó nua bia i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh

Seán Ó Loingsigh

TÁ áis táirgthe á forbairt ag an gcomhlacht Heron Quality Foods i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh faoi láthair chun táirgí saor ó ghlútan a chur ar fáil do mhargadh an bhia.

Táthar ag súil go mbeidh 30 post nua curtha ar fáil ag an ngnó nua, Bia Gan Breise Teo, in aonad de chuid Údarás na Gaeltachta i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh faoin mbliain seo chugainn.

Cuireann Heron Quality Foods táirgí aráin, brioscaí agus cistí ar fáil do mhargaí in Éirinn, sa Bhreatain, ar mhór-roinn na hEorpa agus ar fud an domhain.

I measc a gcustaiméirí tá Musgraves, Wholefoods Wholesale, Kelkin, National Organics, Aldi Ireland, ASDA sa Bhreatain, Nutrition et Sante sa bhFrainc agus Il Fior di Loto san Iodáil.

Ghlac Bia Gan Breise seilbh le déanaí ar ghnó Chistí Gúgán Barra Teo a bhí ag feidhmiú sa bhfoirgneamh i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh faoi scáth an chomhlachta Jacobs.

Ciallaíonn infheistiocht Heron Foods go bhfuil deich bpost áitiúla á gcoimeád san aonad táirgthe i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh, agus tá ochtar breise fostaithe ag an gcomhlacht ó chuireadar tús leis an ngnó nua sé seachtaine ó shin. Ag preas-ócáid a reachtáil Heron Foods agus Údarás na Gaeltachta i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh maidin Dé Luain seo caite, thug stiúrthóir an chomhlachta John Dawson le fios go bhfuil suas le €0.5 milliún á infheistiú ag Heron san áis nua. Thug Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta Údarás na Gaeltachta, Siub-

hán Nic Grianna, le fios go mbeidh €0.4m á infheistiú ag an Údarás sa ghnó idir dheontas fostaíochta dos na poist nua, scaireanna agus mhaoiniú le haghaidh athchóirithe atá le déanamh sa bhfoirgneamh.

Tá stór sa bhfoirgneamh le hathchóiriú le haghaidh táirgeadh aráin saor ó ghlútan, bia go bhfuil éileamh air dóibh siúd go bhfuil an galar celiac orthu. Bhí Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Seán Ó Labhraí, i láthair ag an ócáid fógartha forbartha agus fostaíochta, chomh maith leis an Aire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaioich, an comhalta áitiúil ar Bhord an Údaráis, Mícheál Ó Scanaill, an feidhmeannach áitiúil Dónal Óg Ó Liatháin, oifigeach cultúir agus teanga an Údaráis Rachel Ní Riada agus an Teachta Dála áitiúil Michael Creed.

“Tá seasamh maith sa mhargadh ag an chomhlacht seo cheana féin agus tá sé imithe ó neart go neart ó bunaíodh é in 1999,” a dúirt an tAire Stáit Donnchadh Mac Fhionnlaioich. Mhol an tAire Údarás na Gaeltachta chomh maith de bharr an tionchair atá ag an eagraíocht i gcruthú fostaíochta i nGaeltacht Chorcaí.

Tá áis ag Heron Quality Foods i gCnoc an Bhrúnaigh, Droichead na Bandan, chomh maith le haonad táirgthe in Dordogne na Fraince.

Tá táirgeadh gnáthbhrioscaí aistrithe ó Bhéal Átha ’n Ghaorthaidh go dtí an áis i nDroichead na Bandan agus is i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh a bheidh na táirgí saor ó ghlútan á dtáirgeadh as seo amach. Bhí an chuid sin den ngnó Éireannach bunaithe go dtí seo i gCnoc an Bhrúnaigh,

áit a bhfuil 11 duine fostaithe. Tá taighde déanta ag an gcomhlacht maidir le forbairt a dhéanamh ar an ngnó bia saor ó ghlútan, agus bhí an bhreis slí a bhí de dhíth orthu ar fáil sa bhfoirgneamh i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh chun a bplean forbartha a chur chun cinn.

Tá cácaí ríse á dtáirgeadh san áis sa bhFrainc ach toisc go bhfuil an aeráid ró-the ansan is i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh go bhfuil seacláid á cur orthu, próiseas a taispeánadh don Aire Stáit Mac Fhionnlaioich Dé Luain seo caite.

Is í bean chéile an stiúrthóra John Dawson, Elizabeith Dawson, a chuir tús leis an ngnó nuair a chuaigh a cáil amach mar bháicéir tar éis dóibh beirt cur fúthu i gceantar Chionn tSáile.

Tá ana-chuid taithí ag an mbeirt a bheith i mbun tionscadal agus gnóthaí éagsúla i Sasana agus ar fud an domhain. Thug John Dawson, fear sna 70í, le fios go raibh sé tráth in arm na Breataine (ní sa Tuaisceart a dúirt sé), agus chuir sé síos ar ghnóthaí ríomhaireachta, déantúsaíocht trucanna agus tarracóirí, agus réimsí eile tionsclaíochta go raibh baint aige leo ina shaol gnó. Caitheamh aimsire a bhí ann ar dtúis, a dúirt sé, nuair a thugadar faoi ghnó na báicéireachta, ach lena dtaithe, tá fás tagtha ar an ngnó ó shin mar is léir i mBéal Átha ’n Ghaorthaidh.

“Tá na deiseanna fostaíochta a chuirfidh an comhlacht seo ar fáil rithábhachtach do Ghaeltacht Mhúscraí agus cheana féin, ag an staid luath seo, tá ardú feicthe againn sa líon daoine atá fostaithe ag an gcomhlacht,” a dúirt comhalta áitiúil Bhord Údarás na Gaeltachta, Mícheál Ó Scanaill.

Seán Ó Cullata; Marc Ó Sé, Seán Ó Caoimh agus Tomás Ó Súilleabháin; Tomás Ó Sé, Tadhg Ó Cionnaola, agus Mícheál Ó Múineacháin; Mícheál Ó Conaill agus Jack Ó Sé; Déaglán Ó Súilleabháin, Tomás Ó Lúing agus Pat Ó Spiolláin; Colm Cúipéir, Eoin de Liosdúin agus Maidhcí Mac Síthigh.

Beidh daoine ann a déarfaidh conas nach raibh Seán Ó Murchú, Páidí Ó Sé, Dara Ó Sé, Seán Ó hAogáin agus go leor eile san áireamh. Má tá foireann agatsa nach dtagann leis an gceann thuas seol chugam nó go dtí an tEagarthóir do rogha.

Seoladh sa Díseart

BHÍ lá mór sa Díseart sa Daingean ar an Domhnach agus ba léir go raibh ardú meanman ar an Moinsíneoir Ó Fiannachta agus ar an gcoiste a reachtálann An Díseart, ionad tríú leibhéal oideachais, mar bhí ardaitheoir agus fresco den Suipéar Deireanach le seoladh. Is bean Mheiriceánach, Eleanor E. Yates, atá ag teacht chun an Daingin gach samhradh le deich mbliana, a dhear an Suipéar Deireanach. Is daoine as an bpobal máguaird atá sa fresco ach go bhfuil éadaí, gruaig agus féasóga mar a bhí ar na haspail agus an Tiarna orthu. Léirigh fiseán conas a chuir an bhean óg seo chun oibre. “Is álainn an obair í seo,” arsa an Fiannachtach,

“agus ní hamháin sin, ach tá slacht curtha ar go leor nithe ealaíne sa cheantar seo aici gach uair a thagann sí.”

Is as Denver, Colorado do Eleanor agus í cáilithe mar ealaíontóir le dhá bhliain déag. Tá obair dá cuid i dtíortha ar fuaid na hEorpa, i nGaimbia na hAfraice, áit ar ar thug sí turas ar chuireadh ó shagart le ceard a healaíne a léiriú. Chaith sí tamall ag obair sa Téalainn agus tá oibreacha dá

cuid i mórán de Stáit Mheiriceá. “Tá go leor de mo chuid oibre in Pennsylvania,” ar sí, “mar glactar leis gur ansiúd atá ceartlár na healaíne seo i SAM.”

“Is é an tAire Ealaíon agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan TD, a sheol an fresco agus an t-ardaitheoir. Dúirt an tAire, go raibh an Teachta Dála nuathofa, Brendan Griffin, lena chois, go dtabharfadh sé gach cúnamh a d’fhéadfadh sé d’obair An

Dísirt agus bhí sé an-tógtha go raibh comórtas ealaíne ag An Díseart do na scoileanna sa cheantar. Thug sé moladh faoi leith don Mhoinsíneoir Ó Fiannachta as a bhfuil curtha i gcrích aige do phobal na hÉireann, an cheantair agus, ó scor sé, sa Díseart.

Bhí go leor caitheamh aimsire ann don slua a d’fhreastail, idir óg agus aosta. Bhí béile bia ar fáil in aise agas caoireoil orgánach bhlasta de chuid Phádraig Uí Fhiannachta. Mar atá



Uachtarán an CLG, Criostóir Ó Cuana, agus Leas-Mhéara Chathair Chorcaí, Tony Fitzgerald, agus greim daingean acu beirt ar Chorn Sam Mhic Uidhir ag paráid Fhéile Pheil na nÓg i gCorcaigh an tseachtain seo caite. [PIC: SEÁN Ó LOINGSIGH]



Ar paráid ag Féile Pheil na nÓg i gCorcaigh: Cumann Peile Gael na mBan, Nua Eabhrac. [PIC: SEÁN Ó LOINGSIGH]

luaite cheana tá ceangal ag An Díséart le hOllscoil an Chroí Ró-Naofa in Fairfield, Connecticut, SAM agus bíonn gasraí ag teacht coitianta le staidéar a dhéanamh ar ábhair éagsúla, go mórmhór stair na litríochta Gaoilaine. Cinnte is deacair a thuiscint conas atá éirithe leis an gcoiste bainistíochta agus an Fiannachtach an oiread oibreacha feabhais a chur i gcrích ar an bhfoirgneamh de chuid Mhná Rialta na Trócaire agus gur léir nach raibh aon mhór-airgead curtha ar fáil ag aon eagrais stáit ná forbartha dóibh.

Coláiste Íde lán

IS dócha gur beag meánscoil a d'fhéadfadh a rá go mbeadh orthu scoláirí a chur ó dhóras, ach tá an 34 áit don chéad bhliain i gColáiste Íde i gCorca Dhuibhne lán cheana féin. “Tá 136 scoláire ag freastal ar an aon mheánscoil chónaithe lán-Ghailinne do chailíní sa stát agus beidh sé sin ardaithe go dtí 147 scoláire an bhliain seo chugainn,” arsa an leas-bhainisteoir, Siobhán Ní Chathalláin. Tamall de bhlianta ó shin, measaim 1996, thóg coiste darb ainm Cairde Cholóiste Íde Teo. reáchtáil na scoile ar láimh ó na mná rialta, Ord na Carthanachta. Bhí na mná rialta i mbun an choláiste ó 1927. Nuair a tháinig an coiste nua ar an bhfód bhí an baol ar feadh tamaill go mbeadh thiar ar a n-iarracht, ach ní hamhlaidh a bhí, mar go bhfuil feahsaithe agus forbairtí ar áiseanna ceathra i gcrích de réir a chéile. Tá ainm Cholóiste Íde anairde le fada mar láthair oideachais, cultúir, spóirt, agus go mórmhór mar scoil ina mbíodh agus ina mbíonn an-fhoirne díospóireachta. Tá cead ag na scoláirí filleadh abhaile ar an deireadh seachtaine gach tríú seachtain más maith leo agus is féidir le haon chailín filleadh abhaile don deireadh seachtaine má bhíonn cead aici óna tuismitheoirí. Is gnách go bhfanann a bhformhór sa choláiste i rith an deireadh seachtaine.

Cé chomh fada anonn atá áirithintí ag an gcoláiste, a d'fhiafraíos de

Shiobhán. “Tá áirithintí againn chomh fada le 2021,” ar sí. Sin, is dócha, comhartha gur coláiste den scoth é Coláiste Íde. Rud eile gur fiú a chlos ná gurb é an craoltóir agus an phearsa gheanúil aitheanta, Micheál Ó Muircheartaigh, cathaoirleach an choiste bainistíochta. Is í Áine Ní Chearbhaill príomhoide na scoile agus is é Derrí Ó Síocháin an bainisteoir. Faoi láthair tá cúrsa samhraidh do chailíní idir deich mbliana agus ceithre bliana déag, á reáchtáil sa choláiste. Tá an trí chúrsa a bhí fógartha don choláiste lán.

Foirgneamh breá Seoirseach is ea Coláiste Íde a tógadh do thiarna talún Fhionntrá agus a mhuintir mar cheannáras san ochtú haois déag. Tá sé suite ar fheirm 107 acra gur coill 54 acra.

Scéalta Mhúsraí

Seán Ó Loingsigh

Fadhb chumarsáide ag Comharchumann Forbartha Mhúsraí

TÁ fadhb chumarsáide leis an bpobal ag Comharchumann Forbartha Mhúsraí (CFM) dar le bainisteoir na heagraíochta, Concubhar Ó Liatháin.

Ní raibh éinne ón bpobal i gcoitinne i láthair ag cruinniú poiblí a reáchtáladh in Ionad Áise Réidh na nDoirí chun obair agus pleananna CFM a chur i láthair, agus bhí an tinreamh íseal leis ag lá oscailte in oifig an chomharchumainn i gCúil Aodha a bhí fógraithe chomh maith.

B’i seo an dara babhta le bliain anuas go raibh tinreamh íseal ag seisiúin eolais de chuid an chomharchumainn ó reáchtáladh cruinnithe poiblí faoi phlean teanga Ghaeltacht Mhúsraí anuraidh.

Ceathrar a d’fhreastail ar an gcrúinniú poiblí san Ionad Áise - an bainisteoir fostaithe, Concubhar Ó

Liatháin, cathaoirleach an choiste dheonaigh Derry Ó Duinnín, rúnaí an choiste Gearóid Ó hÉalaithe, agus oifigeach cultúir agus teanga Údarás na Gaeltachta i gCúige Mumhan, Rachel Ní Riada.

Thug an bainisteoir le fios gur treoir ó Údarás na Gaeltachta a bhí á comhlíonadh go raibh na seisiúin eolais seo a reáchtáil roimh dheireadh mhí an Mheithimh.

Os comhair línte de shuíocháin fholamha i seomra cruinnithe an Ionaid Áise rinne Bainisteoir CFM, Concubhar Ó Liatháin cur i láthair ar scáileán faoin obair atá ar bun ag an gcomharchumann.

Liostáladh “tosaíochtaí” an chomharchumainn - “an Ghaeilge, tacú le coistí áitiúla, turasóireacht chultúrtha, seirbhísí don phobal agus abhcóideacht ar son ceisteanna áitiúla.”

Rinne an bainisteoir abhcóideacht ar son fheachtas Oifig an Phoist i mBhéal Átha an Ghaorthaidh a bhí ar bun ag Coiste Forbartha Bhéal Átha an Ghaorthaidh chun oifig phoist an tsráidbhaile a choimeád ar oscailt, dianfheachtas nár éirigh leis. Dúndadh an oifig phoist agus chuir An Post gníomhaireacht phoist le seirbhísí ciorraithe ar fáil i siopa áitiúil.

Tá tacaíocht á cur ar fáil ag CFM maidir le hiarratais atá á n-ullmhú faoi láthair le haghaidh maoinithe ó chlár Leader faoi scáth Mheitheal Forbartha na Gaeltachta do thrí thionscadal pobail i mBéal Átha an Ghaorthaidh, i gCúil Aodha agus i gCill na Martra.

Is athchóiriú ar na hallaí pobail atá i gceist i gCúil Aodha agus i mBéal Átha an Ghaorthaidh, agus tá clós spraoi do leanaí le tógaint i gCill na Martra. Maidir le turasóireacht chultúrtha d’eagraigh an bainisteoir turais lae go Gaeltacht Mhúsraí do mhic léinn eachtranacha agus d’fhoghlaimoirí Gaeilge faoi choimirce Ionad na Gaeilge Labhartha in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, chomh maith le scoláirí ó Ollscoil Luimnigh, agus tá sé i gceist tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tionscadal seo i mbliana.

Eagraíodh ranganna Gaeilge d’fhoghlaimoirí i gCúil Aodha, i gCill na Martra agus i mBéal Átha an Ghaorthaidh agus d’fhan 20 mac

léinn ó Cholóiste Tráchtála Chorcaí ar lóistín i gceantar Chúil Aodha ar feadh seachtaine fad a bhíodar ag freastal ar chúrsa teanga i mí Dheireadh Fómhair anuraidh.

Tá bainisteoir CFM ag tacú, mar chathaoirleach ar choiste Fhéile na Laoch, leis na hullmhúcháin atá faoi lán seoil don chomóradh ar an gcumadóir Seán Ó Riada a bheidh ar bun i gCúil Aodha i dtús mhí Lúnasa.

Chuir an bainisteoir síos ar scéim nua atá beartaithe ag CFM - Mórtas Mhúsraí - ina bhfuil sé i gceist an pobal a spreagadh ó thaobh na teanga de trí chomhnascadh de chomórtais Ghlór na nGael agus na mBailte Slachtmhara.

Táthar chun cruinnithe a reáchtáil san Fhómhar sna paróistí i nGaeltacht Mhúsraí chun Mórtas Mhúsraí a chur chun cinn. Bhíothas ar an mbóthar seo cheana anuraidh maidir le plean teanga Ghaeltacht Mhúsraí, uair nár fhreastail éinne ón bpobal i gcoitinne ar chruinniú poiblí i mBaile Bhuirne.

Maidir leis an easpa tinrimh ag cruinnithe poiblí, dúirt Concubhar Ó Liatháin gur léir go raibh fadhb chumarsáide leis an bpobal. Chuir bainisteoir CFM in iúl ag go mbeidh sé ar an láthair i mBéal Átha an Ghaorthaidh agus i gCill na Martra gach coicís as seo amach chun tacú le coistí áitiúla.

Na sluaite i láthair ag Féile Peil na nÓg

Seán Ó Loingsigh

GHLAC suas le 4,500 imreoir fé 14 ó chumainn CLG in Éirinn agus ó chlubanna thar lear páirt i bhFéile Peil na nÓg a reáchtáladh i gcathair agus i gCo. Chorcaí ar feadh trí lá an deireadh seachtaine seo caite, an chéad uair le 25 bliain go raibh an comórtas ar bun i gCorcaigh.

D’imír 180 foireann de bhuachaillí agus cailíní cluichí peile ar fud an

chontae, agus d’fhan 80 ceann des na foirne, ó chumainn in Éirinn, i Sasana, in Albain agus i Meiriceá, ar lóistín i gceantair 68 club de chuid an Chumainn i gContae Chorcaí i rith na féile.

Ba í foireann Chiceam Bhaile Munna as Baile Átha Cliath a bhuaigh Roinn 1 na mBuachaillí fé 14 in aghaidh fhoireann Chumann Barra Naofa Chorcaí sa chluiche ceannais a imríodh i bPáirc Uí Chaoimh, agus fuair foireann Bhaile Chláir na Gailimhe an ceann ab fhearr ar an bhfoireann bhaile Naomh Val i gcluiche ceannais Roinn 1 na gcailíní san ionad céanna. Bhí an bua ag foireann fé 14 Dhún Garbhán i gcluiche ceannais Roinn 4 na gCailíní in aghaidh Dhroichead na Bandan, cluiche a imríodh i bPáirc Uí Rinn.

Sna babhtaí deireaneacha de chomórtais scileanna aonair peile a reáchtáladh i bPáirc Uí Chaoimh i rith na gcluichí ceannais, bhuaigh Megan Connolly ó Chumann Raonaithe Nemo i gCorcaigh comórtas na gcailíní agus ba é Liam Keating ó Gloucestershire Shasana a bhuaigh comórtas na mbuachaillí. D’éirigh leis an imreoir peile fé 14 Antaine Ó Cuana ó Chill na Martra an dara háit as ochtar a bhaint amach i mbabhta leath-cheannais den chomórtas scileanna.

D’fhan baill de chomhfhoireann ó chumainn CLG na hAlban - 20 imreoir agus ceathrar maor - le 12 teaghlach i gCill na Martra i rith na féile. D’imríodar cluiche stairiúil in aghaidh na foirne áitiúla fé 14 ar Pháirc Uí Chuana i gCill na Martra, cluiche a bhuaigh na cuairteoirí, ach níor éirigh le haon cheann den dá fhoireann dul ar aghaidh óna roinn go dtí na babhtaí leath-cheannais.

D’éirigh thar barr le cuairt na nAlbanach go Cill na Martra dar le hoifigeach an chumainn áitiúil Gearóid Ó hÉalaithe. “Bhí aon-chuid oibre ann ach chabhraigh an aimsir go mór,” a dúirt Gearóid.

Ag ócáid fulacht fia agus dioscó a reáchtáladh go speisialta i bPáirc Uí Chuana agus san Ionad Pobail i gCill na Martra an oíche sara d’fhág na cuairteoirí, bhronn lucht na hAlban plaic ó Bhorc Peile na tíre sin ar Chumann Peile Chill na Martra mar bhronntanas cuimhneacháin ar an dturas, agus bhronn an cumann baile caipíní agus pinn ar mhuintir na hAlban le suaitheantas an chlub orthu.

Ní raibh easpa cailíní ag an dioscó mar gur imir foireann ban Naomh Abán Bhaile Bhúirne, ar a raibh mórchuid na gcailíní as Cill na Martra, cluiche taispeántais in aghaidh foireann ban as Neidín mar chuid des na himeachtaí ag an ócáid shóisialta.

Do tharraing an fhéile na sluaite amach i gcathair Chorcaí mar a raibh paráid des na foirne éagsúla i rith an chomórtais pheile. Bhí Uachtarán CLG Criostóir Ó Cuana agus Uachtarán Pheil Gael na mBan Pádraig Ó Cuill i láthair chun suaitheantais chuimhneacháin a bhronnadh ar chaptain na bhfoirne.

Cuireadh Féile Peil na nÓg ar bun i gCo. an Chabháin go luath sna 1980í nuair a reáchtáladh í sa chontae sin trí bliana as a chéile idir 1982 agus 1984, agus táthar á reáchtáil i gcontaetha éagsúla gach aon bhliain ó shin. Reáchtáladh an fhéile i gCorcaigh dhá bhabhta cheana in 1985 agus in 1986.

ULAIDH NUAIGHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelscal.ie

Doire 'Súil Charad'

Katie McGreal

TÁ 'Súil Charad', taispeántas agus leabhrán ar fhoilseacháin i nGaeilge le breis agus 200 bliain, le bheith i Leabharlann Lárnach Chathair Dhoire. Thosaigh an taispeántas ar an Luan seo caite agus críochnóidh sé ar 23ú Iúil.

Is é POBAL, grúpa abhcóideachta na Gaeilge, a thiomsaigh agus a d'fhoilsigh an taispeántas agus an leabhrán a théann leis. Dúirt Janet Muller, Príomhfheidhmeannach POBAL, 'Bheartaigh POBAL ar chuid de phictiúr fhorbairt na Gaeilge thar roinnt céadta bliain a cheapadh trí scrúdú ar nuachtlitreacha agus nuachtáin Ghaeilge, suas go dtí soláthar nuachta ar líne an lae inniu. Tá muid iontach sásta leis an tais-

Gaelscoil Aodha Rua do Dhún Geanainn

Anton Mac Cába

TÁ Gaelscoil Aodha Rua le hoscailt i nDún Geanainn mí Mheán Fómhair. Bhí sé riamh amuigh ar Dhún Geanainn go raibh an Ghaeilge láidir ann. Is anois amháin atá bunscoil dá bunú. Beidh seo ar an 35ú bunscoil ó thuaidh. "Tá ceathrar dalta déag cláraithe le toiseacht," arsa Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach

Chomhairle na Gaelscolaíochta. "Tá barraíocht páistí ag cur isteach ar Ghaelscoil Uí Néill ag Clu-ain Eo (thart ar leath-dhosaen míle ó Dhún Geanainn)." Tá Gaelscoil Aodha Rua agus Naíscoil Uí Chléirigh le bheith ar an aon suíomh amháin in eastát tithíochta i nDún Geanainn. Is í Mona Uí Dhochartaigh an t-aon mhúinteoir a bheidh ag an scoil sa chéad bhliain. "Beimid aitheanta ag an Roinn Oideachais ón

gcéad lá," ar sise. "Tá an suíomh ar cíos againn ó Chlub Iománaíochta Eoghain Rua." Tá Mona ar iasacht ó Ghaelscoil eile don chéad dá bhliain den scoil nua.

Tá Naíscoil Uí Chléirigh ann le dosaen bliain. Tá 26 páiste ann, agus liosta feithimh chomh maith. I mbliana, fuair an Naíscoil deontas £100,000 (€111,233.78) le scoil nua a thógáil. Beidh sin réidh don fhómhar.

peántas agus leis an leabhrán a d'fhás as an togra seo? Dúirt Séimí Mac Aindreasa, Oifigeach Forbartha le POBAL, "Tá scéal na nuachtán agus na nuachtlitreacha seo an-tábhachtach. B'iad an tathán, nó an glae, a choinnigh le chéile pobal na Gaeilge agus é ag fás aníos." Amach anseo, beidh Súil Charad le feiceáil mar chuid de Fhéile an Phobail i mBéal Feirste, agus tá roinnt suíomhanna eile á socrú, Leabharlann na bhFál, Lheabharlann Bóthar na Carraige Báine agus Leabharlann an Iúir ina measc. Tuilleadh eolais: 028 9043 8132 nó oforbartha2@pobal.org

Dúshlán Cholm Cille

TÁ Club Rámhaíochta an Fheabhail i mBun an Phobail, Contae Dhún na nGall, chun imeacht ar fharraigí anaithnide an deireadh seachtaine seo nuair a dhéanfaidh dhá fhoireann ón chlub iarracht rámhaíocht thar Shruth na Maoile ó Íle go hInis Eoghain.

Ó bunaíodh an club 6 bliana ó shin, tá sé ag gabháil ó neart go neart agus an bhliain seo a chuaigh thart, cuireadh dhá bhád fhada cheilteacha lena chabhlach de least-air agus scifeanna cósta. Aithníodh gurb é an bád fada ceilteach an bád is fóirsteanaí don turas mara seo, agus an tseachtain seo caite, le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain (IDP), fuair an club an dara bád fada agus tá siad réidh anois do Dhúshlán Cholm Cille. Dé hAoine seo chugainn, 8ú Iúil, rachaidh baill de Chlub Rámhaíochta an Fheabhail go hÍle, agus tar éis ceiliúradh a bheith acu ansin, rámhóidh dhá fhoireann - deichniúr fear agus deichniúr ban - ar ais go dtí an Caisleán Nua i nDún na nGall Dé Sathairn 9 Iúil, in éineacht le dhá bhád rámhaíochta ó Íle agus grúpa soithí tacaíochta. Rachaidh scaifte ceoltóirí traidisiúnta ó Inis Eoghain go hÍle faoi choinne an cheiliúrtha, agus beidh ócáid cheiliúrtha agus siamsaíochta ansin in ollphuball sa Chaisleán Nua tráthnóna Dé Sathairn, nuair a fhilfidh an grúpa ar Éirinn. Beidh margadh ceardaíochta ar siúl Dé Domhnaigh agus clár iomlán imeachtaí,

damhsa Gaelach, taispeántais chócaireachta agus imeachtaí do pháistí ina measc. Beidh deireadh leis an cheiliúradh ar fad le ceolchoirm leis an Lee Roy Brown Band. Is teist buanseasmhachta a bheas i nDúshlán Cholm Cille do na rámhaithe atá i mbun traenála le bliain anuas. Táthar ag dréim le haimsir mhaith don turas. Tá fáilte roimh chách an ócáid stairiúil a cheiliúradh agus freastal ar na himeachtaí. Rachaidh aon airgead a shaothrófar mar chuid de na himeachtaí seo chuig Ospís an Fheabhail.

An Cabhán Cead ag Quinn do Charrchlós

Anton Mac Cába

THUG Comhairle Chontae an Chabháin cead athchoinneála do Quinn Financial Services ar charrchlós. Tá an carrchlós ag oifigi an chomhlachta ar imeall Bhaile an Chabháin. Tá seo ar an 10ú hiarratas fá choinne cead athchoinneála ó chomhlachtaí i ngrúpa Seán Quinn a cheadaigh Comhairle Chontae an Chabháin ó thus na 90í. Ciallaíonn sin gur tógadh an fhorbairt, agus ansin gur cuireadh isteach ar chead pleanála fána choinne. Níl baint ar bith ag Quinn ná ag a theaghlach le riaradh an chomhlachta níos mó. Anuraidh cheap an tArdchúirt Paul McCann agus Michael McAteer ó Grant Thornton mar riarthóirí ar Quinn Financial Services.

Fear Manach Closturais (audio tours) i bhFear Manach

Katie McGreal

IS féidir turas i gContae Fhear Manach a dhéanamh i d'aonar sa charr agus eolas ó dhaoine áitiúla a fháil trí na closturais seo. Is féidir iad a íoslódáil ón suíomh www.fearmanaghlakelands.com nó cóip chrua a fháil ón oifig thurasóireachta i bhFear Manach.

Tá trí thuras éagsúla ann. Téann ceann amháin ó Fhear Manach Thiar, ceann eile ó Fhear Manach Thoir agus clúdaíonn an tríú ceann príomhbhaile an chontae - Inis Ceithleann. Insíonn na daoine áitiúla scéalta agus tugann eolas faoin gcontae - tá eolas faoi Naomh Cecelia, Éarlamh an Cheoil ann chomh maith le heolas ar Inishcorkish agus na muca a bhí ann agus cur síos ar chuairt an rí. Is féidir na turais a íoslódáil ina n-aonar agus do rogha áit a phiocadh chun cuairt a thabhairt uirthi. Is bealach nua-aimseartha, solúbtha agus éasca é chun eolas a fháil ar chontae Fhear Manach gan an-chuid airgid a chaitheamh.

Reachlainn Reachlainneach Clúiteach Curtha

Ciarán Dunbar

CUIREADH Reachlainneach aitheanta, Johnny Curry, an tseachtain seo tar éis gur cailleadh é Dé Sathairn seo caite. Bhí sé ag taisteal leis féin ó Reachlainn go Baile an Chaistéil ar a bhád féin nuair a thit sé isteach san uisce. Bhí beagnach sé bliana is trí scór slánaithe aige agus bhí triúr páistí aige. Creidtear go raibh rud éigin sáinnithe i lián a bháid agus gur thit sé isteach agus é ag iarraidh an lián a shaoradh. Bhí clú air mar fhear báid, agus tá sé ag cur leis an tragóid gur sna cúinsí seo a cailleadh é. D'ainneoin iarrachtaí móra chun é a fháil, fuarthas a chorp san fharraige ó dheas ó Rubha na bhfaoileann, an pointe is faide ó dheas i Reachraidh. Ba leis an teach tábhairne McCuaig's san oileán sular ghlac úinéir úr seilbh air. Tá níos lú ná 100 daoine ina gcónaí san oileán anois agus is buille é do shaol an oileáin duine ar bith a chailleadh, go háirithe duine chomh gníomhach le Johnny Curry. É féin a bhí taobh thiar den fheachtas ní ba luaithe i mbliana chun bosca vótála Reachlann a choinneáil, cath a bhain muintir an oileáin.



Caomhín Ó Cadhla, Tomái Ó Conghaile, agus Bill Shaw ag Seoladh Chlár Scoil Samhraidh Mhic Reachtain, bialann La Boca, Béal Feirste an tseachtain seo caite.

IMEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**



Eibhlín Ní Chonghaile, RTÉ Raidió na Gaeltachta, le hAisling Nic Fhionnghaile a bheidh le feiceáil i bhfógra nua teilifíse do RTÉ Raidió na Gaeltachta, a taifeadh i nGleann Cholm Cille, an Déardaoin seo caite.

PIC: CAITRÍONA NÍ BHAOILL



Damhsóirí óga ag fanacht go foighneach le smideadh a fháil i Halla Mhuire i nGleann Cholm Cille, le linn thaifeadh fhógra teilifíse nua Raidió na Gaeltachta Déardaoin seo caite.

PIC: CAITRÍONA NÍ BHAOILL



Ard Mhéara Bhéal Feirste, Niall Ó Donghaile, Ariel Killick agus Tomaí Ó Conghaile ag Seoladh Chlár Scoil Samhraidh Mhic Reachtain ag bialann La Boca, Béal Feirste.



Aralt Mac Giolla Chainnigh ag labhairt leis an slua le linn Oireachtas Ceanada, i nGaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir, Ontario, Ceanada.



Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael, Criostóir Ó Cuana, ag bronnadh suaitheantas cuimhneacháin ar leas-chaptaen fhoireann fé 14 Chumann Peile Chill na Martra, Damien Ó hUrdail, i dteannta chaptaen na fóirne Pádraig Ó Críodáin ag paráid Fhéile Peil na nÓg i gcathair Chorcaí an tseachtain seo caite.

PIC: Ó LOINGSIGH



Ag cur fáilte roimh Mhicheál D. Ó hUigín, iarrthóir sa toghchán uachtaránachta, go Port Láirge do Rás na Long Ard bhí: (ar chúl, ó chlé): Odharnait Ní Chéilleachair, Clr. Séamus Ryan (Comhairle Chathair Phort Láirge), Fiachra Ó Céilleachair (Comhalta Údarás na Gaeltachta don Rinn agus don Seanphobal) le Gráinne Ní Chéilleachair, Mícheál D. Ó hUigín, Brian O' Shea (Cathaoirleach Pháirtí an Lucht Oibre agus iar-Theachta Dála do na Déise) agus Siobhán Smyth (Bóthar Dhún Mór, Port Láirge). (Chun tosaigh, ó chlé): Damhnait Ní Fhatharta, Sadhbh Ní Chéilleachair, Deithín Ní Chéilleachair (Indreabhán, Co. na Gaillimhe) agus Ruán Ó Céilleachair (Dalta as Gaelscoil Phort Láirge, Baile Mhic Gonair).

PIC: JOHN POWER PHOTOGRAPHY, PORT LÁIRGE

BEATHA

NUACHT Litríochta



'Caisleán Ghriaire'

Le Mícheál Ó Ruairc
Coiscéim 2011
€7.50


Léirmheas
Ciarán Ó Braonáin

IS iad an grá agus an feall an dá phríomh-théama i leabhar Mhíchíl Uí Ruairc Caisleán Ghriaire. Titeann an scéal amach i rith aimsire corraí i stair na hÉireann (1563-1580), agus tá sé suite i gceantar an Leitriúigh in Iarthar Chiarraí, le bunús na n-imeachtaí ag teacht ó stair agus seanchas na háite.

San úrscéal seo tagann beirt leanán, Aodh 'Dubh' de hÓra agus Eibhlín de Mórdha, le chéile in ainneoin a dteaghlai ghach glan in éadan a chéile. Cé go bhfuil macalla beag de chuid Romeo and Juliet le brath sa mhéid sin, ní hionann an dá scéal ar scor ar bith, ach amháin go bhfuil an grá tragóideach go flúirseach sa dá cheann.

Ach in ainneoin mhórtéama an scéil d'fhéadfaidís siúd nach bhfuil go hiomlán gafa le cúrsaí an chroí, an-sult a bhaint as an leabhar seo chomh maith.

Tugann Caisleán Ghriaire blas fíor-shuimiúil dúinn ar chastacht



saoil in Éirinn na linne. Is tréimhse í seo inar tháinig oll-athrú agus oll-chlaohlú as cuimse ar chúrsaí polaitíochta, sóisialta agus cultúrtha na tíre, agus cuireann an t-údar léargas beag faoinár mbráid ar an tslí a ndeachaigh na hathruithe móra stairiúla seo i bhfeidhm ar bheirt de shliocht uaisle na hÉireann.

Tagann roinnt de na heachtraí ba mhíchluí i stair an oileáin chun cinn agus feicimid na mór-uaisle ag streachailt leis an dá thaobh de 'Ghéilleadh agus Athbhronnadh', teacht an Bhéarla, an Phrotastúnachais, na bplandóirí agus shaighdiúirí Shasana, anuas ar ghnáthchúrsaí an tsaoil.

Is iontach spéisiúil an choimhlint inmheánach a fheiceáil i ndaoine éagsúla agus iad ag iarraidh dul i ngleic le ceist 'an Ghéille agus an Athbhronnta', agus an rogha a dhéanamh idir an tírghrá agus na buntáistí praiticiúla, an stádas, agus an compord a bhain le géilleadh don Choróin.

I ndeireadh na dála, áfach, is é an grá tragóideach bun agus barr an úrscéil seo. Ó thús go deireadh, is cúis achraínn agus aighnis é caidreamh Aoidh agus Eibhlín agus is mór a chuireann imeachtaí

polaitíochta na haimsire leis an gcrá croí.

Feicimid grá na lánúine agus tírghrá na nGael ag teacht salach ar a chéile, agus is í an tsíorthroid inmheánach sin laistigh d'Aodh agus d'Eibhlín, thar aon chath eile, an choimhlint is mó sa scéal.

Tá an leabhar seo scríofa ag an údar leis an bhfoghlaimoir fásta ar intinn aige, agus caithfear a rá go bhfuil sé foirfe feiliúnach don lucht léitheoireachta sin.

Tá Gaeilge bhreá, nádúrtha, dhúchasach úsáidte ag Ó Ruairc, le gluais focal ag deireadh gach caibidle, rud a chiallaíonn nach mbeidh ar an léitheoir an iomarca stró a chur air fhéin, ag dul i muinín foclóra agus é ag iarraidh an scéal a leanúint. Níl ach cúpla leathanach i gceist le gach caibidil fosta, agus laghdaíonn sé sin aon chuma dhúshlánach a fhéadfadh bheith ann i meon an fhoghlaimeora.

Cé go bhfuil an leabhar seo ceaptha don fhoghlaimeoir fásta, d'fhéadadh cainteoir d'ardlófacht taitneamh a bhaint as mar gheall ar an ábhar, na gnéithe stairiúla, agus cumas scríbhneoireachta an údair, gan trácht ar líon na maslaí breátha, Gaelacha a chuireann an t-údar ar fáil dúinn!

'Thar an Trasnán'

le hÁine Ní Ghlinn
O'Briens Press
€6.99

Léirmheas
Katie McGreal

BEIDH aithne ag aon duine a rinne an Ardeist le déanaí ar an údar seo a scríobh an dán 'Gealt?' agus chomh maith leis sin tá an-chuid leabhar scríofa aici do pháistí, 'Daifní

Dineasár' agus 'Céard atá sa Bhosca' san áireamh.

An rud atá spéisiúil faoin leabhar seo ná gur faoi fhíor-dhaoine atá sé. Bhunaigh Áine Ní Ghlinn na carachtair sa scéal seo ar na daltaí i rang a sé ó Scoil Naithi mBaile an tSaoir, Baile Átha Cliath. D'iarr dalta sa rang sin ar Áine leabhar a scríobh faoin rang agus ghlac sí leis an dúshlán. Is scéal faoi chluiche peile idir na cailíní agus na buachaillí i rang a sé é agus is ea Eoghan príomhcharachtar an leabhair. Deir na múinteoirí nach bhfuil ann ach

spraoi. Dar le hEoghan tá i bhfad níos mó i gceist. Forbraíonn Eoghan mar dhuine tríd an scéal agus ar an mbealach sin tá carachtar láidir cruthaithe ag an údar.

Tá sé soiléir go bhfuil tuiscint mhaith aici ar dhaltai scoile agus ar lucht na haoise sin. Molaim go hard an leabhar seo. Tá sé éasca a léamh le cló mór, Gaeilge dheas, nádúrtha le frásaí deasa, 'éasca péasca' mar shampla. Cabhraíonn na pictiúir go mór mhór le híomhánna cuí agus atmaisféar an chluiche a chruthú.


Tomás Bairéad i gcló arís, Seoladh leabhair i Maigh Cuilinn

Meadhbh Ní Eadhra

SEOLFAIDH an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, 'Tomás Bairéad: Rogha Scéalta', atá in eagar ag Aingeal Ní Chualáin, in Áras Uilinn, Maigh Cuilinn, Contae na Gailimhe, Dé hAoine seo chugainn, 15 Iúil, ag

6.30in. Is díol spéise iad saol agus saothar Thomáis Bairéad ar mhórán bealaí. Ba dhuine é a mhair le linn na gearleanúna a d'imir lucht tiarna talún ar an bpobal ag deireadh an naoú haois déag ina áit dúchais, Maigh Cuilinn i gContae na Gailimhe. Ag tús an fichiú haois agus é mar

bhall de Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann, de Shinn Féin agus d'Óglaigh na hÉireann, ghlac sé páirt ghníomhach sna himeachtaí áitiúla a bhain le hÉirí Amach 1916 agus le Cogadh na Saoirse. Beidh agallamh le hAingeal i gcló i nGaelscéal an tseachtain seo chugainn.



TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

‘Mo Ghrá Gael’

Katie McGreal

I Mí Eanáir 2010, bhí lucht Waddell Media ag déanamh plé ar chlár agus smaoine nua a bhí acu. As an bplé, fuairamar an clár úr cleamhnais, Mo Ghrá Gael. Aidhm an chlár ná píosa craice a bheith ann chomh maith le grá geal Gaelach a fháil d’fhear agus bean a bhaint amach.

Bhí orthu fear agus bean a fháil a raibh suim acu i gclár mar seo a dhéanamh. Bhí siad ag lorg beirte a bhí ionraic, dearfach agus deas, le Gaeilge líofa agus a bhí réasúnta dathúil. D’éirigh leo beirt seanchairde, Rónán agus Muireann a fháil. Ansin, bhí an comhlacht ag lorg, ar a laghad, triúr ó cheantair éagsúla timpeall na tíre. Bhí ar na daoine sin físeán a chur ar shuíomh idirlíne Mo Ghrá Gael, www.moghragael.com. D’éirigh go maith leo na daoine cearta a fháil agus craoladh an tsraith i mí Aibreáin an bhlain seo caite ar TG4.

Chuaigh an bheirt ar thuras rómánsúil timpeall na tíre agus iad ag cuardach a ngrá ghae-laigh. Cuireadh tús leis an turas i mBaile Átha Cliath agus ar aghaidh leo go Gaillimh, Dún na nGall, Doire agus Béal Feirste. Phioc Muireann agus Rónán triúr as gach ceantar, as na daoine a chuir físeán ar an suíomh.

Sna háiteanna seo, bhuail an bheirt leis an triúr ar an gcéad oíche ag geandáil gasta (speed-dating) agus phioc siad duine amháin as an triúr chun dul amach leo ar dháta an oíche dár gcionn. Bhí 6 chlár sa tsraith agus sa séú clár, bhí ar Mhuireann agus ar Rónán duine den chúigear ó na háiteanna éagsúla a roghnú le haghaidh deireadh seachtaine rómánsúil in Albain.

Cúpla mí ar aghaidh agus dúirt Waddell Media go bhfuil bean ag Rónán nár bhuail sé léi i rith an chlár agus go bhfuil a grá geal fós á lorg ag Muireann, ach chruthaigh siad beirt caidreamh

maith le daoine a bhfuil na suimeanna céanna acu. D’éirigh leis an aidhm, píosa craice a bheith ann, ach níor éirigh leo an aidhm grá geal Gaelach a fháil d’fhear agus bean a bhaint amach.

Toisc gur tháinig sraith iontach suimiúil as an smaoineamh seo, tá Waddell Media, TG4 agus an Ciste Craolacháin Gaeilge (CCG) ag iarraidh sraith eile a dhéanamh. Mar sin, cuirfidh siad fáilte roimh iarratais ó aon duine atá ag iarraidh a bheith ar an gclár. Ní chaithfidh taithí ar bith a bheith acu ach caithfidh siad a bheith dearfach faoin gclár agus a bheith ionraic agus caighdeán maith Gaeilge a bheith acu.

Dúirt Caoimhe Ní Chathail ó Waddell Media, “Tá sé níos éasca post mar seo a líonadh in ionad gnáthláithreora toisc nach bhfuil taithí ar bith ag teastáil.” Ach ag an am céanna, tá jab deacair ag Waddell Media na daoine cearta a aimsiú toisc go bhfuil roinnt coinníollacha ag baint leis.

Caithfidh go mbeadh na hiar-ratasóirí ag iarraidh leannán Gaelach a fháil, caithfidh siad a bheith singil agus ardchaighdeán Gaeilge a bheith acu chomh maith lena bheith dearfach agus caithfidh siad a bheith dáiríre faoin gclár - níl TG4, Waddell Media nó an CCG ag iarraidh go mbeadh rudaí gránna á rá faoi aon duine ar an gclár. Chomh maith leis sin, toisc go bhfuil an CCG ag maoiniú an chlár, caithfidh áit lárnach a bheith ag Gaeilge Uladh sa tsraith.

Má tá suim agat sa phost nó má tá tuilleadh eolais uait téigh i dteagmháil le Caoimhe ag caoimhe@waddellmedia.com nó ar (048) 9042 7646. Is féidir leo a bheith solúbtha ó thaobh taifeadta agus ama de. Anuraidh rinne siad an chuid is mó den taifead ag deireadh na seachtaine mar ba mhúinteoir i Muireann.

Féach ar:

TG4: An Samhradh Linn

An tseachtain seo beidh Síle i gCathair na Mart agus ar an Eachléim i gCo. Mhaigh Eo. Tabharfaidh sí cuairt chomh maith ar mhargadh álainn feirme i gCo. Phort Láirge. Dé Máirt @ 8.30in.

RTE 1: Mamó

Tabharfaidh Mamó, Máire Andrews, cuairt ar cheithre theaghlach in Éirinn chun tacaíocht agus comhairle a thabhairt dóibh agus caint

dhíreach a dhéanamh, mar a dhéanann mamó! Dé Luain @ 8.30in.

ITV3: Agatha Christie’s Poirot

Sa chlár seo, beidh Poirot ag fiosrú dúnmharaithe a tharla 14 bliana ó shin. Tá fianaise nua i ndiaidh teacht chun cinn agus tá iníon Amyas Crale, an duine atá marbh, ag iarraidh teacht ar an bhfirinne faoi deireadh. Dé Sathairn @ 6in.



Éist le:

Raidió na Life: Crúiscín Lán

Is sraith nua ceoil í seo. Beidh Oisín Uíbh Eachach ag cur ceol beo ó cheoltóirí cumasacha clúiteacha éagsúla i láthair, ina measc John Kelly agus Liam O’Connor, beirt fhear fíde as Baile Átha Cliath, agus Ciarán Ó Maonaigh agus Johnny MacMahon. Dé Domhnach @ 1in.

Newstalk: Off the Ball

Labhróidh Eoin McDevitt



faoi gach saghas spóirt ar an gclár seo. Luan - Déardaoin @ 7in.

Raidió na Gaeltachta: An Chaint sa Chathair

Beidh iníon le Traolach Mac Suibhne, Máire Nic Suibhne Brugha ag labhairt faoina hóige, agus an caidreamh deacair a bhí aici lena máthair, chomh maith leis an mbealach a phós sí Ruairí Brugha, mac le Cathal Brugha, laoch eile ó Chogadh na Saoirse. Dé Céadaoin @ 4in.



Rónán agus Muireann

Raidió Uirbeach Gaeilge
106.4FM
RAIDIÓ NA LIFE
Cuisle na Cathrach
do Baile Átha Cliath!

Stáisiún Gaeilge Átha Cliath

Sceideal, Podchraoltaí & Beoshruith ar

www.raidionalife.ie

Taifeadadh & Léiriú Fuaim
Tel: 01-6616333

Le cabhair ó:
 Foras na Gaeilge



An 39ú Scoil Samhraidh in ómós do Willie Clancy

Áine Ní Chuaig

B'álainn go deo an seisiún ceoil a bhí i dteach ósta Friels nuair a shroich mé Sráid na Cathrach tráthnóna Dé Luain. I measc na gceoltóirí a bhí cruinnithe taobh istigh den doras ann, bhí Kevin Rowsome ar an phíb uilleann, a bhean chéile Lorraine Hickey ar an bhfidil, Sinéad Nic Dhonncha ar an gconsairtín agus Larry Egan ar an mbosca ceoil. B'aoibhinn go deo an fhuaim a bhí acu agus bhí atmaisféar beo bríomhar inár dtimpeall.

D'éirigh beirt agus dhamhsaigh siad cúpla steip ar an urlár cruu agus chas bean óg as an Iorua darb ainm Ingebjørg Bratland amhrán traidisiúnta ina teanga féin. Bhí mé i lár an aonaigh agus ar mo sháimhín só! Ní raibh muid ach ina thús - seachtain mhór fhada ceoil agus pléaráca amach romhainn ag Éigse Willie Clancy arís! Tá mé ag freastal ar an bhféile ó bhí mé i mo chailín beag óg agus bím ar bís bliain i ndiadhbliana ag dul ar ais go Sráid na Cathrach.

Tá an Scoil Samhraidh ar an bhfód in Iarthar an Chláir ó 1973, i gcuimhne ar an bpíobaire cáiliúil a raibh gean i bhfad agus i ngearr air. Ag tús mhí Iúil chuile bhliain, glacann scoláirí as gach coirnéal den domhan páirt ins na ceardlanna ceoil, amhránaíochta agus damhsa ar feadh na seachtaine, faoi stiúir mhórlaochra an traidisiúin.

Bíonn freastal tréan ar na ranganna seo i gcónaí agus is amhlaidh a bhí an tseachtain seo. Tá na sluaite de gach aois ag freastal ar an bhféile, idir shean agus óg. Tagann siad ó thart timpeall na tíre ar fad agus chomh fada ó bhaile le Meiriceá, an Ghearmáin agus an tSeapáin.

I dteannta na gceardlann, tá clár leathan imeachtaí ar siúl idir léachtaí, cheadail, chéilithe agus taispeántais. Ar cheann de na himeachtaí, bhí ócáid fhíor-speisialta ar an Máirt. Le roinnt mhaith blianta ag an éigse, déantar comóradh ar aoi éigin atá ag cuidiú go suntasach le hoidhreacht an cheoil thraidisiúnta.

Is ar Pheadar Ó Lochlainn a bronadh an t-aitheantas seo i mbliana, duine de laochra móra ceoil Chontae an Chláir.

Bhí cairde le Peadar i láthair chun ómós a thaispeáint dó, ina measc Seán McKiernan agus Geraldine Cotter. Is é Peter Browne ó RTÉ a bhí mar fhear an tí, an fear



Pictiúr den phiobaire iomráiteach, Willie Clancy, déanta ag Liam O'Neill (www.solart.ie).

céanna a thug léargas dúinn ar shaol agus ar shaothar Willie Clancy sa chlár "Cérbh É?" ar TG4 in 2009.

Rugadh Willie Clancy i Sráid na Cathrach in 1918. Bhí ceol agus amhránaíocht ag a thuismitheoirí agus tógadh i dteach fíorcheolmhar é.

Thosaigh sé ag foghlaim na feadóige stáin nuair a bhí sé ina bhuachaill an-óg agus ní raibh sé i bhfad ina dhiaidh gur phioc sé suas an fhliúit. Chuala sé Johnny Doran den chéad uair in 1936 agus bhí sé faoi gheasa ag an mothú a bhí ina chuid píobaireachta.

Taobh istigh de dhá bhliain, bhí

seit aimsithe aige dó féin agus d'éirigh leis a dhul ar aghaidh chun duais a bhaint amach ag an Oireachtas in 1947. Chuaigh na píobairí Leo Rowsome, Séamus Ennis, John Potts agus Andy Conroy go mór i bhfeidhm air ach bhí tionchar an-mhór ag an bpíobaire dall Garrett Barry ar Gilbert Clancy,

athair Willie. Cé gur bhásaigh Garrett Barry sular rugadh Willie, d'éirigh leis a stíl a thabhairt leis go paiteanta óna athair féin. Thuig Willie go raibh oidhreacht luachmhar ceoil ag Garrett Barry agus rinne sé cinnte na seoda seo a roinnt ionas go leanfadh a cheol agus a cháil ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann.

Bhí buanna go leor ag Willie Clancy - mar cheoltóir, fonnadóir, damhsóir, scéalaí, siúinéir, fealsúnaí agus bhí féith an ghrinn go láidir ann, ach bhain sé cáil faoi leith amach mar mháistir cumasach ar an bpíobaireacht. Cé nach raibh an teanga ar a thoil aige, bhí grá mór ag Willie don Ghaeilge. Chreid sé go raibh sé dodhéanta ag ceoltóir an cruth ceart a chur ar an gceol gan tuiscint mhaith a bheith acu ar an teanga.

Bhí sé féin agus an fonnadóir Seán 'ac Dhonncha ina ndlúthchairde agus dúirt Willie leis go dtabharfadh sé uaidh an méid ceoil a bhí aige dá bhféadfadh sé an Ghaeilge a labhairt. In agallamh, dúirt Willie: "The Irish language is the greatest music of all."

Ba chúis mhór bróin a bhás tobann in 1973 agus gan é ach cúig bliana le cois an leathchéid. Ba chailliúint mhór mhillteach a bhí ann i measc a chairde agus a chomhghleacaithe i saol an cheoil. In ómós don fhear uasal, socraíodh an Scoil Samhraidh a bhunú.

Tá Muiris Ó Rócháin ina cheannródaí ó shin i leith agus tá ardmholadh tuillte aige féin agus a chriú as an tsárobair a dhéanann siad chun an fhéile d'ardchaighdeán seo a reáchtáil. Seo í an príomhcheiliúradh ar an fhéilire ceoil thraidisiúnta, áit a dtagann seanchairde le chéile, bliain i ndiaidhbliana.

Tá neart fós ag tarlú i Sráid na Cathrach as seo go Domhnach. Sa Halla Pobail inniu (Aoine) ag 3in, beidh taispeántas Amhránaíochta Traidisiúnta le leithéidí Jimí Uí Cheannabháin, Cathal McConnell agus Áine Uí Laoithe. Ag 8in san ionad céanna, beidh Ceadal an Chonsairtín le Noel Hill, Cormac Ó Beaglaoich agus go leor eile. Is ag 7in a thosóidh an Cheolchoirm Mhór trathnóna Dé Sathairn sa Halla Pobail agus beidh scoth na réaltaí ar an stáitse ansin.

Beidh céilithe agus seisiúin ar bun ar feadh an deireadh seachtaine agus cuirfear clabhsúr leis an Scoil Samhraidh ar an Domhnach le hAifreann Gaeilge á cheiliúradh sa séipéal, le ceol ó Pheadar Ó Riada agus Cór Chúil Aodha.

OIDEACHAS

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn
go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta: Cárta Eorpach um Árachas Sláinte

Ceist: Tá mé féin agus m'iníon ag pleanáil laethanta saoire san Fhrainc agus san Eilvéis an samhradh seo agus táim ag smaoineamh céard a tharlaíonn má tá duine againn tinn. An gcaithfidh mé íoc as costais dochtúra mura dtógaim amach árachas?

Freagra:

TEASTAÍONN Cárta Eorpach um Árachas Sláinte (CEÁS) uait féin agus ó d'iníon. Tugann an cárta seo rochtain agat ar sheirbhísí sláinte poiblí má éiríonn tú tinn nó má ghortaítear thú agus tú ag tabhairt cuairte ar thíortha Eorpacha ar leith. Ní chlúdaíonn sé cóir leighis phríobháidigh nó aisdúichiú go hÉirinn, má éiríonn duine agaibh an-tinn.

Is iad na tíortha atá clúdaithe ag an gcárta ná na 27 ballstát de chuid an AE, na trí bhall eile den LEE (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua) agus an Eilvéis. Ní theastaíonn an cárta má tá tú ag tabhairt cuairte ar an Ríocht Aontaithe má tá tú in ann a thaispeáint go bhfuil gnáthchónaí ort in Éirinn. I gcleachtas, ciallaíonn sé seo ceadúnas tiomána, pas nó cáipeis ar leith dá leithéid. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar

líne ag ehic.ie má tá cártaleighis, Cárta Cuairte LG nó Cárta Scéim Íocaíochta Druaí agat cheana féin. Is féidir leat foirm iarratais a íoslódáil ó ehic.ie nó is féidir é a fháil ó d'Oifig Sláinte Áitiúil. Beidh ort d'ainm, seoladh, dáta breithe agus d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PSP) a sholáthar. Tá an cárta CEÁS saor in aisce.

Má tá cárta CEÁS agat nó ag duine de do theaghlach cheana féin, ba chóir duit an dáta éaga a chinntiú. Má tá aon cheann de na cártaí éagtha, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne ag ehic.ie chun é a athnuachan. Teastóidh uimhir an chárta reatha agus d'uimhir PSP. Má tá ainm nó seoladh athraithe ag duine de do theaghlach, ní mór dóibh teagmháil a dhéanamh lena n-Oifig Sláinte Áitiúil.

Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar an

gcárta mí sula dtaistealaíonn tú, más féidir. Má tá tú inmíoch faoi chárta nua nó athnuaithe a fháil in am, is féidir leat Teastas Athsholáthair Sealadach a fháil ó d'Oifig Sláinte Áitiúil. Seans go smaoineofar ar árachas taistil phríobháidigh a thógáil amach chun na costais nach gclúdaíonn an CEÁS a chlúdach. Áirítear leo seo aisdúichiú nó costais do mhuintire a thais-tealaíonn chugat má éiríonn tú tinn thar lear. Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizenshipinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

Comhairle faoi Dheontais 3ú Leibhéal

Patricia Uí Fhlaithearta

NÁ fan go dtí go mbeidh torthaí na hArdteiste faighte agat sula gcuireann tú iarratas isteach ar dheontas 3ú leibhéal. Ba cheart go mbeifeá ag bailiú na gcaipéisí uilig anois mar dá thúisce a dhéanann tú iarratas is amhlaidh is túisce a gheobhaidh tú do chuid airgid agus tú ag tabhairt faoi do chúrsa 3ú leibhéil i mí Mheán Fómhair seo chugainn.

Is é an Deontas Cothabhála an phríomhfhoinsé chun cúnamh airgeadais a thabhairt do mhic léinn. Ba cheart d'aon duine atá ag smaoineamh ar thús a chur leis an mbreisoideachas a fhiosrú cé acu atá nó nach bhfuil siad cáilithe chun é a fháil agus, má tá, iarratas a chur isteach.

Le bheith i dteideal deontas mic léinn a fháil caithfidh go raibh tú i do chónaí go dlíthiúil in Éirinn 3 bliana as na 5 bliana is déanaí go díreach roimh an dáta a thosaíonn bliain staidéir ar chúrsa ceadaithe in institiúid ceadaithe. Más rud é nach raibh

cónaí ort go dlíthiúil in Éirinn ar feadh 3 bliana ar a laghad as na 5 bliana is déanaí, beidh ort sonraí a thabhairt ar do chónaitheacht sna 5 bliana is déanaí. Caithfidh tú foirm iarratais ar dheontas a líonadh isteach sa chaoi is go mbeidh an Roinn Oideachais agus Scileanna in ann do cháilitheacht ar dheontas a mheas. Mura bhfuil tú cinnte faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa scéim deontais do mhic léinn nó muna bhfuil an cúrsa atá roghnaithe agat a leanúint ina chúrsa ceadaithe in institiúid nó ollscoil cheadaithe is cóir duit dul i dteagmháil le d'údarás áitiúil nó coiste gairmoideachais nó na Rialacháin Tacaíochta do Mhic Léinn 2011 agus an Scéim Deontais do Mhic Léinn 2011 atá le fáil ar studentfinance.ie a léamh.

Ní mór duit an t-iarratas ar an deontas a sheoladh chuig an údarás áitiúil nó chuig an gcoiste gairmoideachais i do cheantar féin agus ní sa cheantar ina bhfuil an coláiste ina mbeidh tú i mbun staidéir suite.

Nuair ata tú ag líonadh isteach an fhoirm iarratais ní mór an t-eolas pearsanta seo a leanas a bheith agat:-

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí: tá sé seo le fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Teastas beireatais: an leagan fada den bhunteastas beireatais a theastaíonn.

Leibhéal an chúrsa: ní gá duit fanacht go bhfuil a fhios agat go cinnte cén cúrsa ar a mbeidh tú ag freastal chun iarratas a dhéanamh.

Uimhir CAO: uimhir 8 ndigit a fuair tú nuair a chuir tú isteach ar chúrsaí tríd an CAO.

Uimhir UCAS: má tá iarratas déanta agat ar chúrsaí sa Ríocht Aontaithe trí UCAS beidh uimhir 10 ndigit agat.

Chomh maith leis an eolas thuasluaite beidh d'údarás áitiúil ag iarraidh eolais faoi ioncam iomlán inírofa atá ag teacht isteach chuig do thuismitheoirí/chaomhnóirí don bhliain 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010, mar shampla. Is éard is ioncam inírofa do chúiseanna deontais ná ollioncam ó na


foinsí uile, cibé acu a éiríonn sé in Éirinn nó thar lear. Is é an t-ioncam a chuirtear san áireamh ná an t-ollioncam roimh cháin, cáin ghnóthachan caipitiúil, ÁSPC (árachas sóisialta), tobhach ioncaim, agus mar sin de. Caithfear fios a bheith acu faoi gach ioncam lena n-áirítear ioncam a luaitear mar 'saor ó cháin', 'cáin íochta', 'neamh-inchánach' nó 'diolmhaithe ó cháin'.

Tá go leor athruithe sa mhéid airgid a gheobhaidh mic léinn i mbliana.

Tá laghdú 4% ar an deontas féin. Cuirfidh sé seo isteach ar sheaniarratais chomh maith leis na hiarratais nua. Tá athrú freisin ar an achar ón gcoláiste atá na mic léinn ag maireachtáil, mar shampla. Suas go dtí seo bheifeá in ann an deontas iomlán a fháil dá mba rud é go raibh tú 24 ciliméadar on mbaile; anois 45 ciliméadar an t-achar incháilithe.

Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais ar dheontas mic léinn a fháil ná 31ú Lúnasa 2010.

Crosfhocal 08.07.2011



NODANNA

TRASNA

- 1 An t-ord ina mbeidh rudaí á bplé ag cruinniú (4)
- 6 Scil fhoghlamtha, a úsáideann duine ina chuid oibre (5)
- 7 Láthair, ionad, ball (3)
- 8 Uirlis, nó inneall (5)
- 10 Roinn le siosúir nó scian (5)
- 12 Úsáideach má tá tú ag iarraidh gual te a thógáil (3)
- 14 Aosta, aibí (5)
- 16 Díreach faighte, nach raibh ann nó agat roimhe seo (5)
- 17 Grúpa, slua, drong (5)
- 20 Miosúr coitianta de thalamh (4)
- 22 In am maith, oiriúnach (8)
- 23 I dtreo an iarthair (4)
- 24 Scéal nó imeacht a chuireann fonn gáire ort (6)
- 25 Ag imeacht tríd doras, ag dul ----- (5)

SÍOS

- 2 Seomra beag ar barr an tí (6)
- 3 Crann, úsáidtear go minic i bhfál timpeall gairdín (3)
- 4 Sprioc a spreagann tú i do shaol (5)
- 5 An dara lá den tseachtain (5)
- 8 Dul i n-----, tabhair faoi... (5)
- 9 Téad déanta as féar (5)
- 10 Ocras Mór, tréimhse ina mbíonn daoine ag fáil bháis den ocras (5)
- 11 Dualgas, rud go gcaithfidh tabhairt aire dó (5)
- 13 Básaíthe, ar shlí na fírinne (5)
- 14 Réiteach ar fhadhb nó cheist (7)
- 15 Lonnaithe, le fáil i láthair áirithe (5)
- 18 Duine ar bith (6)
- 19 Brúigh scian nó claíomh isteach ar dhuine eile (5)
- 21 Macánta agus ionraic agus de réir an dlí (4)

Crosfhocal

01.07.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Mairéad Uí Laigheanáin

Baile Átha Cliath 14



Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaitheoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 13.07.2011 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg,
An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie



Timpeall na Cruinne



Gráinne McElwain

Comórtas Oscailte na Breataine

AN mbeidh Rory McIlroy abálta é a dhéanamh arís? Déardaoín cuirfear tús leis an chomórtas ar chúrsa an Royal St. George in Kent agus is ar McIlroy atá an t-airgead ag dul. Seo é an tríú mór-chomórtas gailf i mbliana, ár ndóigh bhuaigh fear óg Thuaisceart Éireann Comórtas Oscailte Stáit Aontaithe Mheiriceá roinnt seachtainí ó shin agus is beag nár éirigh leis sna Máistrí roimhe sin. Cuimhnigh siar go dtí an t-am seo anuraidh, is é McIlroy a bhí ar cheann an liosta tar éis an chéad lae imeartha nuair a chríochnaigh sé ar 63 buille, an scór is fearr a bhí ag aon imreoir sa chomórtas ar lá gailf, ach thit sé siar ina dhiaidh sin agus ba é Louis Oosthuizen a chroch leis an Crúsca Claret.

I mbliana beidh siad uilig ag faire ar McIlroy ach ní féidir leithéidí Graeme McDowell, Luke Donald, Lee Westwood agus Sergio García a chur as an áireamh ach an oiread.

Ní bheidh Tiger ag freastal ar an chomórtas mar gheall ar ghortú glúine. Beidh an comórtas le feiceáil beo ar Sky Sports agus ar an BBC.

€1.65 Milliún sa bhreis agat?

Gráinne McElwain

Má tá spéis agat i gcarannas, b'fhéidir go mbeadh spéis agat sa déanamh nua don Veyron Grand Sport atá le teacht amach go luath agus níl siad ag iarraidh air ach €1.65 milliún. Sladmhargadh má tá fonn ort é a cheananch. Is iad Bugatti, an comhlacht a chuir an carr is tapúla gur féidir a cheannach ar an mhargadh oscailte, atá tar éis an carr nua galánta seo a dhearadh.

Istigh sa charr tá “porcelain accents” agus tráidire déanta as caibheár.

Seo comhpháirtíocht nua idir branda an supercar Volkswagen AG agus KPM i mBeirlín na Gearmáine a bhfuil traidisiún 248 bliain acu ag obair mar dhéantóirí poircealláin. Deirtear go bhfuil stair KPM ag síneadh siar chomh fada le ham an Rí Frederick Mór sa Phrúis. Feicfear an carr úrnua seo ag an seó mótar a bheas in Frankfurt i mí Mheán Fómhair.

Deir Stefan Brungs, fear atá i gceannas ar dhíolacháin do Bugatti, go dtuigeann sé go mbeidh daoine agrá nach é an rud is cliste poirceallán a chur isteach sa charr is tapúla ar domhan, ach ní hé seo an chéad uair go bhfuil Bugatti mar cheannródaíthe ar rudai nua a thriail.



Rory McIlroy ag baint na faiche amach ag Craobh Oscailte na hÉireann anuraidh. [Pic: Matt Browne / SPORTSFILE]



Gary Twigg, Ruagairí na Seamróige [PIC: MATT BROWNE / SPORTSFILE]

Moladh tuillte ag na Réiteoirí

Is cosúil gur ghlac réiteoirí na tíre le comhairle ó na meáin chumarsáide an deireadh seachtaine seo caite nuair a chonaic muid réiteoireacht den scoth i gcluichí craoibhe peile agus iomána. Rinneadh cáineadh ar an dóigh go raibh deireadh á chur leis an fhisiciúlacht sna cluichí peile go háirithe ach lig David Coldrick le cluiche a bhí fisiciúil agus crua a dhul ar aghaidh nuair a bhí sé i mbun na feadóige idir Corcaigh agus Ciarraí i gCluiche Ceannais na Mumhan. Ní raibh ach ceithre chárta bhuí sa chluiche a bhí anspórtúil agus an-taitneamhach, agus ní dóigh liom go raibh cárta dearg tuillte ag Kieran Donaghy, cibé rud a deirtear.

Thig leat an moladh céanna a thabhairt do Barry Kelly sa chluiche iomána idir Cill Chainnigh agus Baile Átha Cliath i gCluiche Ceannais Laighean. Bhí na himreoirí in ann imirt agus bhí cúpla buille crua dleathach ann ach arís bhí a dhótháin céille ag an réiteoir gan a fheadóg a úsáid agus lig sé leis an

imirt, rud a chuir go mór leis an chluiche. Cé gur bhronn sé níos mó cártaí buí, sé cinn ar Chill Chainnigh agus ceithre cinn ar Bhaile Átha Cliath, bhain an slua 33,814 an-sult as an chluiche. Le cuidiú Dé feicimid tuilleadh den réiteoireacht sin ar feadh an chuid eile den Chraobh.

Crusaders v Reds & Carter v Cooper

Ar an Satharn tabharfaidh na Queensland Reds agus na Canterbury Crusaders aghaidh ar a chéile i gcluiche ceannais rugbaí an Super League 15 in Brisbane na hAstráile. Seasann an choimhlint a bheas idir an dá uimhir a 10 amach go mór, an All-Black Dan Carter do na Crusaders agus an Wallaby Quade Cooper do na Reds. Deirtear go bhfuil Cooper ag imirt go hiontach faoi láthair agus gur léirigh sé é sin sa chluiche leathcheannais in aghaidh na



Dan Carter, ag imirt do na Crusaders amárach. [PIC: MATT BROWNE / SPORTSFILE]

Auckland Blues. 23 bliain d'aois atá sé, tá 24 caipín idirnáisiúnta aige agus aisteach go leor is sa Nua-Shéalainn a rugadh é. Go deimhin, tá col ceathrair leis ag imirt ar an chliathán do na Crusaders, Sean Maitland. Ach is é Carter an máistir. 29 bliain d'aois atá sé, 93 caipín idirnáisiúnta agus ceithre Super League atá buaite aige. Tá an taithí ag Carter agus déanann sé gach rud i gceart, ach is deacair Cooper a léamh agus ní bheadh a fhios agat cad a dhéanfaidh sé. Is fiú éirí as an leaba maidin Dé Sathairn dó seo agus é beo ar Sky Sports 2 ag a 8.00.

Ruagairí na Seamróige chun cinn

Tá muid os cionn leath bealaigh trí sheasúr na bliana seo de Shraith Airtricty agus tar éis an-bhua in aghaidh St. Pat's an deireadh seachtaine seo caite, is iad Ruagairí na Seamróige atá

ar ais in uachtar ar chlár na bpointí agus iad ag léim thar St. Pat's. Dúradh go raibh míshuaimhneas sa champa agus gur shiúil an leasbhainisteoir, Trevor Croly, amach as an chlub, ach ní cheapfá é sin ag breathnú orthu Dé Domhnaigh seo caite. Dé hAoine seo tabharfaidh siad aghaidh ar Chathair Dhoire atá sa cheathrú háit ach beidh foireann an Tuaiscirt sa bhaile don chluiche sin. Tá Bray Wanderers ag titim siar i gcónaí cé go raibh siad iontach i dtús an tseasúir. Chaill siad sa bhaile in aghaidh Ruagairí Shligigh (3-0) agus ba cheart go mbeadh an bua ag Sligeach arís an deireadh seachtaine seo in aghaidh Dhroichead Átha Aontaithe atá sa naoú háit ar chlár na bpointí. Tuilleadh eolais ag www.airtricityleague.ie

Dé hAoine (8.7.11)
Cathair Dhoire v Ruagairí na Seamróige @ 19.35
Bohemians v Gaillimh Aontaithe @ 19.45 U.C.D. v Bray Wanderers @ 19.45
Dé Sathairn (9.7.11)
Ruagairí Shligigh v Droichead Átha Aontaithe @ 19.45
Dé Domhnaigh (10.7.11)
St. Pat's v Dún Dealgan @ 15.00



Ar an gclai

Féasta Iomána i ndán dúinn Dé Domhnaigh

John Allen

An Domhnach seo tugann seaimpíní na Mumhan, Port Láirge, agus seaimpíní na hÉireann, Tiobraid Árann, aghaidh ar a chéile i gceann de mhórlaethanta iomána na bliana. Is i bPáirc Uí Chaoimh, Corcaigh a bheidh an féasta iomána seo. Agus cad é mar churarracht atá ag laoch Chnoc Sion, Tony Browne, atá ag imirt ag leibhéal sinsear idirchontae den fhichiú bliain as a chéile. Nach iontach an t-éacht é, go háirithe sa ré ardchaighdeánach seo agus formhór na n-imreoirí contae ag éirí as go luath sna tríochadaí.

Beidh bainisteoir na nDéise Davy Fitzgerald ag súil le hardchluiche arís ar an Domhnach ón seanfhondúir (má thosnaíonn sé) mar ag an leibhéal seo, i gcluiche mar seo níl aon áit don mhaoithneachas agus muna ndéanann sé an gnó ar an bpáirc beidh sé ag tógaint cithfholtha luaith.

Is gaiscíoch eile John Mullane, ábhar na gcinnlíní sa leathchraobh i gcoinne Luimní le dhá chúl, ceann díobh a thug an bua do Phort Láirge ag an deireadh. Cad é mar thionchar atá ag Mullane ó thosach an chéid ar thorthaí iomána an chontae. Bhí tráth ann nuair a bhí ceathrar de na tosaithe is fearr sa tír (Flynn, Kelly, Shanahan agus Mullane) ar fhoireann na nDéise agus fós níor bhúadar craobh na hÉireann. Anois níl ach Mullane ag tosnú agus é fós ar ardform i ndiaidh bliain fhada lena chlub De La Salle.

Ach ar ndóigh, is spórt foirne é seo agus i láthair na huaire níl aon fhoireann, ar pháipéar, pé scéal é, chomh láidir le Tiobraid Árann (agus Cill Chainnigh). Ach ní chuirfidh sé sin isteach rómhór ar fhir na nDéise. Tá dul chun cinn sásúil déanta acu ón slad i gCraobh na hÉireann 2008.

Ach tá sliabh le dreapadh acu ar an Domhnach. Tá an t-aonad tosaithe is fearr sa tír faoi láthair ag na Tiobraidigh. Tá seacht gcúl faighte acu in dhá chluiche. Conas a dhéileálfaidh cúlaith na nDéise le siorghluaiseacht an fhreasúra?

Feictear dom go bhfuil sé de nós ag an mbainisteoir Fitzgerald an milleán a chur ar na himreoirí nuair nach n-oibríonn rudaí amach dá fhoireann. Chualamar cúpla uair é a rá go raibh plean acu ach nár chloígh na himreoirí leis. Faraor níl aon script ann do na cluichí iomána seo ach solúbthacht a spreagadh i rith na gcluichí traenála.

Gan dabht is dúshlán ollmhór an cluiche seo do na Déise. An mbeidh an Brick feiceálach ag uimhir a trí? An mbuafaidh an leathlíne tosaithe a ndóthain den liathróid san aer? An féidir dóthain liathróidí tapa a ligint isteach chuig an líne éifeachtúil lán-tosaithe? An leanfaidh na cúlaith fear amháin nó an imreoidh gach

cúlaí ina áit féin? An imreoidh siad sweeper idir an líne lán agus leathchúl? Sin cuid de na ceisteanna do lucht bainistíochta na nDéise.

Ach tá ceisteanna le cur faoi Thio-braid Árann freisin. An bhfuil Declan Ryan agus Tommy Dunne sásta le dul chun cinn na foirne go dtí seo i mbliana? Ó thaobh scóráil cúl de caithfidh go bhfuil ach níor shroich an fhoireann an caighdeán fíorard a chonaiceamar i bPáirc an Chrócaigh anuraidh fós i mbliana. Mar aonad ní dóigh liom go bhfuil siad sásta leis na cúlaith. Bhíodar faoi bhrú ag Corcaigh agus ag an gClár go minic sna cluichí eatarthu.

Ní bheidh mórán idir na foirne ach ag deireadh an lae is dócha go mbeidh an bua ag na Tiobraidigh.

Bhí fhoireann A amuigh ag Gaillimh an Satharn seo caite i Staid an Phiar-saigh agus iad ag múineadh ceachta



John Mullane agus é ag baint an chúil chinniúnaigh amach d'Fhoireann na nDéise in aghaidh Luimnigh, i gCluiche Leathcheannais na Mumhan.

[PIC: RAY MCMANUS / SPORTSFILE]

Ach ar ndóigh, is spórt foirne é seo agus i láthair na huaire níl aon fhoireann, ar pháipéar, pé scéal é, chomh láidir le Tiobraid Árann (agus Cill Chainnigh). Ach ní chuirfidh sé sin isteach rómhór ar fhir na nDéise. Tá dul chun cinn sásúil déanta acu ón slad i gCraobh na hÉireann 2008.

d'iománaithe an Chláir. Bhí cuma na maitheasa arís orthu. Thugadar ardtaispeántas i gcomparáid leis an lagairracht i gcoinne BÁC coicís roimhe. Bhí spiorad iontu. Bhí plean acu. D'oibrigh siad mar aonad, go háirithe sna tosaithe. Bhí Joe Canning, Dami-an Hayes agus Ger Farragher ar ardform agus tríd is tríd, choimeád an fhoireann ar fad ag imirt go dtí an deireadh.

Ach an cheist bhliantúil, an é sin taispeántas na bliana nó an féidir leo é a dhéanamh arís? Bhuel feicimid ar an Satharn i bPáirc na nGael, Luimneach nuair a chasann siad ar Chorcaigh.

Ag an bpointe seo tá an-mhóim-inteam ag an nGaillimh. Bhí an t-ádh ar Chorcaigh an bua a fháil i gcoinne Uíbh Fhailí coicís ó shin agus má imríonn siad mar sin arís beidh siad ag fágáil slán leis an gCraobhchomór-

tas ar an Satharn.

Ní bheidh aon fhaitíos ar an nGaillimh roimh Chorcaigh. I ndiaidh bua cuimsitheach na craoibhe sraithe anuraidh tá a fhios ag na Gaillimhigh gur féidir leo an toradh céanna a bhaint arís.

Ní dóigh liom go bhfuil cúigear déag Chorcaí chomh maith le cúigear déag na Gaillimhe. Ní dóigh liom go mbeidh cúlaith Chorcaí ábalta tosaithe na Gaillimhe (go háirithe Canning) a chur faoi smacht i gcaitheamh an chluiche ar fad.

Beidh an bua ag an nGaillimh ach b'fhéidir go mbeidh sé níos cothroime ná mar a cheapann daoine. Tá iománaithe Luimní ag treabhadh leo agus dul chun cinn suntasach á dhéanamh acu agus is dócha go mbeidh siad róláidir d'Aontroim ar an Satharn.

Beir Bua.

Súil ar an Liathróid



Gráinne McElwain

Craobh Peile: Babhta 2 de na Babhtaí Cáilithe – Dé Sathairn

Luimneach v Uíbh Fhailí @ 2.00, Páirc na nGael

Ní bheidh Stephen Lucey ná Mark O’Riordan ar fáil do Luimneach mar go mbeidh siad leis na hiománaithe i bPáirc Pharnell. Tá roinnt gortuithe ag cur as dóibh chomh maith, beirt imreoirí lár páirce, Jim Donovan agus Eoin Joy, agus tá imní faoi James Kelly. Ár ndóigh tá John Galvin amuigh ó thúis na bliana. Cluiche amháin a d’imir siad go dtí seo, chaill siad in aghaidh Chiarraí ach seo é an tríú cluiche ag Uíbh Fhailí. Bhuaíl Loch Garman go dona iad i gCraobh Laighean agus rinneadh an-cháineadh orthu ina dhiaidh, ach tá siad ar ais ar an bhóthar ceart ó bhuaigh siad ar Mhuineachán. Má imríonn siad chomh maith céanna arís beidh sé deacair ag Luimneach, fiú agus iad sa bhaile.

An Dún v Liatroim @ 3.00, Páirc Esler

Tá an t-ádh ar an Dún go bhfuil siad fós sa chomórtas mar gur ar éigean a bhuaíl siad an Clár in Inis. Seans maith go bhfuil laghmhisneach ar Liatroim mar gur chaill siad go dona in aghaidh Ros Comáin agus ní éasca an turas é

thar teorainn anois, go háirithe nuair atá an Dún ag iarraidh an cluiche in aghaidh an Chláir, arbh údar díomá é, a fhágáil ina ndiaidh. Tá gortuithe go leor ag cur as don Dún ach mar sin féin ba cheart go mbeadh an bua acu.

Aontroim v Ceatharlach @ 3.00, Páirc Mhic Easmuinn

Bhuaíl iománaithe Aontroma fir Cheatharlach ar Pháirc Mhic Easmuinn roinnt seachtainí ó shin, na peileadóirí a thabharfas aghaidh ar a chéile an uair seo. Muinín, sin é an focal is mó atá á rá i gCeatharlach faoi láthair, caithfidh muinín a bheith acu. Bhí siad go maith in aghaidh Lú ach theip go mór orthu in aghaidh Loch Garman ina dhiaidh sin (4-12 v 0-10). Bhí Aontroim níos fearr ná an Iarmhí sa bhabhta deireanach agus ba cheart go mbeadh siad maith go leor arís sa bhaile.

Londain v Port Láirge @ 6.30, Ruislip

Ní tharlaíonn sé ró-mhinic go mbíonn Londain ag imirt i mí Iúil ach tá sé tuille go maith acu. Bhuaigh siad sa



Paul Coggins, Bainisteoir Londain.

[PIC: ANDREW COWIE / SPORTSFILE]


chraobh den chéad uair le 34 bliain in aghaidh Fhear Manach agus tá seans iontach acu ceann eile a chur leis sa bhaile i Ruislip. Cuimhnigh gur theastaigh am breise ó Mhaigh Eo ansin i mí Bealtaine. Is dóigh gur léargas é seo ar an imirce agus na himreoirí atá ag fágáil na tíre seo ag lorg oibre. Bhuaíl Corcaigh foireann na nDéise den pháirc i gCraobh na Mumhan (5-17 v 2-8) agus ba cheart go mbeadh an bua ag Londain sa cheann seo.

Laois v Cill Dara @ 7.00, Port Laoise – Beo ar TV3

D’imir na bainisteoirí seo le chéile, ní amháin d’Ard Mhacha ach don chlub céanna chomh maith ach ní ionann an dá fhoireann atá acu anois. Seo’d í an chéad bhliain ag Justin McNulty le Laois, agus níl siad chomh haibí mar fhoireann le Cill Dara. Deir go leor gur cheart go mbeadh Áth Cliath buailte ag Cill Dara (murach an réiteoir) ach ní bheidh aon laghmhisneach orthu ina dhiaidh. Is fearr a rinne Cill Dara ná mar a rinne Laois in aghaidh Áth Cliath i gCraobh Laighean i mbliana agus cé go bhfuil imní orthu faoi roinnt gortuithe ba cheart go dtiocfadh Cill Dara slán tríd an bhabhta seo.

An Longfort v Tír Eoghain @ 7.00, Páirc an Phiarsaigh

Ceann de na cluichí is suimiúla sa bhabhta seo. An chéad uair go mbeidh siad in aghaidh a chéile sa chraobh ach rinne an Longfort go maith sa bhaile le blianta beaga. Bhuaíl siad Maigh Eo anuraidh ann, is beag nár éirigh leo in aghaidh Chiarraí ansin in 2009, bhuaíl siad Doire in 2006 agus is ar éigean go dtug Áth Cliath na cosa leo roinnt blianta ó shin. Níor thraenáil Stephen O’Neill le Tír Eoghain ón chluiche in



Jamie Clarke, Ard Mhacha.

[PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

aghaidh Dhún na nGall agus níl mórán imreoirí óga ag teacht chun cinn, ach mar sin féin tá taithí acu agus sin é an difear a bheidh eatarthu ag deireadh na himeartha.

Ard Mhacha v Cill Mhantáin @ 7.00, Morgan Athletic Grounds

Fuair Cill Mhantáin ceann de na cluichí is deacra a tháinig as an phota nuair a tarraingíodh as baile iad in aghaidh Ard Mhacha. Is ansin a chaill an Dún le cúig chúilín agus tar éis an drochthaispeántais in aghaidh Dhoire beidh an ghoimh ar Ard Mhacha. Bhí an-bhua ag Cill Mhantáin ar Shligeach ina gcluiche coicís ó shin ach is dóigh liom gurb é seo an cluiche deireanach a bheidh ag Mick O’Dwyer i bhfeighil ar Chill Mhantáin.

An Mhí v Gaillimh @ 7.00, Páirc Tailteann

Tá Gaillimh trína chéile tar éis an chluiche in aghaidh Mhaigh Eo, easaontas sa champa, imreoirí ag imirt in ionaid nach bhfeileann dóibh, tá imreoirí gortaithe agus in easnamh agus roinnt eile nach bhfuil ach ag teacht ar ais ó ghortú. Cuir é sin i gcom-

paráid leis an Mhí a rinne slad ar Lú, d’fhill Cian Ward agus d’aimsigh sé 4-3, is cosúil go bhfuil siad ag tarraingt le chéile tar éis achrainn sa champa agus beidh siad ag imirt sa bhaile. An mbeidh Gaillimh chomh dona sin arís? An bhfuil an Mhí chomh maith sin? Con-tae na Mí don cheann seo.

Cluiche Ceannais Peile Laighean – Dé Domhnaigh

Baile Átha Cliath v Loch Garman @ 2.00, Páirc an Chrócaigh – Beo ar RTÉ2

Anuraidh theastaigh am breise ó Áth Cliath in aghaidh Loch Garman i gCluiche Ceathrú Ceannais Laighean agus tá Loch Garman ag feabhsú le roinnt blianta anois faoi Jason Ryan. Bhí siad ar an taobh éasca den tarraingt i gCraobh Laighean ach tá scóranna maithe faighte acu sna trí chluiche go dtí seo (2-16, 1-24, 4-12). Beidh sé níos deacra acu in aghaidh Átha Cliath ach ní bheidh aon fhaitíos orthu. Ó thaobh na staire de, níl Áth Cliath buailte ag Loch Garman sa chraobh ó 1956, tiocfaidh athrú air sin lá éigin ach ní tharlóidh sé Dé Domhnaigh.

Craobh Iomána: Babhta 3 de na Babhtaí Cáilithe – Dé Sathairn

Corcaigh v Gaillimh @ 4.00, Páirc na nGael

Aontroim v Luimneach @ 7.00, Páirc Pharnell

Cluiche Ceannais Iomána na Mumhan – Dé Domhnaigh

Port Láirge v Tiobraid Arainn @ 4.00, Páirc Uí Chaoimh – Beo ar RTÉ2

Peil na mBan & TG4 ar fud an Domhain

Gráinne McElwain

SEOLADH Craobh Peile na mBan i rith na seachtaine i bPáirc an Chrócaigh agus tugadh le fios go mbeidh 34 contae ag dul san iomaíocht, go gcraolfaidh TG4 17 de na cluichí sin beo ar an teilfís agus go mbeidh siad le fáil beo ar fud an domhain ar shuíomh idirlín an stáisiúin.

Is é an tAire Spóirt, Michael Ring, a rinne an seoladh agus fáilte ar leith á cur roimh Nua-Eabhrac a bheas ag glacadh páirte sa chomórtas sóisear-ach den chéad uair riamh.

Deir Uachtarán Chumann Peil Gael na mBan, Pat Quill, go bhfuil “TG4 ag ardú a gcuid caighdeán maidir leis an tseirbhís iontach a chuireann siad ar fáil” agus mar go mbeidh na cluichí le feiceáil ar an suíomh idirlín go bhfuil “an soiscéal á scaipeadh ar fud an domhain.”

Deich mbliana atá caite ag TG4 i bpáirt le Cumann Peil Gael na mBan mar phríomhuraraitheoirí ar na craobhacha sóisir, idirmheánach agus sinsir. Beidh tú in ann na cluichí a fheiceáil ar www.tg4.tv.



Clíodhna O'Connor, Captaen Bhaile Átha Cliath. [PIC: BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelsceal.ie

Gaelscéal

● 08.07.2011

“Tiobraid Árann le sé chúilín nó níos mó”

IOMÁINT: Tiobraid Árainn v. Port Láirge, Cluiche Ceannais na Mumhan, Dé Domhnaigh, Páirc Uí Chaoimh, 16:00



Declan Fanning, iar-imreoir Thiobraid Árann. [PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]



Gráinne McElwain

2009 an bhliain dheireanach gur bhuaigh Tiobraid Árann Craobh na Mumhan nuair a bhuaill siad Port Láirge le ceithre chúilín. Bhí uimhir a 5 ar dhroim Declan Fanning an lá sin, ach nuair a thabharfaidh na foirne aghaidh ar a chéile i gCluiche Ceannais na Mumhan i bPáirc Uí Chaoimh Dé Domhnaigh seo is sa seastán a bheas an t-iarAllstar, a d'éirigh as tar éis dóibh Craobh na hÉireann a bhuachan.

An bhfuil sé deacair aige anois mar nach bhfuil sé páirteach ann níos mó? “Tá agus níl. An tseachtain go mbíonn an cluiche ar siúl, sin í an tseachtain go mothaíonn tú uait é. Tá

sé deacair anois mar nach bhfuil aon bhaint agam leo agus tá gach duine ag caint ar an chluiche.”

Ag féachaint siar ar Chluiche Ceannais na Mumhan in 2009, dúirt sé go raibh an bua sin ar na Déise tábhachtach ar go leor bealaí. “I dtús báire, b’shin é an dara Craobh na Mumhan as a chéile a bhuaigh muid, agus chomh maith leis sin bhuaill Port Láirge muid i gCluiche Leathcheannais na hÉireann an bhliain roimhe sin agus theastaigh díoltas uainn. Bíonn na cluichí eadrainn dian mar níl aon fhaitíos ar Phort Láirge roimh Thiobraid Árann agus tá sé mar a chéile againne, ní chuireann siad faitíos orainn.” D’admhaigh bainisteoir na foirne, Liam Sheedy, gur fearr i bhfad a d’imir Port Láirge, ach ní acu a bhí an bua. D’fhoghlaim Thiobraid Árann go leor fúthu féin agus shroich siad Cluiche Ceannais na hÉireann agus cé go raibh siad go maith, bhí na Cait níos fearr.

Bhí Tiobraid Árainn ag súil le 2010.

Bliain nua, craobh nua agus iad dírithe ar Chorn Mhic Carthaigh a bhuachan ach bhuaill Corcaigh iad sa chéad chluiche a bhí acu i gCraobh na Mumhan. “Ghortaigh sé nuair a chaill muid in aghaidh Chorcaí,” a deir Declan, “ach is féidir le rudaí mar sin thú a bhriseadh nó tiocfaidh tú astu níos láidre. Rinneadh go leor cáineadh orainn, bhí roinnt dhó tuillte againn agus bhí sé deacair é a thógáil ach bhí rogha againn seasamh suas nó sleamhnú siar. Thosaigh muid ag tógáil arís, bhuaill muid Gaillimh agus bhí an an ghaoth sna seolta againn arís, ach an cluiche a chaill muid in aghaidh Chorcaí a tharraing le chéile muid.” Is beag a dhéanfas dearmad ar cé chomh maith is a bhí siad i gCluiche Ceannais na hÉireann in aghaidh na gCat agus an lá sin, bhuaill siad an fhoireann is fearr a bhí ann riamh.

Ach sin 2010. Cad faoi 2011? Tá Cluiche Ceannais na hÉireann i bhfad uainn fós ach cén dóigh a mbeidh Cluiche Ceannais na Mumhan a

Declan? “Beidh sé tapaidh mar chluiche. Tá stíl iomána Phort Láirge athraithe le blianta beaga anuas agus tá siad ag teacht ar a gcuid fear i bhfad níos fearr anois le pasanna. Má bhreathnaíonn tú siar ar na cluichí a bhíodh acu le Corcaigh bhíodh go leor scóranna ann agus an imirt suas síos an pháirc, scór i ndiaidh scóir ag an dá thaobh, ach anois tá Port Láirge níos déine sa chosaint agus ní ghéilleann siad an méid céanna. Tá Davy tar éis iad a dhéanamh níos crua freisin, tá an paisean céanna ag Davy ar an taobhlíne anois is a bhíodh aige sa chúl mar imreoir.”

“Tá go leor ag rá nach bhfuil Tiobraid Árainn ach ag imirt ag leath an luais gur féidir leo faoi láthair, agus bhí sé sin le feicéail ar an dá chluiche in aghaidh Chorcaí agus an Clár, ach an príomhrud anois ná imirt ar feadh 70 nóiméad agus tá muid ag dul an treo sin,” a deir Declan. “Is beag atá idir na foirne ach is dóigh liom go mbeidh an bua ag na Tiobradaigh le sé

chúilín nó níos mó. Tá an-ghluaiseacht i measc na dtosaithe agus sin é an buntáiste is mó atá againn.”

Ár ndóigh ní hé deireadh an domhain é an cluiche seo a chailliúnt mar go bhfuil an cúldoras ann i gcónaí, ach ní shin le rá gurb é sin an bealach is fearr le dul ach an oiread. “B’fhearr liom Craobh na Mumhan a bhuachan agus dul díreach isteach i gCluiche Leathcheannais na hÉireann ach bhí na babhtáí cáilithe tábhachtach dúinne anuraidh. Theastaigh cluichí uainn, bhí orainn cluichí a bhuachan le go mbeadh muid in ann muinín na foirne a neartú.”

Ár ndóigh ní ar an bhus a bheas Declan Fanning leis an fhoireann, mar sin cén plean atá aige don Domhnach? “Sa charr a bheas mé ag dul chuig an chluiche, beidh mé sa seastán ag féachaint anuas ach tá mé sásta leis an chinneadh a rinne mé éirí as anuraidh. Ach an tseachtain seo agus mé ag fanacht go bhfeicfinn cé a roghnófaí bhí beagán cumha orm.”